



Foras na Gaeilge

**Miontuairiscí Chruinnithe Boird Fhoras na Gaeilge
don bhliain 2017**

Dáta	Lch
27 Eanáir	2
24 Feabhra	9
07 Aibreán	41
19 Bealtaine	61
23 Meitheamh	68
21 Iúil	75
23 Lúnasa	81
22 Meán Fómhair	83
3 Samhain	97
8 Nollaig	117

Miontuairiscí ón 151ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 27 Eanáir 2017 i gceannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath.

I láthair: P. Ó Gallchóir (Cathaoirleach) B. Ó Muirí (Leas-Chathaoirleach), S. M. Ó Domhnaill, B. Ní Chofaigh, G. McElwain, S. Ó Coistealbha, S. Ó hArgáin, C. McGuinness (d'imigh i ndiaidh an tseisiúin oiliúna), M. Ní Chonghaile, M. Ní Neachtain, M. Farrell, S. Ní Chéidigh agus N. Ó Gallochobhair.

Ag freastal: S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí, S. Ó hEidhin agus S. Uí Choinne.

01.151 FÁILTE ÓN CHATHAOIRLEACH AGUS CUR IN AITHNE AG COMHALTAÍ

Chuir Cathaoirleach an Bhoird fáilte roimh na comhaltaí chuig an gcéad chruinniú den Bhord úr. Chuir sé in iúl gurb iad na tosaíochtaí a bhí aige mar Chathaoirleach ná:

- caidreamh leis an bpobal,
- an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge,
- plean leanúnach margaióchta, agus
- ceannáras úr d'Fhoras na Gaeilge.

Chuir sé in iúl gur theastaigh uaidh go mbeadh an Bord agus an fhoireann ag obair le chéile go héifeachtach.

Thug gach comhalta cur síos gairid orthu féin, ar a dtaithe agus ar a gcúlra.

02.151 SEISIÚN OILIÚNA LE D. NICHOLL AR RIALACHAS CORPARÁIDEACH AGUS AR FHEIDHMIÚ AN BHOIRD .

Thug D. Nicholl ó OnBoard Training cur i láthair ar ról Chomhalta Boird, rialachas corparáideach agus ar fheidhmiú an Bhoird. D'fhág S. Ó Coistealbha an cruinniú don mhír seo amháin.

02.151 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Thagair an Cathaoirleach don chleachtas maidir le nochtadh coimhlintí leasa ag tús an chruinnithe Boird nó lena linn agus mhínigh sé go gcaithfí a chlárú cad é an choimhlint leasa atá i gceist. Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 8 agus 9 Nollaig 2016 agus shínigh an Cathaoirleach iad.

Rinne an Príomhfheidhmeannach soiléiriú ar roinnt ceisteanna ag éirí as na miontuairiscí agus rinneadh plé orthu: An tuairisc ón gCoiste Achomhairc, Seoladh an Fhoclóra, Próifíl Fhoras na Gaeilge le linn Sheachtain na Gaeilge, litir chuig an CATT maidir le hainmniúcháin ar an mBord, treoir oifigiúil ó na Ranna faoin mbuiséad, plean gnó agus faoin ráta malairte, cruinniú le K. Licken, Ard-Rúnaí nua na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe & Gaeltachta.

03.151 TUAIRISC NA hARDHBAINISTÍOCHTA

Scaipeadh cóip uasdátaithe de thuairisc na hardbhainistíochta agus chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl:

- Gur ceadaíodh maoiniú breise ón REOGRTG ar na tograí seo a leanas in 2016:

TIONSCADAL	MÉID
Cnapshuimeanna pinsean bhreise	€109,916
Bille le hóc chuig IDM	€48,000
Fearas ríomhaireachta	€20,000
Ábhar bolscaireachta / poiblíochta	€20,000
Pacáiste Tacaíochta do Sceim Phíolóta Tacaíochta do theaghlaigh Gaelscolaíochta	€14,000
STEAM Education Ltd	€12,000
Tacaíocht don réamhscolaíocht	€8,300
National Student Media Awards 2017 (Smedias)	€6,765
Bogearraí/Cruaearraí don Ghúm	€6,700
Billí gairmiúla	€6,000
Urraíocht ar shoilse Nollag do Chultúrlann McAdaim Ó Flaich	€5,000
Craoladh beo den chlár 'Bláthnaid Libh' ó Aerfort Bhaile Átha Cliath	€4,000
IOMLÁN	€260,681

Iarradh ar an bhFeidhmeannas athbhreithniú a dhéanamh ar na córais atá in áit chun tionscadail den chineál seo a shainaitint.

- Gur fhógair an REOGRTG roimh an Nollaig €1m sa bhreis d'Fhoras na Gaeilge don bhliain 2017. Luadh costais a bhaineann le cóiríocht oifige i mBÁC sa phreasráiteas a d'eisigh an Roinn. Tá mionsonraí á lorg ina leith sin go fóill. Beidh moltaí le tabhairt chuig cruinniú mhí Feabhra.
- Go raibh cruinniú ann den Choiste Ardleibhéil Oideachais don Straitéis 20 Bliain. Rinneadh plé ar fheidhmiú an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta.
- Go raibh an dara cruinniú ann leis na soláthraithe oiliúint tosaigh múinteoirí bunscoile ó dheas le plé a dhéanamh leo faoi chaighdeán Gaeilge na múinteoirí nuacháilithe bunscoile. Tá dhá chruinniú eile beartaithe agus tuairisc le hullmhú don ROS agus don Chomhairle Múinteoireachta.
- Go raibh ceardlann oiliúna agus faisnéise ag baill foirne na 6 Cheanneagraíocht agus na baill foirne i bhForas na Gaeilge a bhíonn a plé leo, in Ionad Óige na Éireann, Droim Rí. Bhí 60 i láthair.
- Go raibh cruinniú ag an PF agus C. Ní Chathail ón Stiúrthóireacht Seirbhísí Oideachais leis an Aire Sláinte ó thuaidh Michelle O'Neill CTR i leith rialacháin a bhaineann le soláthair réamhscolaíochta ó thuaidh.

- Go raibh cruinniú againn le hoifigigh ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige faoi mhaoiniú a chur ar fáil do Ghaeloideachas agus faoin tacaíocht a chuirtear ar fáil do sholáthar trí Ghaeilge.
- Go raibh cruinniú cúirtéise ag an PF le hUachtarán na hÉireann. Tá moltaí iarrtha ag oifig an Uachtaráin faoi bhealaí a dtig leis an oifig agus an Uachtarán tacú le hobair Fhoras na Gaeilge.
- Go raibh cruinnithe seo a leanas ag an PF:
 1. Seosamh Ó hAghmaill, Ard-Rúnaí REOGGRTG – cruinniú cúirtéise;
 2. Ceannasaí Chonradh na Gaeilge – maoiniú breise 2017;
 3. Coiste Forbartha Charn Tóchair, Doire – pleananna forbartha don cheantar agus cúrsaí maoinithe;
 4. Cultúrlann Uí Chanáin, Doire – pleananna forbartha an ionaid;
 5. Stiúrthóir na Gaeilge, REOGRTG, Aodhán Mac Cormaic;
 6. Príomhoifigeach le freagracht as an nGaeilge, An RP, Joanna McConway.
- Gur iarradh cruinnithe don Phríomhfheidhmeannach agus don Chathaoirleach leis an Aire Pobal agus leis an Aire Oideachais ó thuaidh. Tá dáta á shocrú don chruinniú leis an Aire Pobal.
- Cuntais 2015 – Go raibh an teastas a bhaineann le cuntais 2015 ón Ard-Reachtair faighte. Beidh aistriúchán agus comhdhlúthú le déanamh idir seo agus mí an Mháirta le go mbeidh an tuarascáil bhliantúil don Fhoras Teanga réidh le leagan os comhair Thithe an Oireachtais agus an Tionóil.
- Gur cuireadh an cruinniú den CATT (Comhairle Aireachta Thuaidh Theas) ar ceal. Tá comhairle iarrtha ar na ranna i leith cinní a bhí le déanamh ar an gcruinniú sin: críoch leis an bhFoclóir; faomhadh Phlean Gnó 2017. Níl treoir oifigiúil faighte i leith Bhuiséad 2017, an ráta malairte ná i leith an Phlean Chorparáidigh 2017-2019. Tá litir curtha chuig na Ranna ag lorg uasdátú ar an gceist.
- Gur thosaigh Donncha Ó Cróinín i bpost an Phríomhthéarmeolaí.
- Foclóir: Go raibh ábhar íomlán an fhoclóra nua Béarla-Gaeilge beo ar líne anois, 140k aonad céille (thart ar 48k ceannfhocal). Is 90k aonad céille an sprioc a bhí luaite leis an tionscadal ag an tús. Bhain 1.2 milliún duine úsáid as an suíomh le linn 2016 agus chuardaigh siad 12.5 milliún leathanach.
- Nár éirigh leis an achomharc a bhí iarrtha ag Comhalta Boird a bhí ar fionraí ón mBord. Bhí beirt neamhspleácha ceaptha le tabhairt faoin achomharc. Tá gearán déanta ag an iar-chomhalta sin anois le Fear an Phobail ó dheas. Fuair muid comhfhreagras ó Oifig an Choimisinéara Teanga ag éirí as gearán atá déanta ag an iar-chomhalta céanna gur dhiúltaigh Foras na Gaeilge plé leis i mBéarla (iarratas a bhí déanta aige le riar ar a dhlíodóir féin). Tá freagra curtha chucu, á chur in iúl de bharr go bhfuil clásal i reachtaíocht bhunaithe Fhoras na Gaeilge a chuireann iachall ar Fhoras na Gaeilge a ghnóthaí inmheánacha a dhéanamh trí Ghaeilge, nár fhéad muid plé leis an gcomhalta Boird i mBéarla, ach go raibh muid toilteanach plé le comhfhreagras óna dhíodóir i mBéarla.
- Nach raibh an meamram comhthuisceana idir FnaG, COGG agus Coláiste Ollscoile Naomh Muire i leith comhoibriú ar sholáthar áiseanna don ghaeloideachas sínithe go fóill.
- Gur craoladh an chéad chlár den tsraith nua atá urraithe ag Foras na Gaeilge, ‘Léirmheas Leabhar’ ar TG4 ar an gCéadaoin, 25 Eanáir ar 7.30i.n.
- Gur ghlac Siuán Ní Mhaoinigh leis an gceapachán mar Chathaoirleach ar an bhFóram Forbartha Teanga.

- Go raibh an SSF É. Ó hArgáin i láthair ag an Iveagh Cultural Exchange sa Roinn Gnóthaí Eachachtra agus Trádála ar an 20 Nollaig thar cheann Fhoras na Gaeilge le bualadh leis na hAmbasadóirí a bhí sa bhaile don Nollaig.
- Go bhfógrófar post an Leas-Phríomhfheidhmeannaigh an tseachtain seo chugainn – ag súil le hagallaimh i mí an Mhárta. De réir an déanmhais le haghaidh Bord Agallaimh i bhForas na Gaeilge, beidh Cathaoirleach an Bhoird, An Príomhfheidhmeannach agus triúr neamhspleácha eile, agus Breathnóir neamhspleách ar an mBord Agallaimh. (Uasmhéid 6)
- Go raibh Katherine Licken ceaptha ina hArd-Rúnaí ar REOGRGTG i gcomharbacht ar Sheosamh Ó hÁghmaill.
- Go raibh Treasa Kirk ceaptha mar cheanasaí ar an Aonad don Oideachas Gaeltachta sa Roinn Oideachais agus Scileanna.
- Gur seoladh Plean Gníomhaíochta d’Fhorbairt Tuaithe i mBaile Uí Mhatháin, Longfort – tá FnaG luaite ann.

04.151 BALLRAÍOCHT CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE

Scaipeadh cáipéis maidir le ballraíocht ar na coistí éagsúla agus bhí plé ina leith. Míníodh go ndéanfaí athbhreithniú ar an mballraíocht i ndiaidh bliana. Aontaíodh ar roinnt leasuithe ar an mballraíocht le go mbeidh mná mar Chathaoirligh ar roinnt coistí chun cothromaíocht inscne a chinntiú. Ghlac an Bord leis an mballraíocht leasaithe (**Aguisín 1**). Aontaíodh go gcuirfí téarmaí tagartha na gcoistí éagsúla ar fáil do chomhaltaí.

Ardaíodh ceist cé acu ba chóir Choiste an Fhoclóra a bhunú in athuair. Cuireadh in iúl go gcuirtear tuairiscí ráithiúla ar an bhFoclóir ar fáil don Choiste Forbartha agus go mbeidh cúrsaí foclóireachta mar mhír sheasta ar chlár na gcruinnithe sin. Iarradh ar an mBord moltaí a chur ar fáil don fheidhmeannas maidir le ról Coiste Foclóra agus go mbeadh moladh don chéad chruinniú Boird eile ina leith.

05.151 DATAÍ NA gCRUINNITHE BOIRD DO 2017

Ghlac an Bord leis na dátaí do na cruinnithe Boird go deireadh 2017 (**Aguisín 2**). Iarradh go scaipfí cuireadh leictreonach dialainne ar na comhaltaí Boird mar eolas.

06.151 RÁITEAS CAITEACHAIS

Nótáil an Bord an ráiteachas caiteachais ó 1 Eanáir go 31 Nollaig 2016. Pléadh an fhorbairt leanúnach ar Shéideán Sí agus an tábhacht lena chinntiú go mbeadh sé ar chomhchéim le cláir eile léitheoireachta a bhíodhas a sholáthar ar bhonn tráchtála. Cuireadh in iúl go raibh cás gnó á ullmhú faoi láthair le cur faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le maoiniú le haghaidh fhorbairt Shéideán Sí. Aontaíodh go gcuirfí achoimre den chás gnó ar fáil.

07.151 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE HIARRATAIS AR DHEONTAIS

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

08.151 COMHFHREAGRAS

Cuireadh in iúl go bhfuarthas comhfhreagras ó hionadaithe SIPTU roimh an Nollaig maidir leis an Lámhleabhar Foirne agus tagairt sna miontuairiscí Boird ar 20 Bealtaine 2016 ina leith. Aontaíodh go leasófaí na miontuairiscí de réir mar a bhí molta sa litir agus go gcuirfeadh Rúnaí an Bhoird sin in iúl d’ionadaithe SIPTU.

Cuireadh in iúl go raibh comhfhreagras faighte ó Tuairisc.ie ag iarraidh cur i láthair a thabhairt don Bhord ach d'aontaigh an Bord nach mbeadh sin feiliúnach mar go bhféadfadh coimhlintí leasa teacht chun cinn dá bharr. Aontaíodh go gcuirfí tuairisc sé mhí Thuairisc.ie ar fáil don Bhord mar eolas.

09.151 AON GHNÓ EILE

Cuireadh in iúl go raibh comhfhreagras faighte ag an gCathaoirleach ar 9 Eanáir ó bhall foirne maidir leis an bpróiseas a bhíothas a leanúint le teacht ar chóiríocht oifige i mBaile Átha Cliath mar nochtadh cosanta faoin bpolasaí sceithreachta. Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh cruinniú cúirtéise aige leis an mball foirne agus go raibh an Príomhfheidhmeannach agus Rúnaí an Bhoird in éineacht leis. Chuir an Cathaoirleach in iúl gur iarr sé féin tuairisc ón bPríomhfheidhmeannach agus ón Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha i leith an phróisis ag dul siar go 2013, bunaithe ar buarthaí a bhí léirithe ag an mball foirne, agus bunaithe ar an tuairisc a cuireadh ar fáil dó go raibh sé féin sásta nach raibh ceist ar bith ann i leith an phróisis ná i leith na mbuarthaí a bhí léirithe ag an mball foirne. Mhol sé go gcuirfí an tuairisc sin faoi bhráid an Choiste Iniúchta anois agus go ndéanfadh an Coiste Iniúchta tuairisciú ar ais don Bhord dá réir.

Ardaíodh ceist faoin mhír a bhí ar Nuacht TG4 agus an tagairt do litir a cuireadh chuig Oifig na nOibreacha Poiblí agus mhínigh an Cathaoirleach gur litir phríobháideach a bhí inti nár chóir a scaipeadh níos leithne ná na daoine ar cuireadh cóip chucu go dlísteanaich.

Scaip an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha tuairisc ar an mBord maidir le cóiríocht oifige i mBaile Átha Cliath, aiseolas na foirne ina leith agus na céimeanna sa phróiseas. Iarradh ar an bhfeidhmeannas iarracht a dhéanamh a chinntiú go mbíonn cáipéisí faighte ag an mBord roimh na cruinnithe feasta. Míníodh gur réamhamharc a bhí sa cháipéis ar thuairisc níos iomláine a bheadh ag dul amach leis na cáipéisí Boird do chruinniú Boird mhí Feabhra. Bhí plé ar cheist na cóiríochta oifige i mBaile Átha Cliath, agus ar bhuarthaí cuid de na baill foirne a bhí lonnaithe sna hoifigí i gCearnóg Mhuirfean faoi shábháilteacht an cheantair a raibh oifigí á mbreathnú ann faoi láthair. Aontaíodh gur ceist í leas, sábháilteacht agus tuairimí na mball foirne sa dá oifig i mBaile Átha Cliath don fheidhmeannas go príomha. Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go raibh sé ag éisteacht go cúramach leis na buarthaí ar fad, go mbeadh dualgas air leas gearrthéarmach agus fadtéarmach iomlán na foirne, na heagraíochta agus na Gaeilge a chur san áireamh agus moladh á dhéanamh i leith cóiríocht oifige don Bhord.

Scaipeadh clár ama do na ceardlanna feasachta mar eolas don Bhord agus iarradh ar chomhaltáí iarracht a dhéanamh freastal ar cheardlann amháin

Pól Ó Gallchóir
Cathaoirleach
24 Feabhra 2017

Moltaí do Choistí Fhoras na Gaeilge 2017

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1 & 6 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Moladh maidir le cruinnithe Boird i 2017

Dé hAoine, 27 Eanáir	Baile Átha Cliath
Dé hAoine, 24 Feabhra	Oifig Mhisean Bhéal Feirste Thoir, Béal Feirste
Dé hAoine, 7 Aibreán	Baile Átha Cliath
De hAoine, 19 Bealtaine	Béal Feirste
Dé hAoine, 23 Meitheamh	Oifig Údarás na Gaeltachta, Gaoth Dobhair
Dé hAoine 21 Iúil	Béal Feirste
Dé hAoine, 22 Meán Fómhair	Baile Átha Cliath
Dé hAoine, 3 Samhain	Cill Airne (Oireachtas na Gaeilge)
Dé hAoine, 8 Nollaig	Béal Feirste

Miontuairiscí ón 152ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 24 Feabhra 2017 in oifig Mhisean Bhéal Feirste Thoir, Béal Feirste.

I láthair: P. Ó Gallchóir (Cathaoirleach) B. Ó Muirí (Leas-Chathaoirleach), S. M. Ó Domhnaill, G. McElwain, S. Ó Coistealbha, S. Ó hArgáin, M. Ní Chonghaile, M. Ní Neachtain, M. Farrell, S. Ní Chéidigh agus N. Ó Gallochobhair.

Leithscéal: B. Ní Chofaigh agus C. McGuinness.

Ag freastal: S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí, S. Ó hEidhin agus S. Uí Choinne.

Tháinig Linda Ervine roimh thús an chruinnithe agus thug sí cur i láthair ar obair Mhisean Bhéal Feirste Thoir don Bhord. Ghabh an Bord buíochas léi agus d'fhág sí an cruinniú.

01.152 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 27 Eanáir 2017 agus shínigh an Cathaoirleach iad. Chuir an Cathaoirleach in iúl don Bhord go gcaithfí a bheith airdeallach agus cloí leis an Chód Iompair. Ardaíodh ceist maidir le scaipeadh dréacht-mhiontuairiscí roimh an chruinniú Boird. Chuir an Cathaoirleach in iúl go mbeadh leasuithe ar na miontuairiscí le déanamh ar lá an chéad chruinnithe Boird eile.

Pléadh ballraíocht agus téarmaí tagartha na gcoistí éagsúla agus iarradh treoir ghinearálta a chur ar fáil maidir leis na baill foirne a bhíonn ag freastal ar chruinnithe coistí, minicíocht na gcruinnithe agus cúrsaí rúnaíochta. D'iarr S. Ó Coistealbha go ndéanfaí a nótáil sna miontuairiscí gur fhág sé an seisiún oiliúna ar 27 Eanáir ó tharla go raibh an seisiún trí mheán an Bhéarla. Chuir an Príomhfheidhmeannach eolas ar fáil don Bhord maidir leis an phainéal agallóireachta do phost an Leas-Phríomhfheidhmeannaigh/Stiúrthóra Seirbhísí Oideachais. Cuireadh i gcuimhne don fheidhmeannas go raibh dáta na litreach a chuir an Roinn maidir le maoiniú breise le cur ar fáil don Bhord go fóill. Aontaíodh go gcuirfí an dáta sin ar fáil.

Iarradh ar na comhaltaí an dearbhú maidir le hAon Duine Aon Tuarastal a chur ar ais mar aon le beathaisnéis don suíomh Idirlín.

02.152 COIMHLINT LEASA

Chuir an Cathaoirleach ceist ar an Bhord an raibh aon choimhlint leasa le nochtadh ag aon duine agus gur cheart sin a dhéanamh ag tús an chruinnithe nó le linn an chruinnithe, de réir mar ba ghá. Ní raibh aon choimhlint leasa le nochtadh.

03.152 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl:

- Go raibh na ceardlanna feasachta faoi lán seoil agus aiseolas an-mhaith ag teacht uathu ón lucht freastail. <http://www.forasnagaeilge.ie/camchuart/>
- Go raibh Foras na Gaeilge rannpháirteach in aonach GradIreland ar an 8 Feabhra– aonach le slite beatha do chéimithe a chur chun cinn. Seoladh 4 fhíseán lena linn ar shlí beatha le Gaeilge. Chuir B. Ní Chofaigh painéal plé i láthair ar an lá agus bhí dhá sheastán ag Foras na Gaeilge ag an ócáid.

Rinneadh comhoibriú le heagraíochtaí Gaeilge agus le coláistí 3^ú leibhéal le heolas a chur ar fáil do mhic léinn ollscoile agus daltaí meánscoile ar an lá. Cuireadh fiseáin d'agallaimh le daoine óga atá ag obair trí mheán na Gaeilge agus treoirleabhar ar ghairmeacha le Gaeilge ar fáil ar líne. Fuarthas aiseolas an-dearfach faoin tionscadal seo ó shin.

<https://gradireland.com/sites/gradireland.com/files/public/Your-career-with-Irish.pdf>

<https://gradireland.com/get-started-fyi/gaeilge>

- Go ndearnadh haiceáil ar an suíomh gréasáin www.forasnagaeilge.ie. Níor baineadh de shlándáil riarachán inmheánach Fhoras na Gaeilge, agus ní bhfuarthas rochtain ar shonraí príobháideacha duine ar bith. Tá treoir faighte ón chomhlacht óstála faoi nithe breise is féidir a dhéanamh le muid a chosaint air seo, cé nach mbeidh cosaint iomlán i gceist in am ar bith. Beidh na céimeanna seo a leanas á nglacadh:
 - Cuirfear srian ar líon na seoltaí IP a mbeidh rochtain acu ar chóras Wordpress na suíomhanna;
 - Tá pasfhocal na n-úsáideoirí athraithe agus tá siad anois níos casta agus níos faide;
 - Beidh monatóireacht leanúnach á dhéanamh ar na suíomhanna.
- Moladh gurbh fhiú traenáil a chur ar fáil don fhoireann faoi chúrsaí haiceála agus gurbh fhiú meabhrú a scaipeadh ag iarraidh ar fhostaithe bheith ag faire amach.
- Go raibh cruinniú monatóireachta ráithiúil ag an fheidhmeannas leis na Ranna Urraíochta ar an 20 Feabhra.
- Go raibh cruinniú ag an PF agus an Stiúrthóir SFF&T leis an Aire Airgeadais ó thuaidh faoi cheisteanna ar Dhaonáireamh 2021.
- Go raibh cruinniú cúirtéise ag an Chathaoirleach, an PF, agus an Rúnaí leis an Taoiseach Enda Kenny, T.D. ar an 21 Feabhra nuair a pléadh Éire Ildánach, an Plean Gníomhaíocht um Fhorbairt Tuaithe agus Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge.
- Cuntais 2015 – Go raibh tús curtha le hobair aistriúcháin agus leis an chomhdhlúthú le go mbeidh an tuarascáil bhliantúil an Fhorais Teanga réidh le leagan os comhair Thithe an Oireachtais agus an Tionóil. Tá plé ar siúl leis an ARC&C maidir leis an litir bhainistíochta.
- Go raibh an PF i láthair ar sheoladh leabhair in ómós do Shéamus Mac Géidigh, craoltóir le RnaG agus gníomhaí pobail i nGaeltacht Chloich Cheann Fhaola a fuair bás in 2016.
- Gurb é an 2 Márta an dáta druidte le haghaidh iarratas do phost an Leas-Phríomhfheidhmeannaigh/Stiúrthóra Seirbhísí Oideachais - <http://www.forasnagaeilge.ie/foluntas-post-buan-mar-leas-phriomhfheidhmeannach-ar-fhoras-na-gaeilge-beal-feirste/>
- Go raibh tús curtha le cás gnó don straitéis foclóireachta.
- Gur bhuaigh an nuachtán Gaeilge ar líne, tuairisc.ie Gradam Mhic Con Míde na Gaeilge 2016 agus gur bronnadh an gradam orthu ag ócáid i bPáirc an Chrócaigh ar an 17 Feabhra. Tá Foras na Gaeilge ag cur deontas-i-gcabhair ar fáil do tuairisc.ie ó bunaíodh é mar chuid de chomórtas oscailte in 2014.

- Gur fógraíodh glao ar iarratais le haghaidh socrúchán cruthaitheach liteartha 8 seachtaine (Samhradh 2017) sa Mhacadóin do scríbhneoir Gaeilge mar chuid den tionscadal Focail Eile.
- Gur bhuaill an Príomhfheidhmeannach agus an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha le Príomhfheidhmeannach TG4 ar an 15 Feabhra le plé a dhéanamh ar chomhpháirtíocht idir an dá eagraíocht go háirithe maidir leis an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge.
- Moladh maidir le Ballraíocht an Choiste Téarmaíochta, 13 Márta 2017 – 12 Márta 2020

Tá na baill reatha ar fad sásta feidhmiú ar feadh téarma eile ar an Choiste agus mar sin níl aon ainmniúchán nua ann.

Luaitear an foras ainmniúcháin i gcás baill *ex officio*.

Dr Diarmuid Ó Sé

Donla uí Bhraonáin

Dr Donncha Ó Mathúna

Dr Éamonn Ó hÓgáin

Fidelma Ní Ghallchobhair

An tOllamh Dónall Ó Baoill

Dr Dónal Ó Muirthuile

Máire Feiritéar

Domhnall Mac Síthigh

Andreas Vogel

Dr Eithne Ní Ghallchobhair

Dr Pádraig Ó Mianáin (*ex officio*: FNBG, Foras na Gaeilge)

Seosamh Ó Murchú (*ex officio*: An Gúm, Foras na Gaeilge)

Eibhlín Nic Gearailt (*ex officio*: CCEA)

Eoin Ó Droighneáin (*ex officio*: Acadamh na hOllscolaíochta, OÉG)

Gearóid Ó Cleircín (*ex officio*: Fiontar DCU)

Máirín Ní Mhárta nó Shanna Ní Rabhartaigh (*ex officio*: REOG)

Seán Ó Dubhda (*ex officio*: Rannóg an Aistriúcháin)

Austin Ó Duibh (*ex officio*: An Coimisiún Eorpach)

Cathal Mac Gabhann nó Róisín Ní Dhuibhir (*ex officio*: Ardrúnaíocht

Chomhairle na nAirí)

Labhrás Ó Finneadha (*ex officio*: Parlaimint na hEorpa)

Oilibhéar de Búrca (*ex officio*: Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna).

- Ghlac an Bord leis an mholadh maidir le ballraíocht an Choiste Téarmaíochta 13 Márta 2017 go 12 Márta 2020.

Mhol B. Ó Muirí go mbeadh cruinnithe an Choiste Forbartha ar siúl an oíche roimh an chruinniú Boird feasta agus mhol Cathaoirleach an Choiste amhlaidh. Cuireadh in iúl go bhféadfaí sin a dhéanamh ach nach mbeadh an t-am ag an Choiste cáipéisí a chur faoi bhráid an chruinnithe Boird an lá dar gcionn áfach. Ardaíodh ceist an raibh dearbhú leasa comhlánaithe ag baill sheachtracha an Choiste Iniúchta, agus riosca ann dá réir sin. Cuireadh in iúl go n-iarrfaí dearbhú ar na baill sheachtracha go luath.

04.152 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE

Coiste na nDeontas

Ghlac an Bord leis an doiciméad comhairliúcháin maidir le Scéim na nOifigeach Gaeilge agus aontaíodh go mbeadh an próiseas comhairliúcháin ag tosú ar 3 Márta (**Aguisín 1**). Ghlac an Bord leis an mholadh maidir le scéim miondeontas le haghaidh forbairt tionscadal agus comhpháirtíochtaí de chuid Cholmille (**Aguisín 2**). Nótáil an Bord an dá nóta eolais ó Chumann na bhFiann agus ó Ghaeloideachas (**Aguisín 3**). Nótáil an Bord an nóta eolais maidir le Scéim na nOidí (**Aguisín 4**).

Ainm an Iarratasóra	Uimh. Thagartha	Méid iarrtha	Méid molta
Cumann na bhFoilsitheoirí	1701002	€240,000	€240,000

Ghlac an Bord leis an mholadh €240,000 a chur ar fáil do Chumann na bhFoilsitheoirí, ón Scéim le Tacaíocht Margaíochta a Sholáthar d'Earnáil na Foilsitheoireachta Ghaeilge, thar thréimhse trí bliana agus go mbeadh buiséad bhliain 2 ag brath ar thorthaí sásúla ó phlean oibre bhliain 1, agus buiséad bhliain 3 ag brath ar thorthaí sásúla ó bhliain 2. Aontaíodh go n-iarrfaí tuairiscí leathbhliantúla ar an dul chun cinn ar Chumann na bhFoilsitheoirí Gaeilge.

Cuireadh in iúl nach raibh briseadh síos ar an chaiteachas ar fáil ag cruinniú Choiste na nDeontas ach gur cuireadh ar fáil don Choiste ina dhiaidh sin.

Coiste Forbartha

Ní raibh an Cathaoirleach i láthair agus iarradh ar an Leas-Chathaoirleach tuairisc a thabhairt. Chuir Leas-Chathaoirleach an Choiste Forbartha in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste ar 21 Feabhra ag ar pléadh an moladh maidir leis an oifig nua ach gur socraíodh gan cinneadh a dhéanamh go mbeadh eolas breise curtha ar fáil, agus dá réir sin gan moladh a chur ar aghaidh chuig an Bhord.

An Coiste Iniúchta

Chuir Cathaoirleach an Choiste Iniúchta in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste ar 7 Feabhra ag ar pléadh téarmaí tagartha an choiste, plean iniúchta an Iniúcháin Immheánaigh, tuairisc faoi chóiríocht oifige, an clár rioscaí agus na rioscaí úra atá aitheanta. Ghlac an Bord leis an chlár rioscaí.

05.152 RÁITEAS CAITEACHAIS

Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais ó 1 Eanáir go 31 Eanáir 2017 agus an t-ollbhuiséad ó 1 Eanáir go 31 Nollaig 2017. Ghlac an Bord leis an liosta ceangaltas agus le liosta na ndeontas díscríofa. Iarradh figiúirí comparáideacha a chur ar fáil ar feadh thréimhse trí bliana maidir leis na ceangaltas. Cuireadh ceist freisin maidir le maoiniú iomlán Fhoras na Gaeilge agus cuireadh in iúl gur scaipeadh graf ina leith sin cheana féin don thréimhse 2008 go 2016 agus go bhféadfaí sin a scaipeadh arís. Scaip an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha deimhniú ar an Bhord maidir le nochtadh eolais ar chuntais 2016 agus iarradh é a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an fheidhmeannas.

06.152 COMHFHREAGRAS

Níor cuireadh comhfhreagras ar bith faoi bhráid an Bhoird.

07.152 CUR I LÁTHAIR Ó ARDBHAINISTÍOCHT FHORAS NA GAEILGE

Thug an Ardbhainistíocht cur i láthair ar obair gach Stiúrthóireachta don Bhord agus aontaíodh go gcuirfí cóip den chur i láthair ar fáil don Bhord mar eolas. Iarradh cóip den chairt eagraíochtúil a scaipeadh ar an Bhord.

08.152 MOLADH I LEITH OIFIG NUA FHORAS NA GAELIGE

Chuir an Phríomhfheidhmeannach cúlra na míre i láthair ar dtús – cúis an bhogtha, an próiseas ó 2013 ar aghaidh, an teagmháil leis an fhoireann agus an nochtadh cosanta.

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl gur thosaigh an plé faoin bhogadh in 2013 nuair a cuireadh in iúl don fhoireann ar fad go mbeadh gach duine ón dá oifig i mBaile Átha Cliath á dtabhairt le chéile in aon oifig amháin. Chuir sé in iúl go raibh plé leanúnach leis an OPW ó shin i leith agus gur coinníodh an fhoireann ar an eolas faoin easpa dul chun cinn sa chuardach ar bhonn leanúnach.

Chuir sé in iúl gur eascair míthuiscint as cruinniú leis an dá cheardchumann ag cruinniú den Choiste Páirtnéireachta roimh an Nollaig. Ghabh an Príomhfheidhmeannach leithscéal leis an Bhord as an mhíthuiscint sin. Chuir sé in iúl nach raibh aon amhras ann ach go raibh sciar suntasach de bhaill foirne Chearnóg Mhuirfean in éadan an bhogtha, go raibh cuid den fhoireann i gCearnóg Mhuirfean ar a shon, an fhoireann Ardbhainistíochta ina measc sin. Chuir sé in iúl go raibh SIPTU in aghaidh an bhogtha go Sráid Amiens agus go raibh IMPACT ag tacú leis.

Thagair sé don nochtadh cosanta a tuairiscíodh i mí Eanáir agus mhínigh sé gur cuireadh tuairisc ar fáil don Chathaoirleach i leith an phróisis agus go raibh an Cathaoirleach sásta faoi. Chuir sé in iúl go raibh cóip den tuairisc sin curtha ar fáil don dá Roinn Urraíochta agus gur pléadh ag an Choiste Iniúchta ar 7 Feabhra í.

Coiste Iniúchta

Chuir Cathaoirleach an Choiste Iniúchta in iúl go raibh plé fada ag an Choiste Iniúchta i leith na ceiste. Cuireadh in iúl go raibh an tIniúchóir Inmheánach sásta gur cloíodh le dea-chleachtas, agus go raibh fianaise ann go raibh teagmháil agus plé cuí leis an OPW agus go raibh na féidearthachtaí ar fad leis an OPW fiosraithe.

Coiste Forbartha

Chuir Leas-Chathaoirleach an Choiste Forbartha in iúl gur phléigh an Coiste an moladh maidir leis an oifig nua go mion ach mhínigh sí nach raibh iomlán an eolais ag an Choiste ó tharla go raibh cruinniú le bheith ag an Phríomhfheidhmeannach le SIPTU an tráthnóna sin, agus dá bharr sin gur chinn Cathaoirleach an Choiste gurbh fhearr gan moladh a chur ar aghaidh.

Plé ag an Bhord

Rinneadh plé cuimsitheach ar an cheist. Tugadh deis do gach comhalta labhairt. Rinneadh tagairt do na féidearthachtaí a bhain le Cearnóg Mhuirfean, le ceathrú Gaeltachta i mBaile Átha Cliath, agus don chumhdach sna meáin. Aontaíodh gur cheart an Bord a chur ar an eolas láithreach nuair a bhriseann scéalta sna meáin a bhaineann le Foras na Gaeilge feasta. Rinneadh tagairt do bhuarthaí na foirne maidir le sábháilteacht agus moladh go ndéanfaí gach rud ab fhéidir le haghaidh a thabhairt ar na buarthaí sin agus le meanma na foirne a ardú.

Rinne an feidhmeannas soiléiriú ar roinnt pointí. Míníodh go dtabharfadh an léas seasmhacht d'Fhoras na Gaeilge agus don tiarna talún faoi seach agus cuireadh in iúl go mbeadh teorainn le harduithe cíosa le nach mbeadh sé níos airde ná an ráta margaidh. Míníodh go raibh teagmháil déanta le hoifigí eile i gceantar Shráid Amiens

maidir le ceist na sábháilteachta a chuir in iúl nach raibh aon eachtra acu a bhain le sábháilteacht phearsanta seachas roinnt eachtraí gadaíochta ó charranna páirceáilte ar an tsráid, ó bhog siad chuig an cheantar sin (agus cuid acu ann ó 2001).

Rinne an Cathaoirleach achoimriú ar an phlé. Chuir sé in iúl go raibh dearbhú faighte ón Roinn Pobal agus go bhfuiltear ag fanacht le dearbhú teacht ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta go luath.

D'iarr an Cathaoirleach ar an Bhord vóta a chaitheamh i leith na hoifige úire ar Shráid Amiens. Bhí 9 gcomhalta i bhfabhar an mholta agus duine amháin ina éadan. Ghlac an Bord leis an mholadh bogadh go Sráid Amiens ar an gcoinníoll go dtiocfadh an dearbhú ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta.

09.152 CUR I LÁTHAIR Ó NA CEANNEAGRAIÓCHTAÍ

Tháinig B. Ní Ghréacháin agus Y. Ní Mhurchú i láthair an chruinnithe agus thug siad cur i láthair ar obair Ghaeloideachais. Bhí sraith ceisteanna ina dhiaidh. Ghabh an Bord buíochas leo as an chur i láthair agus d'fhág siad an cruinniú.

Tháinig L. Mac Gabhann agus P. Carey i láthair an chruinnithe agus thug siad cur i láthair ar obair Ghlór na nGael. Bhí sraith ceisteanna ina dhiaidh. Ghabh an Bord buíochas leo as an chur i láthair agus d'fhág siad an cruinniú.

Pól Ó Gallchóir
Cathaoirleach
7 Aibreán 2017

Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2017

	27/01/2017	24/02/2017	07/04/2017	19/05/2017	23/06/2017	21/07/2017	22/09/2017	03/11/2017	08/12/2017
Pól Ó Gallchóir	✓	✓							
Seán Mícheál Ó Domhnaill	✓	✓							
Gráinne McElwain	✓	✓							
Bláthnaid Ní Chofaigh	✓	X							
Seán Ó hArgáin	✓	✓							
Seán Ó Coistealbha	✓	✓							
Conor McGuinness	✓	X							
Barra Ó Muirí	✓	✓							
Maighréad Ní Chonghaile	✓	✓							
Mairéad Farrell	✓	✓							
Máire Ní Neachtain	✓	✓							
Sorcha Ní Chéide	✓	✓							
Niall Ó Gallochobhair	✓	✓							

Foras na Gaeilge



**Doiciméad Comhairliúcháin
Feabhra 2017**

**Scéim na nOifigeach Gaeilge sa Rialtas Áitiúil ó
Thuaidh**

Foras na Gaeilge
www.gaeilge.ie

ÁBHAR

1. Réamhrá
2. Staid reatha
3. Measúnú ar thionchair
4. Roghanna eile agus maolú
5. Do thuairimí a lorg
6. Comhairliúchán foirmiúil, cinneadh agus foilsiú torthaí

Cuid 1 Réamhrá

Cuspóir an Chomhairliúcháin

Is é is aidhm don doiciméad comhairliúcháin seo tuairimí a lorg maidir le todhchaí Scéim na nOifigeach Gaeilge sa rialtas áitiúil ó thuaidh.

Tugann an doiciméad comhairliúcháin seo eolas agus cúlra do dhaoine a bhfuiltear ag dul i gcomhairle leo maidir le ról na Gaeilge sa rialtas áitiúil ó thuaidh i gcomhthéacs na gcomhairlí nua agus an deireadh a tháinig le maoiniú tacaíochta do roinnt de na comhairlí faoi Scéim na nOifigeach Gaeilge de chuid Fhoras na Gaeilge.

Ba mhór ag Foras na Gaeilge scéala a fháil ón oiread daoine agus is féidir le linn an chomhairliúcháin seo. Chun cuidiú leis an phróiseas comhairliúcháin seo tugtar thíos anseo cuntas ar mholtaí Fhoras na Gaeilge maidir leis an ról tacaíochta nua is oiriúnaí ar chóir d'Fhoras na Gaeilge a fhorbairt do na comhairlí nuabhunaithe maidir leis an Ghaeilge. Tá ceisteanna thíos anseo fosta ar mhór ag Foras na Gaeilge thú iad a fhreagairt.

Freagairt don chomhairliúchán

Is féidir ceistneoirí comhlánaithe a chur de ríomhphost nó de phost chuig an Chomhordaitheoir Freagairtí thíos le bheith faighte ar dháta nach déanaí ná 13.00 ar an 14 Aibreán. Gheobhaidh tú admháil as d'aighneacht de ríomhphost faoi 2 lá oibre nó i gcóip chrua faoi 5 lá. Mura bhfaigheann tú admháil déan teagmháil linn, le do thoil, ag an uimhir ghutháin.

Iarrtar ort na sonraí seo a leanas a thabhairt:

Ainm:

Ag freagairt thar ceann (más bainteach): eagraíocht

Sonraí

teagmhála:

Comhordaitheoir Freagairtí

Foras na Gaeilge

An Chrannóg

Gaoth Dobhair

Co Dhún na nGall

Comhordaitheoir Freagairtí

Foras na Gaeilge

7 Cearnóg Mhuirfean

Baile Átha Cliath 2

Teil 0749560113

Teil +44 01 639 8400

Ríomhphost: gmauibhrin@forasnagaeilge.ie

Rúndacht agus Saoráil Faisnéise

Foilseoidh **Foras na Gaeilge** achoimre ar na freagairtí tar éis dheireadh an phróisis comhairliúcháin agus féadfaidh sé iad a fhoilsiú ina n-iomláine. Más fearr leat go bpléifear le do fhreagairtí faoi rún inis dúinn le do thoil, ag sonrú na bhfáthanna atá agat. Ach, fiú má iarrann tú go bpléifear le do fhreagairt faoi rún, féadfaidh Foras na Gaeilge a shocrú, nó féadfaidh an Coimisinéir Faisnéise a éileamh ar Fhoras na Gaeilge, do fhreagairt a fhoilsiú ina hiomláine nó cuid di. Glacfar leis nach mbaineann aon séanadh uathoibríoch a ghineann do chóras ríomhaireachta le do fhreagra, ach amháin maidir le faisnéis ar iarradh rúndacht ina leith go sonrath.

Má iarrtar orainn freagraí a nochtadh faoin Chód Cleachtais ar Shaoráil Faisnéise do na comhlachtaí forfheidhmithe thuaidh/theas agus Tourism Ireland, cuirfimid aon iarratas ar rúndacht san áireamh. Ní féidir, áfach, urrús a thabhairt maidir le rúndacht faoi shaoráil faisnéise.

Láimhseálfaimid go cuí sonraí pearsanta a chuirfidh tú ar fáil de réir reachtaíocht a bhaineann le cosaint sonraí.

Le tuilleadh eolais ar rúndacht freagairtí a fháil, déan teagmháil le do thoil le hOifig an Choimisinéara Faisnéise nó féach an láithreán gréasáin ag: www.informationcommissioner.gov.uk nó www.oic.gov.ie

Cuspóir agus comhthéacs

Sa bhliain 2006 bhunaigh Foras na Gaeilge Scéim na nOifigeach Gaeilge do Chomhairlí i dTuaisceart Éireann, bunaithe ar a mhacasamhail de scéim a bhí i bhfeidhm ó dheas faoi Bhord na Gaeilge ó lár na nóchaidí. Faoin scéim seo, cuireadh cómhaoiniú ar fáil le haghaidh tuarastal oifigeach Gaeilge go ceann trí bliana, i gcomhar leis na comhairlí áitiúla ar choinníoll go n-ullmhófaí plean gníomhaíochta don chomhairle i gcomhar le Foras na Gaeilge. D'éirigh leis na comhairlí seo a leanas cómhaoiniú a bhaint amach faoin scéim 2007 – 2010:

- Comhairle Ceantair Mhachaire Fíolta & Comhairle Buirg Léim an Mhadaidh
- Comhairle Buirg Dhún Geanainn & Thír Eoghain Theas agus Comhairle Ceantair na Corra Críochaí
- Comhairle Cathrach Dhoire.

Fógraíodh an dara scéim don tréimhse 2010 – 2013 agus ina dhiaidh sin don tréimhse 2013 – 2016. Is iad na cúig chomhairle chéanna a bhí ag feidhmiú faoin scéim go dtí gur athraíodh teorainneacha na gcomhairlí faoin Athbhreithniú ar Riarachán Poiblí ó thuaidh.

Tá réimse leathan seirbhísí Gaeilge curtha ar fáil don phobal agus d'fhoireann na gComhairlí ó cuireadh tús leis an scéim in 2006. Is samplaí iad seo thíos de na tionscnaimh a bunaíodh de bharr na scéime:

- Clár oiliúna theagasc na Gaeilge d'oibrithe na gcomhairlí;
- Clár imeachtaí agus gníomhaíochtaí cultúrtha;
- Comhairle agus tacaíocht d'oibrithe na gcomhairlí agus don phobal a bhíonn ag éileamh seirbhísí trí Ghaeilge; agus
- Seirbhísí aistriúcháin inmheánacha.

Lena chois sin, faoin scéim tugtar aitheantas don teanga ar fud na gcomhairlí trí eolas agus sheirbhísí cuimsitheacha i nGaeilge a chur ar fáil, agus trí réimse oibre nach mbeadh déanta murach ceapacháin na n-oifigeach Gaeilge sna comhairlí áitiúla.

Tá cuid mhaith den mhéid a dhéantar ag leibhéal rialtais aitiúil le tacú leis an Ghaeilge agus le seirbhísí a chur ar fáil do phobal na Gaeilge i gceantar comhairlí bunaithe ar an Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh agus ar shocruithe áitiúla. Ó shínigh rialtas na Ríochta Aontaithe an Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh in 2001, tá dualgas ar chomhairlí áitiúla ó thuaidh tabhairt faoi threisiú na Gaeilge taobh istigh den chomhairle agus i gceantar na Comhairle. Chuige sin d'eisigh Foras na Gaeilge Treoircháipéis maidir le Seirbhísí Gaeilge sa Rialtas Áitiúil. Is féidir teacht ar an treoircháipéis anseo. (nasc)

De réir Airteagal 7 den Chairt is ar na prionsabail agus na cuspóirí seo a leanas a bhunóidh páirtithe (comhairlí áitiúla sa chás seo) a gcuid beartas, a gcuid polasaithe agus a gcuid cleachtas:

1.

(c) an riachtanas atá le gníomhaíocht dhiongbháilte d'fhonn teangacha réigiúnacha nó mionlaigh a chur ar aghaidh ar mhaithe lena gcoimirciú (i.e. lena gcosaint agus a gcumhdach);

(d) úsáid teangacha réigiúnacha nó mionlaigh sa chaint agus i scríbhinn a éascú agus/nó a chothú, sa saol poiblí agus príobháideach;

Déanann Coiste Saineolaithe Chomhairle na hEorpa (COMEX) imscrúdú ar a bhfuil bainte amach ag comhairlí áitiúla maidir lena gcuid oibleagáidí faoin Chairt Eorpach.

Tá polasaí Gaeilge ag roinnt comhairlí agus, de ghnáth, cuimsíonn na polasaithe sin na gnéithe seo a leanas:

- féiniúlacht chorparáideach;
- comhfhreagras;
- cumarsáid teileafóin;
- foilseacháin agus ríomheolas;
- teagmháil leis na meáin Ghaeilge;
- léiriúcháin/ócáidí poiblí;

- imeachtaí;
- comharthaíocht agus infheictheacht;
- maoiniú.

Cuidíonn Scéim Oifigeach Gaeilge Fhoras na Gaeilge le Comhairlí áitiúla chun:

- ceannaireacht chathartha a chur ar fáil i gcur chun cinn na Gaeilge;
- seirbhísí Gaeilge agus eolas trí Gaeilge a chur ar fáil;
- an Ghaeilge a chur chun cinn go feiceálach mar fhíormhodh cumarsáide;
- feasacht ar an Ghaeilge agus ar phobal na Gaeilge a ardú;
- meas ar éagsúlacht teanga agus cultúir a chothú i measc an phobail;
- a chinntiú go gcuirtear bearta oiriúnacha i bhfeidhm le dul i ngleic lena dualgais faoin Chairt Eorpach, faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta agus faoin Straitéis do Theangacha Réigiúnacha nó faoin Bhille/Acht Gaeilge a fhéadfaidh a bheith ann amach anseo;
- comhairle a thabhairt maidir le feabhsúcháin seirbhíse atá indéanta nuair a bhíonn íogaireacht faoi theangacha eile i gcultúr na heagraíochta;
- tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do phobal na Gaeilge chun úsáid a bhaint as an Ghaeilge nuair a bhíonn siad ag plé le Comhairlí agus cur le féinmhuinín an phobail maidir le seirbhísí a éileamh;
- cuidiú leis an Chomhairle chun cur le cumas na foirne seirbhísí a chur ar fáil do phobal na Gaeilge trí Ghaeilge;
- a chinntiú go mbeidh pointe teagmhála/cumarsáide lárnach ann sa chomhairle do Ghaeilgeoirí lena chinntiú go mbíonn pobal na Gaeilge in ann seirbhísí a éileamh;
- cuidiú gníomhaíochtaí Gaeilge sa cheantar a chomhordú;
- stádas na Gaeilge a ardú laistigh den Chomhairle mar eagraíocht agus ar fud cheantar na Comhairle;
- an teanga a normalú agus a phríomhshruthú;
- a chinntiú go gcosnaítear an teanga, go gcuirtear chun cinn í agus go ndéantar í a cheiliúradh i ngach aon ghné de shaol an phobail;
- a bheith ina heiseamláir dhea-chleachtais le haghaidh eagraíochtaí eile lena spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid ina n-obair féin;

- comhpháirtíocht le hearnáil na Gaeilge a spreagadh.

Clár ama

Is é an spriocdháta le tairiscintí a fháil 13.00 ar an 14 Aibreán 2017.

Comhionannas Deiseanna

Tugann an rannán seo an cúlra le cruthú agus cuspóir an doiciméid seo.

Éilíonn Alt 75 den *Northern Ireland Act* 1998 ar Fhoras na Gaeilge, agus é ag cur a chuid feidhmeanna de láimh, aird chuí a bheith aige ar chomhionannas deiseanna:

- idir daoine nach ionann creideamh reiligiúnach, tuairim pholaitiúil, cine, aois, stádas pósta nó claonadh gnéis dóibh;
- idir fir agus mná go ginearálta;
- idir daoine a bhfuil míchumas acu agus daoine nach bhfuil;
- idir daoine a bhfuil cleithiúnaithe acu agus daoine nach bhfuil.

Chomh maith leis sin, gan dochar dá oibligeáidí thuas, ní mór d'Fhoras na Gaeilge aird a bheith aige ar a inmhianaithe agus atá sé dea-chaidreamh a chur chun cinn idir daoine nach ionann creideamh reiligiúnach, tuairim pholaitiúil nó grúpa cine dóibh.

Tá Foras na Gaeilge go hiomlán tiomanta cloí le riachtanais reachtúla alt 75 an *Northern Ireland Act* 1998.

Faoi alt 49A den *Disability Discrimination Act* 1995 (DDA 1995) (mar atá leasaithe ag an *Disability Discrimination (Northern Ireland) Order* 2006), éilítear ar Fhoras na Gaeilge, agus é ag cur a chuid feidhmeanna de láimh, aird chuí a bheith aige ar an ngá:

- dearcaí dearfacha a chur chun cinn i leith daoine a bhfuil míchumas acu; agus
- rannpháirteachas a spreagadh ag daoine a bhfuil míchumas acu sa tsaoil poiblí ('na dualgais maidir le míchumas').

Tá próiseas comhairliúcháin eile ar siúl comhthreomhar leis an cheann seo chun saincheistanna a mheasúnú maidir le comhionannas.

Cuid 2 Staid reatha

Roimh dheireadh na scéime (i Meán Fómhair 2016) bhí 3 oifigeach Gaeilge lán-aimseartha fostaithe ag comhairlí tríd an Scéim ar bhonn maoiniú meaitseála le 50% de na costais clúdaithe trí dheontas an Fhorais. Ina iomláine, b'fhiú 43 míle euro an meánmhaoiniú bliantúil a ceadaíodh tríd an Scéim agus is mar seo a leanas a bhí na deontais ceadaithe:

- Oifigeach A fostaithe faoin scéim ag Comhairle Lár Uladh.
- Oifigeach B fostaithe faoin scéim i gcomhaontú idir Lár Uladh agus Clochán an Aifir & na Glinntí.
- Oifigeach C fostaithe faoin Scéim ag Cathair Dhoire & Ceantar an tSratha Báin.

Anois agus an Scéim tagtha chun deiridh tá cinneadh glactha ag cuid de na comhairlí oifigeach faoi leith le sainchúraimí i dtaobh na Gaeilge de a cheapadh mar chuid dá mbuanfhoireann:

- Oifigeach A fostaithe go buan lán-aimseartha ag Comhairle Lár Uladh.
- Oifigeach B fostaithe go buan lán-aimseartha ag Comhairle Lár-Uladh.
- Oifigeach C fostaithe go buan lán-aimseartha ag Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin.

Anuas air sin tá:

- 3 Oifigeach (le bunchúraimí i dtaobh na Gaeilge de) fostaithe go buan lán-aimseartha ag Comhairle an Lúir, Mhúrn & an Dúin.
- 1 Oifigeach (le bunchúraimí i dtaobh na Gaeilge de) fosaithe go buan páirt-aimseartha ag Comhairle Ceantair Fhear Manach & na hÓmaí.

Le teacht i bhfeidhm na gcomhairlí nuabhunaithe tá 6.5 phost shonracha le sainfhreagrachtaí i dtaobh na Gaeilge de tugtha san áireamh mar chuid de chomhdhéanamh na buanfhoirne ag 4 chomhairle. Níl aon phost sonrach le cúraimí i dtaobh na Gaeilge de ag na 8 gcomhairle eile.

Cuid 3 Measúnú ar thionchair

Catagóir Alt 75: Creideamh Reiligiúnach

Ní heol aon saincheist a bheith ann – seachas b'fhéidir leathadh geografach na ndaoine atá ag lorg maoiniú.

Catagóir Alt 75: Tuairim Pholaitiúil

Ní heol aon saincheist a bheith ann – seachas b'fhéidir leathadh geografach na ndaoine atá ag lorg maoiniú.

Catagóir Alt 75: Grúpa Cine

Ní heol aon saincheist a bheith ann.

Catagóir Alt 75: Aois

Ní heol aon saincheist a bheith ann – seachas b'fhéidir leathadh geografach na ndaoine atá ag lorg maoiniú.

Catagóir Alt 75: Stádas Pósta

Ní heol aon saincheist a bheith ann.

Catagóir Alt 75: Gnéaschlaonadh

Ní heol aon saincheist a bheith ann.

Catagóir Alt 75: Fir & Mná go Ginearálta

Ní heol aon saincheist a bheith ann.

Catagóir Alt 75: Míchumas

Ní heol aon saincheist a bheith ann.

Catagóir Alt 75: Cleithiúnaithe

Ní heol aon saincheist a bheith ann.

Achoimre

Ní heol aon saincheist a bheith ann

Cuid 4 Roghanna agus Maolú

Tháinig deireadh leis an bhabhta dheireanach de Scéim na nOifigeach Gaeilge i ndiaidh athbhreithniú agus athrangú reachtúil a rinneadh ar limistéir na sean-chomhairlí. Chuige sin laghdaíodh líon na gcomhairlí ó 26 go 11. Aithníonn Foras na Gaeilge go bhfuil 7 gcomhairle faoi leith ann nach bhfuil aon acmhainn foirne ó thaobh na Gaeilge de faoi láthair agus is mian linn tuairimí an phobail a lorg maidir leis an dóigh is féidir le Foras na Gaeilge tacaíocht a chur ar fáil do chomhairlí ó thuaidh agus go háirithe do na comhairlí sin nach bhfuil acmhainn foirne iontu ó thaobh na Gaeilge de.

- a Gan rud ar bith a dhéanamh – agus gan aon scéim maoinithe a bheith ann feasta a dhíreoidh ar chomhairlí ó thuaidh.
- b Scéim úr a fhógairt do chomhairlí ó thuaidh ina mbeidh Foras na Gaeilge ag tairiscint 50% de chostais phoist a bhaineann le ceapadh oifigigh Gaeilge ar feadh tréimhse 3 bliana. Bheadh a leithéid de scéim bunaithe ar chritéir mhaoinithe na seanscéime a reáchtáil Foras na Gaeilge cheana féin. Samhlaítear go dtiocfadh le maoiniú meaitseála a thairiscint do 3 chomhairle rathúil faoin rogha seo.
- c Tacaíocht a chur ar fáil do chomhairlí chun ‘straitéis forbartha Gaeilge’ nó ‘straitéis ar fheabhsú seirbhísí do phobal na Gaeilge’ a ullmhú agus a chur i bhfeidhm i réir le prionsabail na pleanála teanga. Bheifí ag súil le sainchomhairleoireacht agus maoiniú a sholáthar don phróiseas forbartha straitéise. Samhlaítear go mbeadh sé ar ár gcumas freastal a dhéanamh ar iarratais ó gach comhairle faoin rogha seo.
- d Ciste faoi leith ar fáil ó Fhoras na Gaeilge dírithe ar chomhairlí ó thuaidh chun gníomhaíochtaí ábhartha a thacóidh le pobal labhartha agus foghlamtha na Gaeilge a sholáthar laistigh dá limistéir riaracháin. Ní bheadh maoiniú i dtaobh fostaíocht foirne don chomhairle i gceist agus bheadh béim ar mhaoiniú tionscadail aonaraigh nó do shraith de thionscadail ábhartha a chuirfidh le láithreachta agus le húsáid na

Gaeilge. Samhlaítear go mbeadh sé ar ár gcumas freastal a dhéanamh ar iarratais ó gach comhairle faoin rogha seo.

Cuid 5. Do thuairimí a lorg

Cé acu de na 4 rogha mholta thuasluaite is fearr leat a mholadh – sonraigh agus tabhair cúiseanna le do rogha:

An bhfuil gá le babhta eile de Scéim na nOifigeach Gaeilge mar a bhí sa scéim roimhe seo?

Tá

Níl

Mínigh dúinn an fáth atá le do fhreagra, le do thoil.

Mínigh dúinn, le do thoil, na nithe ba chóir d'oifigeach a dhéanamh faoi scéim.

An aontaíonn tú gur chóir tacaíocht a chur ar fáil do chomhairlí ó thaobh pleanáil teanga de?

Aontaím

Ní aontaím

Má aontaíonn tú, cén sort tacaíochta a bheadh i gceist?

An aontaíonn tú gur chóir tacaíocht a chur ar fáil ó thaobh soláthar seirbhísí trí Gaeilge de?

Aontaím

Ní aontaím

Má aontaíonn tú, cén sort tacaíochta a bheadh i gceist?

An bhfuil moltaí eile agat?

N.B. Tabhair sonraí teagmhála le do thoil.

Cuid 6. Comhairliúchán foirmiúil, cinneadh agus foilsiú torthaí

Tosóidh an próiseas foirmiúil comhairliúcháin seo ar an 3 Márta 2017. Foilseofar achoimre freagairtí ar shuíomh gréasáin Fhoras na Gaeilge – www.forasnagaeilge.ie.

Foilseofar toradh an phróisis comhairliúcháin ar shuíomh gréasáin Fhoras na Gaeilge.

Déanfaidh Bord Fhoras na Gaeilge breithmheas ar thorthaí an chomhairliúcháin seo le linn 2017.

Scéim miondeontas le haghaidh forbairt tionscadal agus comhpháirtíochtaí

1. Cás gnó le haghaidh na scéime
 - 1.1 Cúlra
 - 1.2 Sochar agus riosca
 - 1.3 Spriocanna na scéime
 - 1.4 Torthaí measta na scéime
 - 1.5 Méid an deontais agus dátaí
 - 1.6 Poibliú
 - 1.7 Moladh

•

2. Treoir na scéime
 - 2.1 Aidhm na scéime
 - 2.2 Méid an deontais
 - 2.3 Critéir le haghaidh iarratas
 - 2.3.1 Iarrthóirí incháilithe
 - 2.3.2 Gníomhaíochtaí incháilithe
 - 2.4 Critéir mheasúnaithe
 - 2.5 Dátaí

•

•

1. Cás gnó le haghaidh na scéime

1.1 Cúlra

Is é an aidhm atá ag Colmcille caidreamh a chothú idir cainteoirí Ghaeilge na hÉireann agus cainteoirí Ghaeilge na hAlban, agus an dá phobal teanga a neartú. Cuireann Colmcille an aidhm sin chun cinn, go príomha, tríd an scéim deontas agus trí chomhairle a chur ar eagraíochtaí. Tá nithe praiticiúla le cur san áireamh:

- bearnaí san eolas atá ag daoine ar a chéile agus ar an chomhthéacs ina n-oibríonn an páirtí eile
- bearna thírleolaíoch a chuireann bac ar chruinnithe pleanála

Le tionscadal a chur i gceann a chéile is minic a chaithfidh dhá eagraíocht dul i mbun pleanála seachas eagraíocht amháin. Bíonn plean tionscadail le haontú agus comhpháirtíocht le bunú.

1.2 Sochar & Riosca

Tarlaíonn forbairtí sa chomhpháirtíocht idir Éire & Albain nach dtarlódh taobh istigh d'aon eagraíocht amháin. Bíonn fáil ar acmhainní úra agus foghlaim nach mbeadh fáil orthu taobh istigh den aon tír amháin. Os a choinne sin, éiríonn riosca mura mbíonn an t-ullmhúchán cuí déanta:

- nach ndéanfar plean a chur le chéile taobh istigh den amscála gnách a bhaineann le hiarratais ar scéim deontas Cholmcille
- nach gcomhlíonfar an plean tionscadail mar a síleadh, nó san amscála a ceapadh dó
- má theipeann ar an tionscadal beidh soláthar déanta sa bhuiséad a bheidh ceilte ar iarratasóir(í) eile, agus beidh buiséad Cholmcille as riocht

1.3 Spriocanna na Scéime in 2017

- 5 thuras taighde agus ullmhúcháin a bheidh curtha i gcrích le linn 2017
- Plean comhpháirtíochta bheidh comhaontaithe ag páirtithe leasmhara in Éirinn agus in Albain, de thoradh gach deontais.
- Plean comhaontaithe teanga a bheidh ag gach comhpháirtíocht le haghaidh imeachtaí coiteanna

1.4 Torthaí Measta na Scéime

Tá súil leis na torthaí a leanas:

- Biseach ar chaighdeán na n-iarratas is na dtionscadal agus laghdú dá réir ar líon na dtionscadal a mbíonn deacracht shonraíoch acu a bplean tionscadail a chur i gcrích
- Aithne agus eolas maith a bheidh ag páirtithe ar a chéile, le gur féidir leo tionscadal a fhorbairt agus a leasú de réir riachtanais
- Pleananna comhpháirtíochta a bheidh éifeachtach agus éifeachtúil
- Comhpháirtíochtaí láidre a bhfásfaidh tuilleadh tionscadal astu.
- Méadú ar éifeacht agus éifeachtúlacht obair Cholmcille

1.5 Méid an deontais agus dátaí

(beidh an coibhneas idir euro agus steirling mar a chinnfidh FnaG/ na ranna maoinithe)

Uasmhéid le haghaidh deontas: €1,800 / £1,566 *

Buiséad: €12,000 nó £10,440*

*Bunaithe ar ráta malairte 2017

Beidh an scéim oscailte ó thús Mhí Eanáir go dtí an 30 Meán Fómhair. Níl aon spriocdháta ann. Caithfear an caiteachas bheith déanta agus an t-airgead bheith tarraingthe anuas roimh dheireadh Mhí na Samhna. Is cóir na moltaí a phlé le hoifigigh Cholmcille sula scríobhfar an t-iarratas.

1.6 Poibliú

- Réamheolas ar an scéim: mar a chuirfear ar fáil ar www.gaeilge, agus ar mheáin shóisialta Cholmcille
-

1.7 Moladh

Scéim miondeontas a bhunú le haghaidh forbairt tionscadal & comhpháirtíochta a riarfaidh ar iarratasóirí atá ag iarraidh tionscadal a chur le chéile a chomhlíonann aidhmeanna Cholmcille.

2. Treoir na scéime

2.1 Aidhm na Scéime

Tabharfaidh an scéim deis d'iarratasóir in Éirinn nó in Albain:

- Plean tionscadail a fhorbairt agus a aontú le páirtí sa tír eile
- Comhpháirtíocht a bhunú
- Miontionscadal píolótach a eagrú

Beidh súil chomh maith le plean teanga praiticiúil a chur le chéile a thabharfaidh áit lárnach do Ghaeilge na hÉireann agus do Ghaeilge na hAlban sa tionscadal. Is cóir na moltaí a phlé le hoifigigh Cholmcille sula scríobhfar an t-iarratas.

2.2 Méid an deontais

Uasmhéid le haghaidh deontais: €1,800 / £1,566

- 2.3 Critéir le haghaidh iarratas

2.3.1 Iarrthóirí incháilithe

- Eagraíochtaí in Éirinn nó in Albain atá ag iarraidh tionscadal a fhorbairt le heagraíocht sa tír eile
- Eagraíocht atá ag cuardach páirtí sa tír eile chun tionscadal a fhorbairt
- Eagraíocht atá ag iarraidh tionscadal a bhunú ina mbeidh daoine nó eagraíochtaí sa dá thír rannpháirteach
- Trádálaí aonair atá in ann tionscadal comhpháirtíochta a chur i bhfeidhm le páirtí sa tír eile
 - a mbeidh toradh fadtéarmach air
 - agus a rachaidh chun leasa do mhórphobal Ghaeilge na hÉireann agus/nó Ghaeilge na hAlban

2.3.2 Gníomhaíochtaí incháilithe

- Taisteal, lóistín agus cothú atá riachtanach le comhpháirtíocht a bhunú
- Taighde atá riachtanach do phlean tionscadail
- Costais a bhaineann le cruinnithe
- Ceardlanna leis an tionscadal a fhorbairt
- Miontionscadal píolótach
- Gníomhaíocht ar bith eile a bheadh fóirsteanach i dtuairim Fhoras na Gaeilge agus réamhaontaithe le Foras na Gaeilge

2.4 Critéir mheasúnaithe

- Luach d'aidhmeanna Cholmcille
- Tuiscint ar aidhmeanna na scéime agus sprioc shoiléir
- Achar oibre is féidir a fhorbairt, nó dúshlán a bhfuiltear ag súil le réiteach air, trí chaidreamh agus comhoibriú le hAlbain

- Scileanna agus acmhainní is féidir a chomhroinnt agus ábhar comhspéise a bheith ag na hiarratasóirí
- An t-iarratasóir a bheith oscailte do bhealaí éagsúla arbh fhéidir clár comhpháirtíochta a chur i gcrích
- Réamhthaighde ábhartha a bheith déanta ag an iarratasóir
- Cumas agus toil a bheith ag an iarratasóir tabhairt faoin turas nó faoin phlean ullmhúcháin
- Luach ar airgead
- Cumas agus spéis i nGaeilge na hÉireann agus i nGaeilge na hAlban

2.5 Dátaí

Beidh an scéim oscailte ó thús mhí Eanáir go dtí an 30 Meán Fómhair. Níl aon spriodhata ann. Caithfear an caiteachas a bheith déanta agus an t-airgead a bheith tarraingthe anuas roimh dheireadh mhí na Samhna.

Aguisín 3

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1, Mir 4 agus faoi Chuid 2, Mir 6 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Nóta eolas faoi Bhuiséad Leasaithe don tréimhse anuas go 31/12/2016

Uimh. Thag.: 1501066
Ainm: Cumann na bhFiann

	Údaraithe € (01 Eanáir 2016 go 31 Nollaig 2016)	Leasú Iarrtha € 09.12.16
Tuarastail (A)		
Cathaoirleach Feidhmeannach (28/2009, POC, Pointe 8)		
(A0) AS ciorcalán 28/2009 Pointe 8)		
(A0) GS ciorcalán 28/2009 Pointe 6)		
Oifigeach Feidhmiúcháin (EO) ciorcalán 28/2009 (Pointe 12)		
Oifigeach Feidhmiúcháin (EO) ciorcalán 18/2010 (Pointe 2)		
Oifigeach Cléireachais (CO) ciorcalán 18/2010 (Pointe 3)		
Oifigeach Feidhmiúcháin (EO) ciorcalán 18/2010 (Pointe 1)		
Oifigeach Feidhmiúcháin (EO) (TÉ) (Pointe 4)		
Oifigeach Feidhmiúcháin (EO) (TÉ) (Pointe 1)		
Oibrí Saorchonartha Sealadach (ceadaithe ag FnaG 06/09/16)		
Fo-iomlán (A)	€ 459,294	€442,439
Costais reatha (B)		
Taisteal agus cothabháil	€70,000	€57,000
Gnáthchostais reatha	€50,106	€57,961
Fo-iomlán (B)	€ 120,106	€ 114,961
Seirbhísí / Gníomhaíochtaí (C)		
FEIDHM I		
Tóstal na bhFiann	€16,000	€18,000
Turas an Earraigh	€2,500	€2,500
Turas na nÓg	€3,000	€3,000
Scléip na hÓige	€15,000	€16,500
FEIDHM II		
Comórtas Tallann	€1,500	€1,500
Corn na bhFiann	€2,263	€2,263
Sraith Ceardlann	€3,000	€3,000
FEIDHM III		
Pairnéireacht	€3,500	€3,500
FEIDHM IV		
Gréasán d'óg Clubanna	€95,000	€110,000
Athbhreithniú	n/bh	n/bh
FEIDHM V		
Cúrsaí Traenála	€4,000	€4,000

Córas Tacaíochta	n/bh	n/bh
Lámhleabhar a fhoilsiú	€3,500	€5,000
FEIDHM VI		
Córas Caighdeánach	n/bh	n/bh
FEIDHM VII		
Suíomh Idirlíon	n/bh	n/bh
FEIDHM VIII		
Freastal ar Chomhdháileacha	€12,000	€14,000
Imeachtaí do SnaG	n/bh	n/bh
Ardú feasachta	n/bh	n/bh
Na Meáin Soisialta	n/bh	n/bh
FEIDHM IX		
Eolas go Gaelscoileanna	n/bh	n/bh
Laethanta Spraoi	€7,000	€7,000
Óg club i rith am scoile	n/bh	n/bh
FEIDHM X		
Pacáiste Eolais	€3,000	€3,000
Earcaíocht ar Choláistí	€2,000	€2,000
Fo-iomlán (C)	€173,263	€195,263
MÓR-IOMLÁN	€752,663	€752,663

Cúis leis an leasú:

Bhí dhá folúntas ag Cumann na bhFiann, tá ceann amháin líonta anois: Oifigeach Feidhmiúcháin (GS) *ciorclán 17/2015*

Pointe 1

Turastal bliana €27,739 Tréimhse dhá mhí €4,623.16

Cáin bhliana €2,981.94 Tréimhse dhá mhí €496.99

agus ceann eile le líonadh i 2017. Beidh na costaisí a bhaineann leis an fhostaíocht sin ag dul i dtreo trealaimh.

Cheadaigh an Príomhfheidhmeannach an leasú seo ar an 19 Nollaig 2016

Nóta Eolais

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1, Mír 4 agus faoi Chuid 2, Mír 6 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Uimh. Thag.: 1501069

Ainm: Gaelscoileanna Teo.

Buiséad leasaithe iarrtha don tréimhse anuas go 31/12/2016

	Ceadaithe ag Foras na Gaeilge ar an 26.10.16	Buiséad leasú iarrtha 15.12.16
Tuarastail		
Ardfheidhmeannach (PC, 28/2009, 7)		
Leas-Ardfheidhmeannach (AOF, 28/2009, 9)		
Oif Sinsearach Polasaí & Forbartha (AOF, 28/2009, 2&3)		
Oif Eolais & Airgeadais (OF, 28/2009, 6&7)		
Oifigeach Forbartha (OF, 18/2010, 2&3)		
Oifigeach Forbartha (OF, 18/2010, 5&6)		
Oif Forbartha Gaeltacht (OF, 2/2014, 1&2)		
Oif Forbartha Gaeltacht (OF, 2/2014, 3)		
Riarthóir Oifige (OC, 2/2014, 2&3)		
Fo-iomlán	€440,770	€430,196
Costais reatha		
Taisteal agus cothabháil	€35,000	€35,000.00
Gnáthchostais reatha	€96,737	€98,392.00
Fo-iomlán	€131,737	€133,392.00
Seirbhísí / Gníomhaíochtaí		
FEIDHM I		
Seimineáir oiliúna ar fheidhmiú an tumoideachais sa Ghaeltacht	€700	€700.00

Comhairliúcháin le scoileanna trí chruinnithe réigiúnach agus cuairteanna scoile le riachtanais a mheas agus ionadaíocht/rannpháirtíocht in obair na heagraíochta a mhéadú.	€5,000	€5,000.00
FEIDHM VI		
Tacaíocht leanúnach do na coistí bunaithe reatha agus nua	€14,374	€14,874.00
FEIDHM VIII		
Gréasánú agus sóisialú na teanga idir pháistí agus idir na forais tumoideachais a éascú tríd an <i>Scéim Le Chéile Trí Ghaeilge</i>	€27,000	€27,000.00
FEIDHM X		
Comhairliúchán le páirtithe leasmhara, scoileanna agus naíonraí ar bhonn réigiúnda le riachtanais a mheas agus clár oibre na heagraíochta a shainiú dá réir trí chruinnithe / cuairteanna comhairliúcháin aonair	€2,000	€2,700.00
FEIDHM XI		
Cumasú teangeolaíoch Stiúrthóirí Naíonraí: Clár oiliúna stiúrthóirí naíonraí ar fheidhmiú agus deachleachtas an luath-thumoideachais : <ul style="list-style-type: none"> ○ Cúrsa Gaeilge do Stiúrthóirí ar-líne a fhorbairt ag díriú ar chaighdeán ó bhéal & scríofa. ○ Deontas do stiúrthóirí do ranganna Gaeilge Clár oiliúna / margaíochta / Aistear / Síolta	€28,600	€28,500.00 €15,000.00 €12,000.00 €1,500.00
FEIDHM XIII		
Comhdháil uile oileáin oiliúna agus oideachais a phleanáil agus a réachtáil don 3 leibhéal oideachais,	€15,377	€15,377.00
Seimineáir ar théamaí na Comhdhála a réachtáil le freastal ar phobal na naíonraí, bunscoileanna agus iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge	€600	€600.00

FEIDHM XIV		
Forbairt agus seachadadh nuachtlitir leictreonach agus crua do phobail uile na naíonraí, scoileanna, laistigh & lasmuigh den Ghaeltacht.	€2,000	€2,000.00
Ábhair bolscaireachta a chur ar fáil do phobail na scoileanna agus don phobal i gcoitinne faoi fheidhmiú, soláthar, riachtanais agus na buntáistí a bhaineann le hoideachas trí mheán na Gaeilge	€10,000	€10,000.00
Lámhleabhar eolais do thuismitheoirí faoin luathoideachas lán-Ghaeilge.	€3,960	€3,960.00
FEIDHM EILE I		
<ul style="list-style-type: none"> Tionscadal le Conradh na Gaeilge: feachtais feasachta ar bhuntáistí / cur chuige an chórais tumoideachais. 	€4,000	€4,000.00
Comhthionscadal uile oileáin le Gael-Linn	€15,000	€15,000.00
FEIDHM EILE II		
Straitéis Cumarsáide/ athbhrandáil ar an eagraíocht	€6,600	€6,600.00
Forbairt ar an suíomh idirlín	€5,000	€7,500
Scéim Teanga do Theaghlaigh	€3,000	€6,000.00
Tionscadail chomhpháirtíochta a stiúradh le comhpháirtithe eile ar an bhFóram Comhpháirtíochta. Tionscadal mar a bhaineann le comóradh 1916 le n-aontú.	Féasta 100	€2,320.00
Comhthionscadail stocaireachta d'earnáil na Gaeilge / oideachais lán-Ghaeilge le ceanneagraíochtaí don olltoghchán	Acmhainní daonna	
Fo-iomlán	€143,211	€152,131.00
MÓR-IOMLÁN	€715,719	€715,719.00

Cúis leis an leasú:

Costas Tuarastail:

Tá laghdú ann de bharr gan Oifigeach Forbartha nua tosaithe go dtí 1.12.16 agus í ar phointe tuarastail níos ísle ná mar a measadh (Pointe 1).

Tá muid gan riarthóir oifige go fóill agus é fógartha arís. Níl i gceist duine nua a thosú go dtí an athbhliain.

Gnáthchostais Reatha

- Tá costais na hoifige níos airde ná mar a measadh é sa mheastacháin a seoladh isteach i mí Eanáir le ardú ar chostais tháillí proifisiúnta le bheith in ann feidhmiú go héifeachtach mar aon le gá roinnt beag treallamh a cheannach le linn na bliana.

Costais Tionscadail

- Tá ardú sa bhuiséad do chomhthionscadal le Glór na nGael ar scéim theaghlaigh lán-Ghaeilge.
- Tá costas Féasta mar chomhthionscadal san áireamh.
- Méadú de €2,500 curtha le forbairt an tsuímh gréasáin.
- Méadú beag sna costais a bhaineann leis na feachtais ar sholáthar úr.

Cead:

Cheadaigh an Príomhfheidhmeannach an leasú seo ar an 19 Nollaig 2016

Clár na Leabhar Gaeilge

Nóta eolais – Scéim na nOidí 5313004

Reachtáladh ceardlanna mar chuid de Scéim na nOidí 2015 agus ag an gceardlann deireanach, iarradh aiseolas uathu siúd a bhí ag obair faoin scéim maidir leis an scéim agus aon mholtaí a bheadh acu ina leith. Moladh go n-athrófaí an t-ainm agus nach mbeadh an téarma ‘oide’ in úsáid a thuilleadh. Chuige sin, tá i gceist anois go n-athrófaí teideal na scéime go dtí ‘ Scéim Meantóireachta Fhoras na Gaeilge’ agus gurb iad na téarmaí ‘meantóir’ agus ‘ábhair scríbhneora’ a bheadh in úsáid le cur síos a dhéanamh orthu siúd ag obair le chéile faoin scéim as seo amach.

Miontuairiscí ón 153ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 7 Aibreán 2017 in oifig Fhoras na Gaeilge, Sráid Fhreidric, Baile Átha Cliath.

I láthair: P. Ó Gallchóir (Cathaoirleach) S. M. Ó Domhnaill, B. Ní Chofaigh, G. McElwain, M. Ní Chonghaile, M. Ní Neachtain, C. McGuinness, S. Ní Chéidigh agus N. Ó Gallochobhair.

Leithscéal: B. Ó Muirí (Leas-Chathaoirleach), S. Ó Coistealbha, S. Ó hArgáin agus M. Farrell.

Ag freastal: S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí, S. Ó hEidhin agus S. Uí Choinne.

01.153 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 24 Feabhra 2017 agus shínigh an Cathaoirleach iad. Cuireadh in iúl nach raibh an dearbhú tagtha ón Roinn maidir leis na hoifigí úra go fóill agus go raibh an nochtadh cosanta ag cur moille leis an phróiseas. D'iarr an Bord go gcuirfí scéal chucu agus an dearbhú tagtha. Cuireadh in iúl go raibh post an Leas-Phríomhfheidhmeannaigh/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais le hathfhógairt de bharr líon íseal iarrthóirí. Pléadh an tsonraíocht poist agus aontaíodh go ndéanfaí athbhreithniú ar an tsonraíocht mura mbeadh méadú ar líon na n-iarrthóirí.

02.153 COIMHLINT LEASA

Chuir an Cathaoirleach ceist ar an Bhord an raibh aon choimhlint leasa le nochtadh ag aon duine agus gur cheart sin a dhéanamh ag tús an chruinnithe nó le linn an chruinnithe, de réir mar ba ghá. Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh coimhlint leasa aige féin i dtaca le Scéim Scoláireachtaí 2017 agus an Fóram Forbartha Teanga. Chuir M. Ní Neachtain in iúl go raibh coimhlint leasa aici mar gheall ar Scéim na bhFéilte 2017.

03.153 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl:

- Go raibh Séideán Sí ag uimhir a 2 sna “most viewed” ag Scoilnet agus An Aimsir ag CCEA ag uimhir a 8, de réir Intouch.
- Go raibh obair idir lámha maidir le haistriúcháin agus leis an gcomhdhlúthú le go mbeidh an tuarascáil bhliantúil don Fhoras Teanga réidh le leagan os comhair Thithe an Oireachtais agus an Tionóil. Tá an litir bhainistíochta faighte ón ARC&C (leagan Gaeilge agus Béarla).
- Cuntais 2016 – go raibh dréacht 1 de chuntais 2016 ullmhaithe anois agus curtha faoi bhráid an Choiste Iniúchta. Tá sé i gceist go mbeidh an t-iniúchadh suímh an ARC&C ann i mí Mheithimh.
- Go bhfuarthas cuireadh ón Roinn Oideachais agus Scileanna ballraíocht a ghlacadh ar an gCoiste Comhairleach um Polasaí Oideachas Gaeltachta – tá an Clár bhainisteoir Seirbhísí Oideachais ainmnithe.
- Go raibh cruinniú ag an PF agus baill eile foirne as an oifig i mBéal Feirste le PF na Comhairle Caidrimh Phoiblí ó thuaidh le plé a dhéanamh ar chur chun cinn na Gaeilge i gcomhthéacs trasphobail.

- Go raibh cruinniú den Fhóram Comhpháirtíochta ar an 8 Márta. Rinne Feargal Ó Coigligh, Ard-Rúnaí Cúnta na Roinne agus John Concannon cur i láthair ar Éire Ildánach 2017-2022.
- Go raibh cruinniú ag an gCathaoirleach, an Príomhfheidhmeannach agus an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha leis an Aire Stáit Seán Kyne, T.D ar an 27 Feabhra.
- Go raibh an Cathaoirleach agus cuid d'fhoireann an fhoclóra Béarla – Gaeilge i láthair ag ócáid in Ollscoil na hOllscolaíochta Gaeilge le hiomlánú ábhar an fhoclóra ar líne a cheiliúradh ar an 07 Márta. Rinne ball d'fhoireann an fhoclóra cur i láthair le linn Lá na Meán Sóisialta de chuid Sheachtain na Gaeilge in oifigí Facebook ar an 16 Márta.
- Go raibh pleananna forfheidhmithe forbartha leis an bhfoireann i Sráid Fhreidric Thuaidh a aistriú go Cearnóg Mhuirfean i mí na Bealtaine. Beidh deireadh le cur le himeachtaí don phobal sa Halla Mór de bhrí go mbeidh cuid den fhoireann lonnaithe ann.
- Nach raibh soiléiriú ar fáil go fóill ó REOGRTG maidir leis an maoiniú breise – ní fios cá mhéad den €750,000 a fógraíodh roimh an Nollaig don Fhoras Teanga a bheidh ar fáil ag Foras na Gaeilge. Ní fios ach oiread cad iad na tionscadail a bheidh REOGRTG sásta a cheadú. Ní bheidh cead cuid ar bith den mhaoiniú a chaitheamh ar thionscadail atá luaite cheana féin sa Phlean Gnó ná sa Phlean Corparáideach, ná ní bheidh cead caiteachas a dhéanamh ar thionscadail uile-Éireann nó ar thionscadail ó thuaidh. Ní bheidh cead caiteachas a dhéanamh ar thionscadail a mhairfidh níos faide ná an bhliain reatha. Beidh na moltaí thíos don mhaoiniú breise á gcur faoi bhráid REOGRTG go luath. Beidh luach os cionn €300k i gceist leis na tionscadail thíos bunaithe ar gharmheastacháin. Beidh tairiscintí le lorg agus meastacháin chruinne le fáil nuair a bheidh na tionscadail ceadaithe ag REOGRTG. Beidh os cionn €400k, ag brath ar thairiscintí, le caitheamh ar cheist na n-oifigí idir aistriú fhoireann Shráid Fhreidric go Cearnóg Mhuirfean, aistriú Áis agus an t-aistriú chuig oifigí nua.

Tionscadail don mhaoiniú breise

1. Tuairiscíodh go bhfuil cásanna gnó á n-ullmhú don Roinn ar na moltaí seo a leanas:
2. Fógraí taobh amuigh sna 13 Baile Seirbhíse Gaeltachta.
3. Tionscadal píolótach chun sainchóras teastasaithe a fhorbairt don Ghaeilge – córas neamhacadúil ina bhfuil béim ar labhairt na teanga – Teastas i Labhairt na Gaeilge (TiLG), dírithe ar fhoghlaimoirí fásta.
4. Comharthaíocht do lucht soláthraithe seirbhísí i mbailte sna Limistéir Phleanála Teanga agus sna Bailte Seirbhíse Gaeltachta.
5. Pacáiste comharthaíochta do chlubanna CLG.
6. Pacáiste de chomharthaíocht sláinte & slándála d'ionaid phobail.
7. Scoláireachtaí Gaeltachta/coláistí Samhraidh do dhaltaí scoile agus do dhaoine fásta ó dheas.
8. Tacaíocht do bhunú naíolainne i mBÁC.
9. Fillteáin eolais ar an Ghaeilge agus ar Fhoras na Gaeilge.
10. Tras-scríobh ar ábhar labhartha don chorpas foclóireachta.
11. Maoiniú d'fhéilte sna Bailte Seirbhíse Gaeltachta.

- Go raibh treoir faighte ón Roinn ó thuaidh go mbeidh ciorrú de 4% le déanamh ar bhuiséad 2016/17 d'Aibreán agus Bealtaine 2017 mar shocrú eatramhach. Is athrú seo ar an treoir a bhí faighte go dtí seo nach mbeadh athrú ar bith ar an bhuiséad ó 2016. Tá soiléiriú iarrtha.
- Go raibh moltaí maidir le forbairt leanúnach ar Shéideán Sí as seo go dtí 2020 seolta chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna.
- Go mbeidh athfhógairt le déanamh ar phost an Leas-Phríomhfheidhheannaigh/Stiúrthóra Seirbhísí Oideachais.
- Gur chuir an Cathaoirleach, an PF agus an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha aitheasc i láthair an Bhuan-Comhchoiste Gaeilge, Gaeltachta agus Oileán ar *Chur Chun na Gaeilge ar bhonn uile-Éireann i ndiaidh an Bhreathimeachta*.
- Gur ceadaíodh dúshlán cúirte Chonradh na Gaeilge i leith Acht Gaeilge ó thuaidh.
- Gur thosaigh an comhairliúchán ar Scéim na nOifigeach Gaeilge ó thuaidh ar an 3 Márta agus glacfar le haighneachtaí go dtí an 5 Bealtaine – <http://www.forasnagaeilge.ie/ba-mhaith-le-foras-na-gaeilge-treimhse-chomhairliuchain-phoibli-ar-sceim-na-noifigeach-gaeilge-fhogairt/>
- Go raibh an Cathaoirleach agus an PF i láthair ag athoscailt Amharclann Ghaoth Dobhair.
- Go raibh Comhdháil Bhliantúil Chomhairle na Gaelscolaíochta ar siúl ar an 15 Márta – bhí an PF agus an Stiúrthóir Seirbhísí Foilsitheoireachta, Foclóireachta & Téarmaíochta i láthair.
- Gur bhuaíl an Cathaoirleach, Cathaoirleach Choiste Cholmcille, an Príomhfheidhmeannach agus an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha le hIonadaithe ó Bhòrd na Gàidhlig le plé a dhéanamh ar obair an dá eagraíocht. Beidh cruinniú eile le socrú níos faide anonn sa bhliain.
- Gur fhógair an Príomh-Oifig Staidrimh torthaí i leith na Gaeilge ó Dhaonáireamh 2016 i dTithe an Rialtais ar an 6 Aibreán.
- Go raibh Raidió na Life ainmnithe ar ghearrliosta 'Stáisiún Raidió na Bliana' do Ghradam na Meán Ceilteach 2017, a bheidh ar siúl i nDubhghlas Oileán Mhanainn an an 3/5 Bealtaine. Ábhar mórtais mór don stáisiún an t-ainmniúchán atá faighte freisin ag a gclár bricfeasta An Bricfeasta Blasta i rannóg 'Irischlár na Bliana'.
- Gur sheol Raidió na Life agus an iris COMHAR suíomhanna Gréasáin nua ar an 16 Aibreán in Oifigí Ghaelchultúr.
- Gur sheol an tAire Stáit Seán Kyne, T.D. an E-Leabhar – Pacáistíocht Dhátheangach – Treoirleabhar Dea-Chleachtas Gnó in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ar an 5 Aibreán.

Ardaíodh ceist faoi Éire Ildánach agus léiríodh inní faoin easpa Gaeilge a bhí san fhíseán a rinne an Roinn don tionscnamh. Míníodh gur thóg Foras na Gaeilge ceist le Rúnaí Cúnta na Roinne ina leith i gcomhthéacs moltaí don Ghaeilge do Éire Ildánach, D'iarr an Bord go dtabharfaí cuireadh do J. Concannon cur i láthair a thabhairt don Bhord agus go mbeadh deis ag na Clár bhainisteoirí freastal ar an chur i láthair sin dá mba mhian leo.

04.153 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE

Coiste na nDeontas

D'fhág M. Ní Neachtain an cruinniú mar gheall ar bhaol coimhlint leasa.

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le Scéim na bhFéilte (**Aguisín 1**). Cuireadh in iúl go raibh sé iarratas incháilithe ach easpa buiséid ar fáil dóibh agus d'aontaigh an Bord go ndéanfaí iad a mhaoiniú dá dtiocfaí ar airgead breise. Ardaíodh ceist faoi bhuntáiste a bheith ag iarratasóirí a bhfuil taithí acu ag comhlánú foirmeacha iarratais agus cuireadh in iúl go dtiocfadh Coiste na nDeontas ar ais le moltaí faoi chritéir na Scéime seo agus gach scéim eile le go mbeadh sé níos fusa ar iarratasóirí cur isteach ar na scéimeanna.

D'fhill M. Ní Neachtain ag an pointe seo.

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le hiarratais ar Scéim Scoláireachtaí 2017.

Ainm an Iarratasóra	Uimhir Thagartha	Méid iarrtha	Méid molta
Conradh na Gaeilge	1701002	€35,100	€35,100
Gael Linn	1701008	€24,864	€24,864
Cumann na bhFiann	1701009	€12,000	€10,560

D'fhág an Cathaoirleach an cruinniú mar gheall ar bhaol coimhlint leasa. Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná €10,000 a chur ar fáil do Chumann an Phiarsaigh faoi Scéim Scoláireachtaí 2017.

Ainm an Iarratasóra	Uimh. Thagartha	Méid iarrtha	Méid molta
Cumann an Phiarsaigh	1701010	€10,000	€10,000

D'fhill an Cathaoirleach ag an pointe seo.

Nótáil an Bord leasú buiséid ó Ghaelscoileanna (Gaeloideachas) (**Aguisín 2**).

Coiste Forbartha

Thug Leas-Chathaoirleach an Choiste Forbartha uasdátú ar an chruinniú a bhí ag an Choiste ar 23 Márta. Chuir sí in iúl gur pléadh na moltaí maidir le ballraíocht ar an Fhóram Forbartha Teanga. Chuir sí in iúl gur mhol an Coiste go mbeadh réimse níos leithne scileanna ag ainmniúcháin an chéad uair eile. Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le ballraíocht ar an Fhóram Forbartha Teanga (**Aguisín 3**). Nótáil an Bord an tuairisc thréimhsiúil ar an fhoclóir (**Aguisín 4**).

Chuir Cathaoirleach an Bhoird in iúl go raibh sé i gceist aige seisiún oiliúna a shocrú le Cathaoirligh na gcoistí faoi rialachas corparáideach. Tá iarracht á déanamh ag Comhaltaí Boird chun ainmneacha saineolaithe le cumas Gaeilge a fháil a thabharfadh an oiliúint agus tá ainmneacha le cur ar aghaidh chuig an fheidhmeannas. Chuir an Cathaoirleach in iúl go mbeadh an seisiún oiliúna áirithe sin ann do na Cathaoirligh amháin ar dtús agus go mbeadh seisiún iomlán ann do na comhaltaí Boird uile ina dhiaidh sin.

An Coiste Iniúchta

Chuir Cathaoirleach an Choiste Iniúchta in iúl go raibh cúpla cruinniú ag an Choiste ag ar pléadh an litir bhainistíochta le hionadaí ó oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, an moladh maidir le diúscairt ar sheanleabhair an Ghúim, an clár rioscaí, dréacht-chuntais 2016, tuairiscí an Iniúcháin Inmheánaigh ar na Ceanneagraíochtaí agus ar Chuntas Iníoctha agus Soláthar. Cuireadh in iúl go raibh duine breise le hainmniú ar an Choiste Iniúchta ó tharla go raibh deacrachtaí le córaim. Moladh N. Ó

Gallochobhair mar bhall nua ar Choiste Iniúchta agus ghlac an Bord leis an ainmniúchán sin. Ghlac an Bord leis an Ráiteas maidir le Rialúchán Inmheánach Airgeadais do Chuntais 2016. Cuireadh in iúl nár scaipeadh an clár rioscaí ó tharla nach raibh sé ach pléite ag an Choiste an oíche roimhe ach go mbeadh sé san áireamh sna cáipéisí feasta.

Coiste Cholmille

Ghlac an Bord leis na téarmaí tagartha do Choiste Cholmille. Cuireadh in iúl gurb é 9 Meitheamh an sprioc do scéim deontais Cholmille.

Rinne an Cathaoirleach G. McElwain cur síos ar chúra Cholmille ach go háirithe faoi na mórthionscnaimh, Leabhar Mór na Gàidhlig, Parlaimint na nÓg agus Slí Cholmille. Ghlac an Bord le Plean Gníomhaíochta Shlí Cholmille agus d'aontaigh siad le tosaíochtaí Cholmille do 2017.

D'aontaigh an Coiste go raibh sé tábhachtach caidreamh a athbhunú le Bòrd na Gàidhlig agus d'iarr siad cruinniú a shocrú idir Fhoras na Gaeilge agus Bhòrd na Gàidhlig le plé a dhéanamh ar comhghrúpa oibre idir-eagraíochta a bhunú le díriú ar thionscadail straitéiseacha, tosaíochtaí cistithe agus tionscnaimh chomhoibrithe, deachleachtas a roinnt agus naisc inbhuanaithe a chruthú sa phobal.

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ann ar an 31 Márta i nGlaschú ina raibh an Cathaoirleach, Cathaoirleach Choiste Cholmille, an Príomhfheimmeanach agus an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha i láthair.

05.153 RÁITEAS CAITEACHAIS

Ghlac an Bord leis an ráiteas caiteachais go 31 Márta 2017 agus leis an bhuiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2017. Scaipeadh eolas maidir le maoiniú iomlán Fhoras na Gaeilge don tréimhse 2008 go 2016 agus bhí plé ina leith.

06.153 COMHFHREAGRAS

Thug an Bord suntas don chomhfhreagras a bhí faoina mbráid. Cuireadh in iúl go raibh An Clár bainisteoir Seirbhísí Oideachais, J. Ó Coinne, ainmnithe mar ionadaí Fhoras na Gaeilge ar an Choiste Comhairleach um Polasáí Oideachas Gaeltachta ach go ndéanfaí athbhreithniú air sin agus Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais ceaptha.

Chuir Rúnaí an Bhoird in iúl go bhfuair sé comhfhreagras ó Chairde Cois Locha agus go mbeidh an feidhmeannas ag plé leis

07.153 CUR I LÁTHAIR Ó NA CEANNEAGRAÍOCHTAÍ

Tháinig J. de Spáinn (Ard-Rúnaí) agus A. Ó Deá i láthair an chruinnithe thar ceann Chonradh na Gaeilge. Tugadh leithscéal thar ceann Uachtarán Chonradh na Gaeilge, N. Comer. Thug siad cur i láthair ar obair Chonradh na Gaeilge. Bhí sraith ceisteanna ina dhiaidh. Ghabh an Bord buíochas leo as an chur i láthair agus d'fhág siad an cruinniú.

Tháinig A. Ó Coileáin (Príomhfheidhmeannach) agus Á. Hensey (Cathaoirleach) i láthair an chruinnithe agus thug siad cur i láthair ar obair Ghael Linn. Bhí sraith ceisteanna ina dhiaidh. Ghabh an Bord buíochas leo as an chur i láthair agus d'fhág siad an cruinniú.

08.153 PLEAN GNÓ AGUS BUISÉAD 2017 AGUS PLEAN CORPARÁIDEACH 2017-2019

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl gur faomhadh an Plean Gnó ag an Bhord i mí na Nollag 2016 ach go raibh leasú amháin déanta ag an Choiste Forbartha air ó shin. Míníodh gur dréachtphleananna a bhí iontu ó tharla nach raibh an treoirt tagtha ó na Ranna ina leith go fóill. Ghlac an Bord le Plean Gnó 2017 agus le Plean Corparáideach 2017-2019.

09.153 AN COISTE TÉARMAÍOCHTA

Ghlac an Bord leis an mholadh conradh óstála do shuíomh gréasáin www.tearma.ie a chur ar fáil don chomhlacht Tibus. Míníodh go raibh an conradh reatha ag Tibus agus go mbeadh laghdú 10% curtha i bhfeidhm ar an ráta don chonradh nua. Ghlac an Bord leis an mholadh conradh a chur ar fáil d'Fhiontar/Scoil na Gaeilge DCU don tréimhse iomlán ó 01 Meitheamh 2017 – 31 Bealtaine 2020 mar chonradh forbartha agus eagarthóireachta ar shuíomh gréasáin www.tearma.ie. Ghlac an Bord leis an mholadh conradh a chur ar fáil maidir le ceadúnas bogearraí.

10.153 ATHBHREITHNIÚ AR MHAOINIÚ D'IONAID GHAeilGE

Bhí plé ag an Bhord ar an cháipéis chomhairliúcháin do mhaoiniú d'ionaid Ghaeilge. Cuireadh in iúl, de réir taighde atá déanta, go bhfuil tábhacht le hionaid Ghaeilge do chur chun cinn na Gaeilge ag leibhéal an phobail, agus go bhfuil tábhacht le hionaid le haghaidh forbairt gréasáin shóisialta don phobal agus le haghaidh infheictheacht agus stádas na teanga. Míníodh gur pléadh an cháipéis chomhairliúcháin ag an Choiste Forbartha agus gur shocraigh an Coiste gur chóir plé a dhéanamh ag an Bhord ina leith. Pléadh na roghanna ar fad a bhí ann. Míníodh nach raibh i gceist sna roghanna a bhain le maoiniú an dá chultúrlann ó thuaidh a laghdú ach dhá rogha as ceithre cinn, agus nach nach raibh i gceist faoi láthair ach tuairimí an phobail a fháil ar an cheist. Cuireadh in iúl nach ndéanfaí moladh ná cinneadh go dtí go mbeadh scagadh déanta ar na tuairimí sin. Ardaíodh ceist arbh fhéidir an maoiniú a aimsiú do na hionaid trí maoiniú a bhaint de dheontaithe eile seachas an dá Chultúrlann. Míníodh go mbeadh impleachtaí diúltacha i gceist do dheontaí ar bith a mbainfí maoiniú díobh. Aontaíodh go ndéanfaí tuilleadh eagarthóireachta ar an cháipéis chomhairliúcháin lena déanamh níos soiléire don phobal. Aontaíodh go leasófaí an cháipéis chomhairliúcháin agus go scaipfí ar an Bhord í.

Aontaíodh gurbh fhiú cruinniú eile a lorg leis an Aire Humphreys, T.D. chun impleachtaí ciorruithe buiséid a phlé léi.

Pól Ó Gallchóir
Cathaoirleach
19 Bealtaine 2017

Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2017

	lomlán	27/01/17	24/02/17	07/04/17	19/05/17	23/06/17	21/07/17	22/09/17	03/11/17	08/12/17
Pól Ó Gallchóir	3/3	✓	✓	✓						
Seán Mícheál Ó Domhnaill	3/3	✓	✓	✓						
Gráinne McElwain	3/3	✓	✓	✓						
Bláthnaid Ní Chofaigh	2/3	✓	X	✓						
Seán Ó hArgáin	2/3	✓	✓	X						
Seán Ó Coistealbha	2/3	✓	✓	X						
Conor McGuinness	2/3	✓	X	✓						
Barra Ó Muirí	2/3	✓	✓	X						
Maighréad Ní Chonghaile	3/3	✓	✓	✓						
Mairéad Farrell	2/3	✓	✓	X						
Máire Ní Neachtain	3/3	✓	✓	✓						
Sorcha Ní Chéide	3/3	✓	✓	✓						
Niall Ó Gallochobhair	3/3	✓	✓	✓						

Aguisín 1

**Scéim na bhFéilte
2017**

Buiséad 2017: €95,596

Ainm an Eagrais	Ainm an Tionscadail	Contae	Mark Faighte %	Méid Iarrtha €	Méid Molta €	Méid Iarrtha £	Méid Molta £
Armagh Pipers' Club	William Kennedy Piping Festival	Ard Mhacha	88			£3,500	£3,000
Cumann Merriman	Scoil Geimhridh Merriman & Scoil Samhraidh Merriman	Baile Átha Cliath	88	€5,000.00	€4,300		
Club Óige Rann na Feirste	Féile Dheireadh Seachtaine na Gaeilge	Dún na nGall	76	€1,458.75	€1,200		
Ionad Uíbh Eachach	Féile Bí Dána	Aontroim	76			£1,180	£1,000
An Cumann Gaelach Muineacháin	Féile Teanga Sliabh Beatha	Muineachán	73	€3,000.00	€2,100		
Baboró	Baboró International Arts Festival for Children	Gaillimh	73	€5,000.00	€3,400		
Comharchumann Rathcarn Teo.	Féile na Mí	Co. na Mí	73	€3,000.00	€2,000		
Éigse Cholm Cille	Éigse Cholm Cille	Doire	73			£3,500	£2,500
Scoil Cheoil an Earraigh	Scoil Cheoil an Earraigh	Co Chiarraí	73	€4,000.00	€2,800		
Cairde Dhroim nDamh	Súilóid Laidéar na Samhna & Féile Solais	Doire	70			£1,200	£900
Coiste Thraid Picnic	Féile Traid Picnic	Gaillimh	70	€9,411.46	€3,400		
Cumann Forbartha Chois Fharraige	Pléasca 1917 - 2017	Gaillimh	70	€3,900.00	€2,700		
Fingal Film Festival	Fingal Film Festival 2017	Baile Átha Cliath	70	€5,000.00	€3,400		
Loinneog Lúnasa – Féile Ceoil	Féile Ceoil agus Cultúr Ghaoth Dobhair (Luinneog Lúnasa)	Dún na nGall	70	€5,000.00	€3,500		
Scoil Samhraidh Willie Clancy	Scoil Samhraidh Willie Clancy	An Chlár	70	€5,000.00	€3,400		
University of Ulster	Éigse Loch Lao	Aontroim	70			£2,700	£1,800
An Droichead	Féile an Droichead 2017	Aontroim	67			£3,500	£2,300
Áras Éanna	Féilte Áras Éanna 2017	Gaillimh	67	€7,000.00	€3,200		
Carntogher Community Association	Féile Chairn Tóchair 2017	Doire	67			£3,500	£2,300

Club Óige Mhic Reachtain	Féile Gafa	Aontroim	67			£3,500	£2,300
Consairtín	Consairtín 2017	An Chlár	67	€2,500.00	€1,500		
Galway Film Fleadh	Junior Galway Film Fleadh	Gaillimh	67	€5,000.00	€3,200		
Glór Uachtar Tíre	Scoil Samhriadh Shéamuis Uí Néill 2017	Co. An Dúin	67			£3,500	£2,100
Liú Lúnasa	Liú Lúnasa	Aontroim	67			£3,500	£2,300
Muintir na Gaeilge Ongar	Féile 15	Baile Átha Cliath	67	€3,500.00	€2,300		
Siamsa Sráide	Siamsa Sráide	Maigh Eo	67	€2,000.00	€1,300		
Sligo Feis Ceoil	Sligo Feis Ceoil	Sligeach	67	€2,000.00	€1,300		
University of Limerick - Ollscoil Luimní	BLAS International Summer School of Irish Traditional Music and Dance	Luimneach	67	€5,000.00	€3,300		
Alliance Francaise	Franco-Irish Literary Festival	Baile Átha Cliath	64	€3,000.00	€1,800		
Cnoc na Gaoithe Cultural Centre	Féile Chnoc na Gaoithe 2017	An Chlár	64	€3,000.00	€1,800		
Comhlacht Forbartha Inis Meáin	Féile Inis Meáin	Gaillimh	64	€5,000.00	€3,000		
Cumann Chultúrtha Mhic Reachtain	Scoil Smahraidh Mhic Reachtain 2017	Aontroim	64			£3,500	£2,200
Cumann Gaelach Ard Mhic Nasca	Féile NASCA 2017	Co. An Dúin	64			£600	£500
Féile na Bealtaine	Féile na Bealtaine	Ciarraí	64	€5,000.00	€3,000		
Gaeilge Locha Riach	Féile Raifteirí	Gaillimh	64	€4,520.00	€2,500		
Glór na Móna	Féile na Carraige	Aontroim	64			£3,500	£2,200
Navan Choral Festival	Navan Choral Festival	Co. na Mí	64	€5,000.00	€3,000		
Scoil Acla	Scoil Samhraidh Scoil Acla 2017	Maigh Eo	64	€5,000.00	€3,000		

€66,400
.00

£
25,400.00
€
29,195.40

Iomlán: €95,595.40

Iarratais incháilithe ach easpa buiséid

Uimhir Thagartha	Ainm an Eagrais	Ainm an Tionscadail	Contae	Mark Faighte %	Méid Iarrtha €	Méid Molta €	Méid Iarrtha £	Méid Molta £
1701004.39	An Cumann Scoildrámaíocht	Féile Dhoire	Doire	61			£ 820.00	650
1701004.40	An Féile Scoildrámaíochta	Féile Scoildrámaíochta Uladh	Dún na nGall	61	€2,000	€1,200		
1701004.41	Coiste Ionad Pobail Dún Lúiche	Féile an Earagail	Dún na nGall	61	€5,000	€3,000		
1701004.42	Cruthu Arts Festival	Cruthu Arts Festival	Longfort	61	€5,000	€3,000		
1701004.43	Cumann Scoildrámaíochta na Gaillimhe	Féile Scoildrámaíochta na Gaillimhe	Gaillimh	61	€1,500	€1,000		
1701004.44	The Gap Arts Festival	The Gap Arts Festival - Féile Ealaíona an Bhearna	Loch Garman	61	€2,950	€1,500		
							€ 9,700.00	£ 650.00
								€747.13
								€10,447
								.13
								Iomlán

Aguisín 2

Nóta eolais: Gaelscoileanna
Uimhir thagartha: 1601062

	Ceadaithe € (01 Eanáir 2017 go 31 Nollaig 2017) ag CB 09/12/16	Leasú Buiséid Iarrtha 24/01/17
Tuarastail		
Ardfheidhmeannach, Príomhoifigeach Cúnta, 28/2009, 7+8	€92,468	€ 92,468.05
Leas-Ardfheidhmeannach, Ard Oifigeach Feidhmiúcháin, 28/2009, 9	€70,390	€ 70,390.01
Oifigeach Sinsearach Polasaí & Forbartha, Ard Oifigeach Feidhmiúcháin, 28/2009, 3+4	€56,919	€ 56,919.19
Oifigeach Eolais & Airgeadais, Oifigeach Feidhmiúcháin, 28/2009, 7+8	€47,629	€ 47,628.52
Oifigeach Forbartha, Oifigeach Feidhmiúcháin, 17/2015, 6+7 (scála 1 go MF 2017)	€40,051	€ 30,703.75
Oifigeach Forbartha, Oifigeach Feidhmiúcháin, 18/2010, 6+7	€41,078	€ 41,077.55
Oifigeach Forbartha, Oifigeach Feidhmiúcháin, 2/2014, 2+3	€34,378	€ 34,378.18
Oifigeach Forbartha, Oifigeach Feidhmiúcháin, 2/2014, 9+10	€47,329	€ 47,329.31
Riarthóir Oifige, Oifigeach Cléireachais, 2/2014, 3+4	€27,347	€ 27,347.29
Fo-iomlán	€ 457,589	€ 448,241.85
Costais reatha		
Taisteal agus cothabháil	€ 35,000	€ 40,000
Gnáthchostais reatha	€ 99,973	€ 104,321
Fo-iomlán	€ 134,973	€ 144,321
Seirbhísí / Gníomhaíochtaí		
FEIDHM I		
Gníomhaíocht 1 (Feachtas Feasachta agus seimineár faoin tumoideachas i gcomhthéacs an Polasaí Oideachais Gaeltachta)	€5,000	€5,000
FEIDHM V		
Gníomhaíocht 2 (Comhairliúcháin le scoileanna agus naíonraí)	€5,000	€5,000
FEIDHM VII		
Gníomhaíocht 4 (Forbairt phleanáilte ar fhorais thumoideachais nua)	€10,000	€10,000
Gníomhaíocht 6 (comhairliúchán agus oilíúint do na boird bainistíochta/coiste na ₅₁	€5,000	€5,000

dtuismitheoirí faoin tumoideachas)		
FEIDHM VII		
Gníomhaíocht 12 (Cruinnithe ardaithe feasachta faoin leanúchas))	€5,000	€5,000
FEIDHM VIII		
Gníomhaíocht 11 (Clár Gaeilge do thuismitheoirí)	€10,000	€10,000
FEIDHM IX		
Gníomhaíocht 5 (deontas le chéile trí Ghaeilge)	€27,000	€27,000
Gníomhaíocht 9 (Forbairt agus seachadadh nuachtlitir)	€3,000	€3,000
FEIDHM XI		
Gníomhaíocht 7 (Cúrsa Gaeilge a fhorbairt do stiúrthóirí naíonra)	€10,000	€10,000
FEIDHM XIV		
Gníomhaíocht 3 (RSO agus an tumoideachas – oiliúint tríd na réigiúin)	€6,000	€6,000
Gníomhaíocht 8 (Comhroinnt an deá-chleachtais a éascú trí Chomhdháil Oideachais 32 contae)	€15,000	€15,000
FEIDHM XV		
Gníomhaíocht 10 (Forbairt agus oiriúnú ábhar bolscaireachta ar an tumoideachas)	€10,000	€10,000
Gníomhaíocht 13 (Feachtas ardaithe feasachta You Tube)	€5,000	€5,000
Fo-iomlán	€116,000	€116,000
MÓR-IOMLÁN	€708,562	€708,562

Cúis leis an leasú:

- Beidh Oifigeach Forbartha nua ag feidhmiú ar scála 1 go dtí Meán Fómhair 2017 nuair a thagann an iar-Oifigeach Forbartha ar ais
- Cuirfear an t-airgead breise i dtreo Chostais Reatha agus Oifige

Cead:

Cheadaigh an Príomhfheidhmeannach an leasú seo ar an 26 Eanáir 2017

Aguisín 3

Ballraíocht ar an Fhóram Forbartha Teanga

Baill Reatha (Síneadh ama 2 bhliain)

Ainm	Earnáil	Eagraíocht	Contae	Dlíne
Muiris Ó Fiannachta	Na Meáin	Raidió na Life	Baile Átha Cliath	Ó Dheas
Domhnall Ó Loinsigh	Forbairt Pobail/ Oideachais	An Clár as Gaeilge	Co. an Chláir	Ó Dheas
Bríde de Róiste	Forbairt Pobail	Glór Cheatharlach	Ceatharlach	Ó Dheas
Tadhg Mac Dhonnagáin	Na hEalaíona	Futa Fata	Gaillimh	Ó Dheas
Risteard Mac Gabhann	Earnáil an Oideachais, Earnáil d'Aosaigh & Earnáil Dheonach	Conradh na Gaeilge, Doire	Doire	Ó Thuaidh
Maedhbh Ní Dhónaill	Earnáil Óige	Ógras	Baile Átha Cliath	Ó Dheas
Niamh Ní Chonchubhair	Na hEalaíona	Axis	Baile Átha Cliath	Ó Dheas
Pól Ó Frighil	Earnáil Phoiblí & Earnáil Dheonach	Comhairle Cathair Dhoire	Doire	Ó Thuaidh
Emer O' Hagan	Earnáil Dheonach	Glór Uachtar Tíre	An Dún	Ó Thuaidh
Tomái Ó Conghaile	Na Meáin	NÓS Mag	Co. Aontroma	Ó Thuaidh

Baill Nua Molta (Tréimhse 4 bliana)

Ainm	Earnáil	Eagraíocht	Contae	Dlíne
Sara Ní Chuireáin	Earnáil Dheonach & Earnáil na hEalaíona	Conradh na Gaeilge, Boirche Íochtar	An Dún	Ó Thuaidh
Aoife Nic Con Midhe	Earnáil Dheonach & Earnáil Óige	Leath Chathail	An Dún	Ó Thuaidh
Ógie Ó Ceilleachair	Earnáil an Oideachais & Earnáil Óige	Scéim na gCoimisiún	Luimneach	Ó Dheas
Séamus Mac Dháibhéid	Forbairt Pobail	Gaeláras Mhic Ardghail	An Dún/ Ard Mhaca	Ó Thuaidh
Joe Ó Dochartaigh	Óige/ Forbairt Pobail	An Carn/ Club Óige Luraigh	Doire	Ó Thuaidh
Darach Ó Scolaí	Na hEalaíona	Leabhar Breac	Gaillimh	Ó Dheas
Mícheál Ó Dómhnaill	Earnáil na hEalaíona & Oideachas	Fibín	Gaillimh	Ó Dheas
Dr Deirdre Nic Mhathúna	Earnáil an Oideachais	Fiontar DCU	Baile Átha Cliath	Ó Dheas
Noel Ó Gallchóir	Oideachas/ Óige	Cumann Ghort a Choirce	Dún na nGall	Ó Dheas
Caitlín Ní Chochlainn	Poiblí	Líonra Leitir Ceanainn	Dún na nGall	Ó Dheas
Malachy O'Neill	Oideachas	Ollscoil Uladh	Doire	Ó Thuaidh

FOCLÓIREACHT – TUAIRISC THRÉIMHSIÚIL DON BHORD (Lgn 0.1)

DÁTA: 15 Feabhra 2017

1. ACHOIMRE

- Príomhspríocanna uile bainte amach

2. GARSPRIOCANNA DON TRÍ MHÍ SEO CAITE

(an tréimhse 22/11/16 - 15/2/17)

	GARSPRIOC	Dáta Tosaithe	Spríocdháta	STÁDAS	FREAGRACH	% curtha i gcrích	NÓTA TRÁCHTA
1.	FNBG, Leagan Leictreonach – iontrálacha breise <ul style="list-style-type: none"> • An líon AC a mhéadú go dtí 135,000 	01 Iúil 16	31 Ean	Curtha i gcrích	FnaG – BT/EF	100%	140,000 AC sa leagan leictreonach anois, 5,000 AC os cionn sprice
2.	FNBG Leagan Leictreonach – comhaid fuaimne breise <ul style="list-style-type: none"> • 23,000 comhad fuaimne sa bhreis le huaslódáil 	03 Ean	30 Noll	Curtha i gcrích	FnaG – BT/EF	100%	Líon na gcomhad fuaimne méadaithe ó 46,000 go dtí 68,000 – 22,000 comhad nua, 5% faoi bhun sprice

	GARSPRIOC	Dáta Tosaithe	Spríocdháta	STÁDAS	FREAGRACH	% curtha i gcrích	NÓTA TRÁCHTA
3.	FNBG, Leagan Clóite <ul style="list-style-type: none"> Dearadh & plean tionscadail Faomhadh na téarmaíochta nua – sciar 1 	03 Ean 03 Ean	30 Meith 31 Márta	Idir lámha Idir lámha	FnaG – BT/EF	20% 0%	An chéad seisiún pleanála curtha i gcrích
4.	An Straitéis Foclóireachta <ul style="list-style-type: none"> Plean Gnó le cur faoi bhráid na Ranna 	03 Ean	31 Márta	Le cur i gcrích	FnaG – BT/EF	0%	
5.	Áiseanna foclóireachta eile – <i>teanglann.ie</i> <ul style="list-style-type: none"> Aip a fhorbairt do na foclóirí agus na bunachair uile ar <i>teanglann</i> 	01 Iúil 16	31 Noll 16	Idir lámha	FnaG – BT/EF	75%	Ar gcúl – cuireadh moill ar thástáil na haipse de bharr an obair a bhí ag gabháil le FNBG (tasc 1 thuas). 31 Márta 17 an spríocdháta nua.

3. SAINCHEISTEANNA

	SAINCHEIST	TIONCHAR AR AN TIONSCADAL	GNÍOMHAÍOCHT MHOLTA/NÓTA TRÁCHTA

1.	<p>An Eagarthóireacht Shinsearach</p> <p>Tá riosca leanúnach ag gabháil leis an bhfochéim seo le cúpla bliain anuas, de bharr nach bhfuil ach duine amháin as foireann an Fhoclóra ag feidhmiú sa ról seo, agus nach raibh ach coibhéis 1.2 duine lánaimseartha (FTE) san iomlán i mbun na hoibre seo laistigh den Fhoras, móide beirt eagarthóir seachtrach páirtaimseartha.</p> <p>Anuraidh bhí ar dhuine de na heagarthóirí sinsearacha san Fhoras éirí as cúraimí foclóireachta, móide duine amháin de na heagarthóirí sinsearacha seachtracha, rud a laghdaigh foireann na n-eagarthóirí sinsearacha ó chúigear go dtí triúr.</p>	MEÁNACH	Cuireadh dualgais áirithe faoi bhráid bheirt sa bhreis d'eagarthóirí seachtracha.
----	--	----------------	---

4. SAINCHEISTEANNA

	RIOSCA	TIONCHAR AR AN TIONS-CADAL	DÓCHÚ-LACHT	GNÍOMHAÍOCHT MHAOLAITHE MHOLTA/NÓTA TRÁCHTA
1.	An Eagarthóireacht Shinsearach	MEÁNACH	ÍSEAL	Féach saincheist 1 thuas. Beidh an saincheist seo ina riosca leanúnach don chéim dheireanch den tionscadal, an leagan clóite.

5. CAITEACHAS

2016 – An Foclóir Nua Béarla-Gaeilge

	MÉID	NÓTA TRÁCHTA
Buiséad na bliana 2016	37,005	

Caiteachas go dtí 31 Nollaig	48,057	€11,000 os cionn buiséid – féach saincheist 1 thuas
Méid den Ollbhuiséad fágtha	116,305	Don leagan clóite

2016 – Tionscadail foclóireachta eile

	MÉID	NÓTA TRÁCHTA
5006004 Cothabháil FNBG	104,899	Clúdaithe faoin líne buiséid seo: <ul style="list-style-type: none"> • Táilli ceadúnais & cothabhála don suíomh, don aip agus don DPS • Feidhmeanna nua a fhorbairt ar an suíomh agus san aip
5006003 Feachtas Poiblíochta	3,682	
5006002 Teanglann	86,195	€48K caite ar aip <i>teanglann.ie</i>
5007002 An Corpas	55,099	

MÓRIOMLÁN – na tionscadail foclóireachta uile	297,932	
--	----------------	--

6. STÁDAS IOMLÁN THIONSCADAIL FNBG

	CÉIM/GNÍOMHAÍOCHT	% CURTHA I GCRÍCH	STÁDAS	NÓTA TRÁCHTA
1.	Céim 2a – Na Creataí Iontrála	100%	Glanta	
2.	Céim 2b – an tAistriúchán	100%	Glanta	
3.	Céimeanna 2c/2d – an Eagarthóireacht	100%	Glanta	
4.	Cur i gcrích an Leagain Leictreonaigh	100%	Glanta	
5.	Céim 3 – Foilsiú (ar líne)	100%	Glanta	
6.	Céim 2E – eagarthóireacht don leagan clóite	0%	Idir lámha	
7.	Céim 3B – foilsiú an leagain chlóite	0%	Le cur i gcrích	

7. GARSPRIOCANNA 2017

	GARSPRIOC	Dáta Tosaíthe	Spriocdháta	STÁDAS	FREAGRACH	NÓTA TRÁCHTA
--	-----------	---------------	-------------	--------	-----------	--------------

	GARSPRIOC	Dáta Tosaithe	Spríocdháta	STÁDAS	FREAGRACH	NÓTA TRÁCHTA
1.	FNBG, Leagan Leictreonach – cothabháil leanúnach <ul style="list-style-type: none"> Babhta cothabhála 1 Babhta cothabhála 2 	01 Bealt 01 Samh	31 Bealt 30 Samh	Le cur i gcrích Le cur i gcrích	FnaG – BT/EF	<ul style="list-style-type: none"> Mionleasuithe le cur i gcrích de réir mar a thagann focail agus cialla nua chun cinn Mioncheartúcháin ar na hiontrálacha beo Leaganach nua den aip (ábhar nua & feidhmeanna nua)
2.	FNBG, plean don fheachtas bolscaireachta le dréachtú <ul style="list-style-type: none"> Freastal ar chomhdálacha Fócasghrúpaí d'úsáideoirí Físeáin treorach bhreise 	03 Ean	30 Meith	Le cur i gcrích	FnaG – BT/EF	
3.	FNBG, méadú tráchta <ul style="list-style-type: none"> Úsáid an tsuímh a mhéadú 10% Ioncam ó fhógraí a fhiosrú 	03 Ean	30 Meith	Le cur i grích	FnaG – BT/EF	
4.	Áiseanna foclóireachta eile – <i>teanglann.ie</i> <ul style="list-style-type: none"> An Draoi Gramadaí – leaganacha nua Comhaid ghramadaí sa bhreis 	01 Fea	31 Noll	Idir lámha Le cur i gcrích	FnaG – BT/EF	Leagan nua leis na réamhfhocail á thástáil faoi lárhair
5.	Corpas na Gaeilge Labhartha <ul style="list-style-type: none"> Méadú ó 2.2 milliún go dtí 3 milliún focal 	03 Fea	31 Noll	Idir lámha	FnaG – BT/EF	<ul style="list-style-type: none"> 1 milliún focal mar sprioc i ngach ceann den trí mhórchanúint

Eochair an dathchóduithe

Riosca/saincheist/tasc aibhsithe i ndath dearg	<ul style="list-style-type: none">• Riosca ard atá i gceist, nó• saincheist a d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a imirt ar an tionscadal, nó• tasc a bhfuil riosca ard ag gabháil leis, nó a bhfuil moill shuntasach ar na spriocdhátaí atá luaite leis;
Riosca/saincheist/tasc aibhsithe i ndath oráiste	<ul style="list-style-type: none">• Riosca meánach atá i gceist, nó• saincheist a d'fhéadfadh tionchar suntasach a imirt ar an tionscadal, nó• tasc a bhfuil riosca meánach ag gabháil leis, nó a bhfuil moill mheánach ar na spriocdhátaí atá luaite leis;
Riosca/tasc nach bhfuil aibhsithe	<ul style="list-style-type: none">• Riosca íseal, nó• tasc a bhfuil riosca íseal ag gabháil leis/tasc nach bhfuil riosca ar bith ag gabháil leis, nó tasc nach bhfuil moill ar bith ar na spriocdhátaí atá luaite leis.

**Miontuairiscí ón 154ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 19 Bealtaine 2017
in oifig Fhoras na Gaeilge, Béal Feirste.**

I láthair: P. Ó Gallchóir (Cathaoirleach) S. M. Ó Domhnaill, B. Ní Chofaigh, S. Ó Coistealbha, M. Ní Chonghaile, M. Ní Neachtain, C. McGuinness, M. Farrell agus N. Ó Gallochobhair.

Leithscéal: B. Ó Muirí (Leas-Chathaoirleach), G. McElwain, S. Ó hArgáin agus S. Ní Chéidigh.

Ag freastal: S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí, S. Ó hEidhin agus S. Uí Choinne.

01.154 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 7 Aibreán 2017 agus shínigh an Cathaoirleach iad. Ardaíodh ceist faoi dhréacht-mhiontuairiscí a chur ar fáil roimh an chruinniú Boird le go mbeadh deis ag comhaltaí moltaí a dhéanamh ina leith agus aontaíodh an cheist sin a phlé arís. Pléadh an próiseas comhairliúcháin maidir le maoiniú d'ionaid Ghaeilge agus d'iarr M. Ní Chonghaile go gcuirfí ar an taifead gur shíl sí nach raibh plé leathan go leor ag an Bhord de bharr nach raibh go leor ama ag an Bhord moltaí breise a dhéanamh. Míníodh go raibh brú ama ann tús a chur leis an chomhairliúcháin 8 seachtaine chun go mbeadh sé críochnaithe roimh an samhradh. Sa chás go mbeadh comhairliúchán eile le déanamh feasta, moladh go dtabharfaí níos mó ama don Bhord. Mhínigh an Príomhfheidhmeannach gur bailiú eolais a bhí i gceist anois leis an phróiseas comhairliúcháin ar Ionaid Ghaeilge agus go mbeadh deis ag an Bhord plé iomlán a bheith acu ar na roghanna ar fad sula ndéanfaí cinneadh ar bith. Mhínigh sé go raibh gach seans ann go mbeadh iarratais ar mhaoiniú ag teacht ó ionaid i gceantair ó thuaidh, agus sula ndéanfaí na hiarratais sin a dhiúltú go mbeadh sé tábhachtach a chinntiú go mbeadh an t-eolas cuí uilig ag an Bhord le go mbeadh na cinntí sin bunaithe ar fhíricí seachas ar thuairimíocht. Luaigh sé go raibh dualgas ar Fhoras na Gaeilge leas straitéiseach na Gaeilge a dhéanamh ar fud na tíre, agus gur chóir na cinntí ina leith sin a bheith bunaithe ar scagadh ar fhíricí, agus gur chuige sin a bhí an comhairliúchán. Chuir an Cathaoirleach in iúl go mbeadh toscaireacht ón dá Chultúrlann ó thuaidh taobh amuigh den oifig ar 12.30i.n. inniu agus go raibh sé i gceist aige féin agus ag an Príomhfheidhmeannach aighneachtaí a bhailiú uathu.

Tugadh ómós speisialta do S. Mac Donncha, iar-Chathaoirleach ar Bhord Fhoras na Gaeilge, a cailleadh ar 20 Bealtaine 2016. Thug an Cathaoirleach aitheantas do B. Ní Chofaigh as gradam Láithreoir Raidió na Bliana a bhuaigh sí ag Féile na Meán Ceilteach 2017 agus do Raidió na Life a bhuaigh gradam freisin.

02.154 COIMHLINT LEASA

Chuir an Cathaoirleach ceist ar an Bhord an raibh aon choimhlint leasa le nochtadh ag aon duine agus gur cheart sin a dhéanamh ag tús an chruinnithe nó le linn an chruinnithe, de réir mar ba ghá. Ní raibh aon choimhlint leasa le nochtadh.

03.154 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl:

- Nach raibh cead faighte go fóill ó REOGRTG maidir leis an mhaoiniú breise – ní fios cá mhéad den €750,000 a fógraíodh roimh an Nollaig don Fhoras Teanga a bheidh ar fáil ag Foras na Gaeilge. Ní fios ach oiread cad iad na tionscadail a bheidh REOGRTG sásta a cheadú. Ní bheidh cead cuid ar bith den mhaoiniú a chaitheamh ar thionscadail atá luaite cheana féin sa Phlean Gnó ná sa Phlean Corparáideach, ná ní bheidh cead caiteachas a dhéanamh ar thionscadail uile-Oileán nó ar thionscadail ó thuaidh. Ní bheidh cead caiteachas a dhéanamh ar thionscadail a mhairfidh níos faide ná an bhliain reatha.

Iarradh go gcuirfí mar riosca úr ar an chláir riosca an rioscaí nach bhféadfaí an maoiniú a chaitheamh roimh dheireadh na bliana reatha mura bhfaighfí cead go luath ó REOGRTG.

- Go raibh cead faighte ó REOGRTG maidir leis an gcás gnó do na hoifigí nua ar Shráid Amiens. Beidh Príomhthearmaí an Léasa le haontú gan mhoill. Tá súil go mbeidh na hoifigí nua réidh faoi dheireadh 2017.
- Go mbeidh deireadh le léas Fhoras na Gaeilge ar na hoifigí i Sráid Fhredric ag deireadh mhí na Bealtaine agus beidh foireann Shráid Fhredric á n-aistriú go hoifigí Chearnóg Mhuirfean ar bhonn sealadach go mbeidh na hoifigí nua réidh.

Iarradh go gcuirfí cóip de litreacha na Ranna maidir leis an údarú oifigiúil ar fáil do Chomhaltaí Boird mar eolas.

- Go mbeidh treoir nuashonraithe le teacht ón Roinn Pobal maidir le buiséad 2016/17 i ndeireadh Mheithimh 2017, mar shocrú eatramhach le linn don dlínse ó thuaidh a bheith gan rialtas.
- Gur tháinig deireadh leis an gcomhairliúchán ar Scéim na nOifigeach Gaeilge ó thuaidh ar an ar an 5 Bealtaine. Cuirfear tuairisc agus moltaí faoi bhráid an Choiste Forbartha le teacht chuig cruinniú Boird.
- Go raibh an comhairliúchán ar mhaoiniú le haghaidh ionaid Ghaeilge ar siúl faoi láthair. <http://www.forasnagaeilge.ie/nuacht/comhairliuchan/>
- Gur bronnadh na gradaim a leanas:
 - a) Bhronn J. Spillane ceoltóir agus amhránaí, gradaim ar pháistí a ghlac páirt i Scríobh Leabhar i nGaelscoil na Dúglaise, Corcaigh ar an 4 Aibreán.
 - b) Bhronn B. Ní Chofaigh na Gradaim Ghaeilge ar mhic léinn a bhuaigh Gradaim Smedias, san Aviva ar an 6 Aibreán.
 - c) Bronnadh gradaim ar dhaltaí scoile a ghlac páirt sa tionscadal Eir Junior Spiders i bPáirc an Chrócaigh ar an 8 Bealtaine.
 - d) Bhronn B. Ní Chofaigh Gradam Margaíochta le Gaeilge ar J. Concannon, Éire 2016 ag ócáid bhronnta Óstán Clayton ar an 11 Bealtaine.
 - e) Bhronn an Príomhfheidhmeannach an gradam Gaeilge mar chuid de Irish News School, Club & Volunteer Award 2017 i mBéal Feirste ar an 12 Bealtaine, agus

f) Bhronn sé an gradam ar Chleachtóir Dlí Gaeilge na Bliana ag ócáid bhronnta in Óstán Clayton an oíche sin.

- Go raibh scéal faighte ón gCoimisinéir Teanga i leith gearáin a rinneadh i n-éadan Fhoras na Gaeilge faoi Alt 9(2) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, faoi muid freagra a thabhairt i nGaeilge ar chumarsáid i scríbhinn i mBéarla. Bunaithe ar chomhairle dlí atá glactha ag Oifig an Choimisinéara, tá siad den tuairim go bhfuil an gearán bailí, agus tá siad ag iarraidh an próiseas neamhfhoirmiúil imscrúdaithe a thabhairt chun críche anois. Is é tuairim Oifig an Choimisinéara Teanga, de réir an Achta, gur cóir freagra a thabhairt ar chumarsáid i scríbhinn sa teanga oifigiúil ina bhfaightear í. Dá réir sin, beidh leithscéal le gabháil leis an ngearánaí. Ní bheidh impleachtaí ar bith aige seo do chleachtas Fhoras na Gaeilge, de réir ár reachtaíochta bunaidh, ár ngnó inmheánach a dhéanamh trí Ghaeilge. Níl aon tionchar aige ach oiread ar chumarsáid a thionscnaímid le Comhaltaí Boird, agus níl aon riachtanas ag eascairt as cáipéisí atá cruthaithe i nGaeilge a chur ar fáil i mBéarla. Níl aon tionchar aige ach oiread ar chumarsáid ó bhéal.

Léirigh an Bord inní faoi Fhoras an Gaeilge a bheith ag déanamh chomhfhreagrais i mBéarla amháin agus moladh comhfhreagras a bheith i nGaeilge agus aistriúchán cúirtéiseach leis ar mhaithe le dea-chleachtas. Léiríodh míshásamh gur cuireadh comhfhreagras i mBéarla amach chuig an ngearánaí gan sin a chur faoi bhráid an Bhoird roimh ré. Moladh comhfhreagras dátheangach a chur feasta sa chás go bhfaightear litir i mBéarla amháin.

- Go raibh suíomh corparáideach Fhoras na Gaeilge ainmnithe ar an ngearrliosta do na 2017 eGovernment Awards. Bronnfar na gradaim i gCaisleáin Bhaile Átha Cliath ar an 26 Bealtaine.
- Gur sheol an Príomhfheidhmeannach an Fhéile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach i gCeatharlach ar an 18 Aibreán.
- Gur sheol an Cathaoirleach Réiviú: Léann Teanga (iris acadúil na mac léinn atá urraithe ag Foras na Gaeilge) in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ar an 4 Bealtaine.
- Go raibh tairiscint déanta leis an dá Líonra ó thuaidh.
- Go raibh allúntas na Roinne don Phróiseas Pleanála Teanga faofa agus glactha.
- Go raibh an Cathaoirleach, an Príomhfheidhmeannach agus an Rúnaí an Bhoird i láthair ag Bronnadh Duaiseanna Ghlór na nGael i Maigh Nuad ar an 22 Bealtaine.

Tugadh uasdátú don Bhord ar an staid reatha maidir le líonadh phost an Leas-Phríomhfheidhneannaigh / Stiúrthóra Seirbhísí Oideachais.

04.154 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE

Coiste na nDeontas

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le Scéim na gComplachtaí Drámaíochta 2017 (**Aguisín 1**). Cuireadh in iúl go raibh moladh ón Choiste go gcuirfí sciar den bhuiséad ar leataobh do ghrúpaí úra agus go gcuirfí tacaíocht ar fáil chun cuidiú le comhlánú na foirme iarratais. Cuireadh in iúl gur scaipeadh cáipéis ar an Choiste maidir leis na drámaí ar fad a bhí beartaithe ag na complachtaí drámaíochta agus aontaíodh go

scaipfí sin ar an Bhord freisin mar eolas. Pléadh ceist na drámaíochta ar bhonn níos leithne agus na tacaithe a bhí ar fáil di.

Ghlac an Bord leis an moladh deontas nach mó ná £24,940 a chur ar fáil d'Aisling Ghéar ó Scéim na gComplachtaí 2017 i dtreo na gcostas a bhaineann le clár oibre 2017.

Ainm an Iarratasóra	Uimhir Thagartha	Méid iarrtha	Méid molta
Aisling Ghéar	1701005.02	£75,000	£24,940

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le Scéim na gCampaí Samhraidh do 2017 (**Aguisín 2**).

Nótáil an Bord leasú buiséid ó Ghaelscoileanna (Gaeloideachas) (**Aguisín 3**). Tugadh míniú ar an nós imeachta a bhain le leasuithe buiséid faoi bhun thairseach tarmligin an Bhoird. Pléadh an riosca a d'fhéadfadh a bheith ann mura leanfaí deachleachtas maidir le leasuithe buiséid faoi bhun tarmligin an Bhoird. Rinneadh plé ar an socrú a bhí aontaithe leis na Ceanneagraíochtaí go bhféadfaí leasuithe ina mbuiséid a cheadú.

Thug an Bord moladh don tuairisc ar na ceardlanna feasachta agus iarradh go ndéanfaí iarracht gníomhú ar an aiseolas ón tuairisc. Pléadh an fhéidearthacht go ndéanfaí an chéad sraith eile de cheardlanna a réachtáil in ionaid Ghaeilge seachas in óstáin agus iarradh go mbeadh ionadaithe ó na Ceanneagraíochtaí i láthair agus seastáin eolais ann freisin. Moladh go ndéanfaí teagmháil leis na Ceannasaithe roimh an chéad sraith eile le cinntiú go mbeadh ionadaithe ar fáil.

Coiste Forbartha

Chuir Cathaoirleach an Choiste in iúl go raibh deacrachtaí córaim ag an gCoiste. Chuir an Cathaoirleach in iúl go bhféadfaí comhaltaí eile a cheapadh ar an gCoiste dá mba ghá. Aontaíodh go ndéanfaidh Cathaoirleach an Choiste féilire fadréimhseach a oibriú amach do chruinnithe go deireadh na bliana le cuidiú le baill socrúithe a dhéanamh roimh ré.

Clár rioscaí

Moladh go bpléifeadh an Coiste Iniúchta rioscaí breise maidir le brú ama a bheith ar an Bhord cinntí a dhéanamh, an mhoill atá le faomhadh na dtionscadal don mhaoiniú breise, agus arduithe cíosa sna hoifigí éagsúla. Ghlac an Bord leis an chlár rioscaí.

05.154 RÁITEAS CAITEACHAIS

Ghlac an Bord leis an ráiteas caiteachais go 30 Aibreán agus leis an mbuiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2017. Scaipeadh cáipéis airgeadais maidir leis an gcaiteachas agus bhí plé ina leith. Cuireadh in iúl go rabhthas ar sprioc ó thaobh caiteachais de. Cuireadh in iúl go bhfuil €10,500 aimsithe go himhneánach trí athdháileadh maoinithe a bhí le cur ar fáil do na grúpaí faoi Scéim na bhFéilte a bhí incháilithe ach nach raibh maoiniú go leor sa bhuiséad dóibh. Cuireadh in iúl go raibh fiosruithe á ndéanamh faoi oiliúint a chur ar fáil don fhoireann maidir le planáil teanga. Moladh go mbeadh deis ag fostaithe na gCeanneagraíochtaí freastal ar an oiliúint chéanna. Ghlac an Bord leis an ráiteas caiteachais agus leis an mbuiséad athbhreithnithe.

06.154 COMHFHREAGRAS

Cuireadh comhfhreagras ó Chultúrlann Uí Chanáin i láthair an Bhoird, ag iarraidh teacht i láthair an Bhoird le cur i láthair a dhéanamh. Socraíodh gurbh fhearr dá mbuailfeadh siad le feidhmeannaigh Fhoras na Gaeilge mar chuid den phróiseas comhairliúcháin.

Iarradh go gcuirfí ar an taifead go raibh aighneacht faighte ón dá Chultúrlann le linn an chruinnithe.

07.154 CUR I LÁTHAIR Ó NA CEANNEAGRAÍOCHTAÍ

Tháinig C. Ní Cheallaigh (Ceannasaí) agus D. Ua Bruadair (Cathaoirleach) i láthair an chruinnithe agus thug siad cur síos ar obair Chumann na bhFiann. Bhí sraith ceisteanna ina dhiaidh. Ghabh an Bord buíochas leo as an gcur i láthair agus d'fhág siad an cruinniú.

Tháinig L. Ó Maolaodha (Ceannasaí) agus M. de Brún (Cathaoirleach) i láthair an chruinnithe agus thug siad cur i láthair ar obair Oireachtas na Gaeilge. Bhí sraith ceisteanna ina dhiaidh. Ghabh an Bord buíochas leo as an gcur i láthair agus d'fhág siad an cruinniú.

08.154 CUR I LÁTHAIR AR ÉIRE ILDÁNACH

Tháinig J. Concannon (Stiúrthóir Éire Ildánach) i láthair an chruinnithe agus thug sé cur i láthair ar Éire Ildánach don Bhord. Bhí sraith ceisteanna ina dhiaidh. Ghabh an bord buíochas leis as a chur i láthair agus d'fhág sé an cruinniú.

09.154 FEACHTAS AGUS CUMARSÁID DON GHAELIGE

Aontaíodh go gcuirfí an mhír seo siar go dtí an chéad chruinniú Boird eile.

10.154 AON GHNÓ EILE

Pléadh ceist an phróisis maidir leis an chomhairliúchán do na hionaid Ghaeilge. Mhínigh an Príomhfheidhmeannach go mbíonn próiseas comhairliúcháin de dhíth nuair atá aon athrú suntasach le cur i bhfeidhm a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar an phobal, go háirithe i dtaca le maoiniú de. Chuir sé in iúl go raibh an dá Chultúrlann á maoiniú le tamall fada de bhlianta, ar bhonn iarratais ó bhliain go bliain, gan aon scéim ar leith faoina choinne agus gan an deis chéanna a bheith ag ionaid eile.

Mhínigh sé go raibh ionaid Ghaeilge á mbunú de réir a chéile le cúnaimh ón Chiste Infheistíochta ó thuaidh agus go mbeadh iarratais ar mhaoiniú ag teacht ó na hionaid nua sin, go raibh roinnt ionad eile ar fud na tíre thuaidh agus theas, nach raibh Foras na Gaeilge ag cur maoiniú ar fáil dóibh. Mhínigh sé nach raibh socrú déanta ag Foras na Gaeilge faoin mbealach is fearr le plé le hiarratais ar mhaoiniú ó na hionaid sin uilig. Mhínigh sé gur den dea-chleachtas go mbeadh an deis chothrom chéanna ag iarrthóirí ar mhaoiniú poiblí, go háirithe sa chás go raibh roinnt iarratas ar mhaoiniú sa réimse amháin (ionaid Ghaeilge mar shampla) á bhfáil ag Foras na Gaeilge. I gcásanna den chineál sin, mhínigh sé gur den dea-chleachtas go mbunófaí scéim iomaíoch le go mbeadh cothrom na féinne le fáil ag gach iarrthóir.

Mhínigh sé go raibh comhairliúchán á bheartú in 2016 ach nár éirigh linn an comhairliúchán poiblí a eagrú in am le go mbeadh scéim eagraithe do thús na bliana dar gcionn, agus socraíodh an comhairliúchán a chur siar go dtí an chéad leath de

2017, le go mbeadh athrú ar bith molta curtha i gcrích in am do bhliain airgeadais 2018. Chuir sé in iúl go mbeadh torthaí an phróisis comhairliúcháin le plé ag an gCoiste Forbartha go luath, agus nach ndéanfaí athrú ar bith ar an gcur chuige reatha gan faomhadh an Bhoird.

Ardaíodh ceist faoi mhodhanna oibre an Bhoird, agus moladh gur chóir deis a bheith ag comhaltaí Boird teacht le chéile gan an feidhmeannas i láthair. Mhínigh an Cathaoirleach nach bhféadfaí glacadh le moladh nach raibh ar an gclár oibre, ach go mbeadh nósmaireacht mar sin ag imeacht ó ghnáthchleachtas an Bhoird. Pléadh an cheist agus an cleachtas a bhí i bhfeidhm i bhforais stáit eile, agus pléadh an fhreagracht ar leith a bhí ar an bhfeidhmeannas agus ar an bPríomhfheidhmeannach go háirithe mar oifigeach cuntasach. Socraíodh go lorgódh an Cathaoirleach comhairle ar an gceist agus go gcuirfeadh sé ríomhphost chuig na comhaltaí ina leith.

Pól Ó Gallchóir
Cathaoirleach
23 Meitheamh 2017

Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2017

	lomlán	27/01/17	24/02/17	07/04/17	19/05/17	23/06/17	21/07/17	22/09/17	03/11/17	08/12/17
Pól Ó Gallchóir	4/4	✓	✓	✓	✓					
Seán Mícheál Ó Domhnaill	4/4	✓	✓	✓	✓					
Gráinne McElwain	3/4	✓	✓	✓	X					
Bláthnaid Ní Chofaigh	3/4	✓	X	✓	✓					
Seán Ó hArgáin	2/4	✓	✓	X	X					
Seán Ó Coistealbha	3/4	✓	✓	X	✓					
Conor McGuinness	3/4	✓	X	✓	✓					
Barra Ó Muirí	2/4	✓	✓	X	X					
Maighréad Ní Chonghaile	4/4	✓	✓	✓	✓					
Mairéad Farrell	3/4	✓	✓	X	✓					
Máire Ní Neachtain	4/4	✓	✓	✓	✓					
Sorcha Ní Chéide	3/4	✓	✓	✓	X					
Niall Ó Gallochobhair	4/4	✓	✓	✓	✓					

**Miontuairiscí ón 155ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 23 Meitheamh 2017
in Áislann Ghaoth Dobhair, Doirí Beaga, Co. Dhún na nGall.**

I láthair: P. Ó Gallchóir (Cathaoirleach), B. Ó Muirí (Leas-Chathaoirleach), S. M. Ó Domhnaill, G. McElwain, S. Ó hArgáin, S. Ó Coistealbha, M. Ní Chonghaile, M. Ní Neachtain, S. Ní Chéidigh agus N. Ó Gallochobhair.

Leithscéal: B. Ní Chofaigh, C. McGuinness agus M. Farrell.

Ag freastal: S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí, S. Ó hEidhin agus S. Uí Choinne.

Ritheadh rún comhbhróin le C. McGuinness mar gheall ar bhás a uncail agus le A. Davitt mar gheall ar bhás a garuncail. Ritheadh rún comhbhróin mar gheall ar bhás Dhomhnaill Mhic Síthigh, iar-bhall den Choiste Téarmaíochta agus ar bhás an Dr. Dónal Caird, iar-bhall de Bhord na Gaeilge.

01.155 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 19 Bealtaine 2017 agus shínigh an Cathaoirleach iad. Ardaíodh ceist faoin nós dréacht-mhiontuairiscí a chur ar fáil don Bhord agus dhearbhaigh an Cathaoirleach gur faoi Rúnaí an Bhoird na miontuairiscí a sholáthar, go gcuirtear na miontuairiscí ar fáil seachtain roimh an gcruinniú, gur féidir leasuithe a dhéanamh orthu ar lá an chruinnithe Boird féin, agus gur féidir le comhaltaí leasú molta a chur i scríbhinn chuig an Rúnaí roimh an gcruinniú Boird más mian leo sin a dhéanamh. Iarradh roinnt leasuithe agus glac an boird leo. Ardaíodh ceist faoi sheisiún comhairliúcháin an Oireachtais i leith Thodhchaí na Drámaíochtaí Gaeilge a bhí ar siúl ar an 1 Meitheamh agus léiríodh díomá nach raibh Comhaltaí Boird ar an eolas faoi. Chuir Rúnaí an Boird in iúl gur scaip sé eolas ar bhail Choiste na nDeontas ina leith.

D'iarr an Bord go gcuirfí liosta ar fáil don Bhord mar eolas feasta i leith imeachtaí na gCeanneagraíochtaí.

02.155 COIMHLINT LEASA

Chuir an Cathaoirleach ceist ar an mBord an raibh aon choimhlint leasa le nochtadh ag aon duine agus gur cheart sin a dhéanamh ag tús an chruinnithe nó le linn an chruinnithe, de réir mar ba ghá. Ní raibh aon choimhlint leasa le nochtadh.

03.155 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl:

1. Nach raibh cead faighte go fóill ó REOGR TG maidir leis an maoiniú breise – ní fios cá mhéad den €750,000 a fógraíodh roimh an Nollaig don Fhoras Teanga a bheidh ar fáil ag Foras na Gaeilge. Ní fios ach oiread cad iad na tionscadail a bheidh REOGR TG sásta a cheadú. Tá an cheist ardaithe le Stiúrthóir na Roinne, agus curtha ar an gClár Rioscaí.

Míníodh gur cuireadh roinnt moltaí faoi bhráid na Roinne i mí an Mhárta agus gur lorg an Roinn cásanna gnó do gach togra agus gur cuireadh sin chucu i mí Aibreáin. Cuireadh in iúl gur pléadh na tionscadail éagsúla leis na Stiúrthóirí agus

Clár bhainisteoirí ach nár pléadh ag leibhéal an Bhoird iad. D'iarr an Bord liosta de na moltaí do chruinniú Boird Meán Fómhair roimh an chéad athdháileadh eile.

2. Go raibh baill foirne Shráid Fhreidric uile lonnaithe anois in oifigí Chearnóg Mhuirfean ar bhonn sealadach.
3. Go mbeidh treoir nuashonraithe le teacht ón Roinn Pobal maidir le buiséad 2016/17 i ndeireadh Mheithimh 2017, mar shocrú eatramhach le linn don dlínse ó thuaidh a bheith gan rialtas cineachta.
4. Gur tháinig deireadh leis an bpróiseas comhairliúcháin ar mhaoiniú d'Ionaid Ghaeilge ar an 22 Meitheamh. Cuirfear tuairisc agus moltaí faoi bhráid an Choiste Forbartha le teacht chuig cruinniú Boird san fhómhar.
5. Gur tháinig deireadh leis an bpróiseas comhairliúcháin ar Scéim na nOifigeach Gaeilge ó Thuaidh ar an 5 Bealtaine. Tá an tuairisc pléite ag an gCoiste Forbartha. Cuirfear moladh faoi bhráid an Choiste Forbartha le teacht chuig cruinniú Boird.
6. Go raibh an PF i láthair ag bronnadh Ghaelbhratach ar an 29 Bealtaine ag ócáid bronnta ag Ráschúrsa Bhaile na Lobhar, ag a raibh 600 dalta scoile i láthair – bronnadh an Ghaelbhratach ar 71 scoil bun- agus dara leibhéal.
7. Go raibh freagra curtha chuig an gCoimisinéir Teanga i leith gearáin a rinneadh i n-éadan Fhoras na Gaeilge faoi Alt 9(2) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, faoi muid freagra a thabhairt i nGaeilge ar chumarsáid i scríbhinn i mBéarla.
8. Go raibh tairiscint déanta le 2 cheantar ó thuaidh le tacú leo pleananna teanga a fhorbairt dá mórcheantar mar atá á dhéanamh leis na 3 líonra ó dheas. Rinneadh na meastacháin i mbuiséad 2016 do dhá líonra ó thuaidh a dhíscríobh de bharr gur chinn an Bord ag Cruinniú Boird mhí na Nollag 2015 go mbeadh maoiniú Fhoras an Gaeilge do na 5 líonraí ar fad ag brath ar mhaoiniú ar leith ó na Ranna ina leith, agus nuair nach raibh an maoiniú ar leith sin ar fáil ón Roinn Pobal, cinneadh na meastacháin ina leith a dhíscríobh. Ó shin i leith tá maoiniú faighte ó REOGRTG i leith na 3 líonra ó dheas agus cinneadh déanta maoiniú a chur ar fáil don dá cheantar ó thuaidh as gnáthbhuiséad Fhoras na Gaeilge le tacú leo pleananna teanga a fhorbairt.

De bharr gur díscríobhadh an dá dheontas roimhe beidh siad le húdarú arís ag leibhéal an Bhoird.

9. Go raibh cruinniú le foilsitheoirí a fhaigheann maoiniú ó Fhoras an Gaeilge faoi phróiseas iarratais 2018.
10. Go raibh agallaimh ann do phost an Leas-Phríomhfheidhmeannaigh/Stiúrthóirí Seirbhísí Oideachais.
Cuireadh in iúl go raibh tairiscint déanta le E. Ní Chorráin, go raibh sí i ndiaidh glacadh leis an tairiscint agus go mbeadh sí ag tosú ar 14 Lúnasa 2017.
11. Go raibh deireadh le tionscadal digiteach Shéideán Sí agus tá an t-ábhar ar fáil ar líne ag www.seideansi.ie
12. Go ndearna an PF cur i láthair ag an gcéad chruinniú den Fhóram Forbartha Teanga.
13. Go ndearna an PF cur i láthair ag ceardlann do na hoifigigh atá fostaithe faoin Scéim Pobal Gaeilge.
14. Gur bhuail an Cathaoirleach agus an PF le hArdstiúrthóir CLG, P. Ó Dufaigh, agus míníodh go ndéanfaí réimse leathan d'ábhair a phlé ag cruinnithe éagsúla

amach anseo de réir a chéile. Mhol M. Ní Neachtain go bpléifí ‘polasaí cosanta teanga’ do cheantair Ghaeltachta.

15. Go raibh an Cathaoirleach agus an PF i láthair ag cruinniú den Fhóram Comhpháirtíochta.
16. Go raibh Gradaim CRAOL bronnta ar Raidió na Life dá chlár maidine *An Bricfeasta Blasta* agus don mhionsraith ar chúrsaí meabhairshláinte *Cultúr Ciúnais*.
17. Go mbeadh ceann de na físeáin speisialta a léirigh NÓS, *Máthair*, le taispeáint ar eitiltí trasatlantacha Aer Lingus an samhradh seo. Cuireadh an físeán ar fáil le maoiniú ó Fhoras na Gaeilge.
18. Gur labhair an Príomhfheidhmeannach ag seoladh Fhéile an Phobail i mBéal Feirste ar an 6 Meitheamh.
19. Go raibh cruinniú de Ghrúpa Monatóireachta na Ranna ann ar an 19 Bealtaine.
20. Go raibh cruinniú poiblí faoi na Bailte Seirbhísí Gaeltachta i gCorcaigh ar an 24 Bealtaine agus cruinniú eile i nDún Garbháin ar an 14 Meitheamh. Bhí ionadaí ó Fhoras na Gaeilge, an Roinn agus ó Údarás na Gaeltachta i láthair ag na cruinnithe seo.
21. Gur bhronn an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha duais Fhoras na Gaeilge ag Seachtain na Scríbhneoirí i Lios Tuathail ar an 31 Bealtaine.

04.155 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE

Coiste na nDeontas

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le Scéim na nImeachtaí Óige 2017 (**Aguisín 1**).
Ghlac an Bord leis an moladh go gceadófaí suim nach mó ná £22,933.33 le haghaidh síneadh conartha 4 mhí do Rua Media ar mhaithe le NÓS.ie a fhoilsiú go leanúnach go 31 Nollaig 2017 go dtí go mbeadh an luacháil ar earnáil na meán Gaeilge clóite curtha i gcrích.

Ghlac an Coiste leis na hiarratais uile ar Scéim na gCoimisiún 2017 (**Aguisín 2**).
Ghlac an Coiste leis na hiarratais uile ar Scéim Meantóireachta 2017 (**Aguisín 3**).
Cuireadh in iúl gur mhol an Coiste go ndéanfaí daoine óga a mhealladh isteach faoin Scéim nó go n’iarrfaí ar Ghael Linn tabhairt faoi dheiseanna mar seo a chur ar fáil go háirithe do dhaltaí na hidirbhliana.

Ghlac an Bord leis na téarmaí tagartha leasaithe do choistí éagsúla Fhoras na Gaeilge (**Aguisín 4**).

Coiste Forbartha

De bharr nach raibh Cathaoirleach an Choiste i láthair, chuir an Leas-Chathaoirleach, tuairisc ar fáil. Chuir sí in iúl go raibh deacrachtaí córaim ag an gCoiste go fóill. Léiríodh inní faoi na cruinnithe a bheith á n-eagrú ar maidin seachas tráthnóna nuair a bheadh sé ní b’fhusa ag cuid de na baill freastal. Aontaíodh go labhródh an Cathaoirleach leis na baill arís faoi am na gcruinnithe. Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an gCoiste ar 6 Meitheamh ag ar pléadh an leagan clóite den fhoclóir Béarla Gaeilge agus na deacrachtaí leis sin - de bharr cúrsaí pearsanra go raibh laghdú de beagnach 50% ar líon na ndaoine a bheadh ar fáil le tabhairt faoin eagarthóireacht shinsearach, rud a chuirfeadh dáta foilsithe an leagain chlóite siar. Míníodh go dtiocfadh na roghanna éagsúla faoi bhráid an Choiste Forbartha i mí Iúil agus faoi bhráid an Bhoird ag an gcrúinniú ar an 21 Iúil dá réir. Chuir an Leas-Chathaoirleach

in iúl gur pléadh an luacháil ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta leis na Ceanneagraíochtaí, an comhairliúchán ar Scéim na nOifigeach Gaeilge, SWiFT 3000 agus an plean gnímh ina leith. Cuireadh in iúl go mbeadh tuairiscí ina leith sin uilig ag teacht chuig an mBord sna míonna beaga romhainn. Thug an Bord faomhadh do na dréacht-thearmaí tagartha don luacháil ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta leis na Ceanneagraíochtaí. Nótáil an Bord an tuairisc ar chomhairliúchán Scéim na nOifigeach Gaeilge, agus cuireadh in iúl go mbeadh moladh ina leith sin ag an gcrúinniú Boird i mí Iúil.

Coiste Iniúchta

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an gCoiste ar 15 Meitheamh ag ar nótáladh an polasaí sceithreachta agus an polasaí calaoise agus ag ar tugadh uasdátú ar chuntais 2015 agus 2016 freisin. Cuireadh in iúl gur pléadh agus gur glacadh leis an ráiteas dearbhúcháin agus gur pléadh an clár rioscaí freisin. Ghlac an Bord leis an gclár rioscaí.

Coiste Osradhairc

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an gCoiste ar an 9 Meitheamh ag ar pléadh cé acu ba chóir cruinnithe a bheith ann gan baill foirne i láthair orthu nó nár chóir. Míníodh go bhfuarthas comhairle maidir le dea-chleachtas, gur pléadh an nósmaireacht in eagraíochtaí eile Stáit, gur cuireadh comhairle ó na Ranna san áireamh agus an méid atá luaite ar an gceist sa Mheamram Airgeadais agus sa Chód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit sa phlé. Mhol an Coiste go leanfadh na gnáthchruinnithe Boird mar atá, agus go mbeadh cruinniú ann chun feidhmíocht an Bhoird, na gCoistí agus an fheidhmeannais a phlé, gan baill foirne i láthair aige uair amháin sa bhliain. Moladh go mbeadh cruinniú straitéiseach ann uair amháin sa bhliain freisin, agus go mbeadh deis ag comhaltaí plé a dhéanamh ar cheisteanna straitéiseacha le linn cuid den chruinniú sin gan baill foirne i láthair. Glacadh leis na moltaí sin.

Mhol Cathaoirleach an Bhoird go n-ainmneofaí G. McElwain mar ionadaí ar an gCoiste Forbartha agus ghlac an Bord leis an ainmniúchán sin.

Coiste Cholmcille

Chuir Cathaoirleach Choiste Cholmcille in iúl go raibh cruinniú den Choiste ann an tráthnóna roimh an gcrúinniú Boird ag ar pléadh deiseanna comhoibrithe idir Foras na Gaeilge agus Bòrd na Gàidhlig. Iarradh go bhforbrófaí cáipéis i dtaca le comhoibriú le hAlbain agus moladh comhdháil nó ócáid lae a reáchtáil le comhpháirtíocht a phlé. Meabhraíodh áfach go raibh buiséad imhfháilithe ag Clár Cholmcille, go raibh acmhainní Fhoras na Gaeilge agus acmhainní Bhòrd na Gàidhlig teoranta, agus go bhféadfadh srian a bheith ar na féidearthachtaí dá bharr sin.

05.155 RÁITEAS CAITEACHAIS

Phléigh an Bord an ráiteas caiteachais go 31 Bealtaine agus an buiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2017. Scaipeadh cáipéis airgeadais maidir leis an gcaiteachas agus bhí plé ina leith. Cuireadh in iúl go rabhthas ar sprioc ó thaobh caiteachais de. Ardaíodh ceist faoi Shéideán Sí agus iarradh go ndéanfaí uasdátú ar na leabhair anois agus an tionscadal le háiseanna digiteacha a chruthú curtha i gcrích; cuireadh in iúl go bhfuil cás gnó ina leith seo curtha faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna cheana. Ghlac an Bord leis na hathruithe buiséid. Ghlac an Bord leis an ráiteas caiteachais agus leis an mbuiséad athbhreithnithe.

06.155 RÁITEAS DEARBHÚCHÁIN

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go raibh socrú úr le cur in áit maidir leis an ráiteas dearbhúcháin, agus mhínigh sé gur pléadh agus gur glacadh leis ag an Choiste Iniúchta. Thug an Bord faomhadh don ráiteas dearbhúcháin.

07.155 COMHFHREAGRAS

Cuireadh in iúl go raibh dearbhú faighte ón Roinn Pobal ó thuaidh maidir leis an socrú do mhaoiniú Fhoras na Gaeilge go deireadh na bliana.

08.155 NA CEANNEAGRAÍOCHTAÍ

Pléadh an cur i láthair a rinne na 6 Ceanneagraíocht agus an luacháil a bhí le déanamh ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta. Aontaíodh go mbeadh sé tábhachtach a fháil amach an bhfuil luach ar airgead a fháil agus an bhfuiltear sásta le réimsí oibre, le feidhmeanna agus le feidhmíocht na gCeanneagraíochtaí. Pléadh ról an Fhórait Chomhpháirtíochta, déanmhas an Fhórait, agus minicíocht na gcrúinnithe. Míníodh go mbíonn cruinnithe rialta monatóireachta ag na Ceanneagraíochtaí le feidhmeannaigh Fhoras na Gaeilge agus go gcuireann siad tuairiscí ar fáil gach mí maidir lena bhfeidhmíocht de réir na bpleananna gnó atá acu. Aontaíodh go raibh bearna ann maidir le caidreamh poiblí agus go raibh gá le heolas a scaipeadh ar an bpobal faoi ról agus obair na gCeanneagraíochtaí agus na dtionscadal ar fad a bhfuil siad ag tabhairt fúthu. Rinneadh an pointe freisin nach bhfuil ‘rian coise’ Fhoras na Gaeilge trí na Ceanneagraíochtaí le feiceáil soiléir go leor sa phobal. Iarradh go bpléifí seo leis na Ceanneagraíochtaí. Ardaíodh ceist faoi dhúbláil oibre idir na Ceanneagraíochtaí agus faoi sheirbhísí comhroinnte. Léiríodh inní faoin dóigh a rabhtas ag plé le leasuithe i mbuiséid na gCeanneagraíochtaí. Ardaíodh ceist faoin iomarca óg-eagraíochtaí a bheith ag plé leis an nGaeilge ag leibhéal an phobail, go raibh siad in iomaíocht le chéile, agus arbh fhiú aon óg-eagraíocht amháin a bheith ann faoi choimirce Fhoras an Gaeilge. Iarradh go gcuirfí an cheist seo ar chlár oibre Fhoras na Gaeilge. Moladh go bhfeidhmeodh Foras na Gaeilge mar fhoinsé eolais don phobal ar obair na gCeanneagraíochtaí, agus go ndéanfaí forbairt ar an ról sin. Ardaíodh ceist faoi aon eagraíocht amháin uile-Éireann le tacú leis an ngaeloideachas.

Iarradh liosta d’ionadaithe Fhoras na Gaeilge ar choistí/boird éagsúla a chur ar fáil don Bhord mar eolas.

09.155 FEACHTAS AGUS CUMARSÁID DON GHAELIGE

Pléadh an feachtas feasachta don Ghaeilge agus cuireadh in iúl go raibh dhá fheachtas i gceist. Míníodh go raibh tairiscintí á lorg faoi láthair le straitéis a chur le chéile d’Fhoras na Gaeilge agus go gcuirfí an feachtas sin i gcrích faoi dheireadh na bliana. Míníodh go raibh sé i gceist go mbeadh mórfheachtas ann in 2018 agus roinnt páirtithe leasmhara ann ar nós an REOGRG, RTÉ, TG4, CLG srl. Cuireadh in iúl go mbeadh Conradh na Gaeilge ag tabhairt na bpáirtithe leasmhara le chéile i ngeall ar a ról abhcóideachta mar Ceanneagraíocht. Aontaíodh gur chóir uasdátú a bheith déanta ar an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge. Moladh na pointí seo a leanas:

1. go mbeadh coiste i ngach contae agus deiseanna úsáide pobalbhunaithe a bheith ann.
2. go mbeadh cruinniú amháin ag gach comhairle contae trí mheán na Gaeilge nó go dátheangach agus go dtacódh Foras na Gaeilge maidir le seirbhís chomhuaineach aistriúcháin a chur ar fáil dó sin.

3. teagmháil a dhéanamh leis na hoifigigh ealaíon sna comhairlí uile agus imeacht ealaíon a eagrú i ngach contae.
4. go mbeadh Gaelbhrtach ar leith ann in 2018.
5. go mbeadh béim ar an ngné idirnáisiúnta.
6. mórphearsana a úsáid mar a rinneadh in 2016.
7. go mbeadh feachtas ‘abairt amháin i nGaeilge’ ann.
8. gurbh fhiú saineolas an Bhoird a úsáid don mhórfheachtas.

10.154 AON GHNÓ EILE

Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis an Áislann as na háiseanna a chur ar fáil don chruinniú.

Pól Ó Gallchóir
Cathaoirleach
21 Iúil 2017

Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2017

	Iomlán	27/01/17	24/02/17	07/04/17	19/05/17	23/06/17	21/07/17	22/09/17	03/11/17	08/12/17
Pól Ó Gallchóir	5/5	✓	✓	✓	✓	✓				7
Seán Mícheál Ó Domhnaill	5/5	✓	✓	✓	✓	✓				
Gráinne McElwain	4/5	✓	✓	✓	X	✓				
Bláthnaid Ní Chofaigh	3/5	✓	X	✓	✓	X				
Seán Ó hArgáin	3/5	✓	✓	X	X	✓				
Seán Ó Coistealbha	4/5	✓	✓	X	✓	✓				
Conor McGuinness	3/5	✓	X	✓	✓	X				
Barra Ó Muirí	3/5	✓	✓	X	X	✓				
Maighréad Ní Chonghaile	5/5	✓	✓	✓	✓	✓				
Mairéad Farrell	3/5	✓	✓	X	✓	X				
Máire Ní Neachtain	5/5	✓	✓	✓	✓	✓				
Sorcha Ní Chéide	4/5	✓	✓	✓	X	✓				
Niall Ó Gallochobhair	5/5	✓	✓	✓	✓	✓				

Miontuairiscí ón 156ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 21 Iúil 2017 in oifig Fhoras na Gaeilge, Béal Feirste.

I láthair: P. Ó Gallchóir (Cathaoirleach), S. M. Ó Domhnaill, B. Ní Chofaigh, G. McElwain, S. Ó Coistealbha, M. Ní Chonghaile, M. Ní Neachtain, S. Ní Chéidigh, M. Farrell agus N. Ó Gallochobhair.

Leithscéal: B. Ó Muirí (Leas-Chathaoirleach), S. Ó hArgáin agus C. McGuinness.

Ag freastal: S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), J. Ó Labhraí, S. Ó hEidhin agus S. Uí Choinne.

Leithscéal: É. Ó hArgáin (Rúnaí).

01.156 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 23 Meitheamh 2017 agus shínigh an Cathaoirleach iad. Ardaíodh ceist faoin fheachtas feasachta go mbeadh ‘mórfheachtas ann in 2018’ agus iarradh go leasófaí sin go ‘Bliain na Gaeilge 2018’. Iarradh go leasófaí na miontuairiscí lena chur in iúl ‘gurb é tuairim an Bhoird go raibh sé an-mhall sa bhliain bheith ag planáil dó sin’. Rinneadh tagairt do na deacrachtaí córaim ag an Choiste Forbartha agus cuireadh béim ar fhreagracht na gcomhaltaí as a ról ar an Bhord agus ar na coistí éagsúla. Rinneadh tagairt don eolas a scaip Rúnaí an Bhoird ar Choiste na nDeontas faoi sheisiún eolais Oireachtas na Gaeilge i leith thodhchaí na drámaíochta Gaeilge agus iarradh go scaipfí eolas den tsórt sin ar na comhaltaí ar fad roimh ré mar chleachtas feasta. Ghlac an Bord leis na leasuithe sin.

Rinne an Cathaoirleach tagairt don Choiste Osradhairc agus an moladh a bhí ag an Choiste maidir le seisiúin gan feidhmeannas. Mhol sé go mbeadh seisiún gan feidhmeannas ag an Bhord ar 22 Meán Fómhair agus seisiún eile gan feidhmeannas ar 7 Nollaig. Tháinig moladh eile chun cinn go mbeadh cruinniú straitéiseach ann i mí Lúnasa agus seisiún gan feidhmeannas ina dhiaidh sin chun feidhmíocht an Bhoird srl a phlé. Ghlac an Bord leis an mholadh sin. Bhí plé faoi dháta agus ionad an chruinnithe Boird ar 22 Meán Fómhair a bhogadh go 29 Meán Fómhair chun comhdháil a bhí Muintearas a eagrú i gCo na Gaillimhe a éascú. Mhínigh an Príomhfheidhmeannach gurb é an gnáthchur chuige a bhí ann go scríobhfadh deontaithe chuig Rúnaí an Bhoird agus cuireadh oifigiúil a chur ar an Bhord dul chuig ionad ar leith. Moladh, cé nach deontaí de chuid Fhoras na Gaeilge iad, go gcuirfeadh Muintearas litir oifigiúil chuig Foras na Gaeilge i leith an iarratais sin agus glacadh leis an mholadh sin. Aontaíodh go rachadh an cruinniú Boird ar aghaidh ar 22 Meán Fómhair mar a bhí aontaithe cheana.

02.156 COIMHLINT LEASA

Chuir an Cathaoirleach ceist ar an mBord an raibh aon choimhlint leasa le nochtadh ag aon duine agus gur cheart sin a dhéanamh ag tús an chruinnithe nó le linn an chruinnithe, de réir mar ba ghá. Ní raibh aon choimhlint leasa le nochtadh.

03.156 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl:

1. Nach raibh cead faighte ón RCOG (an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta) maidir leis an mhaoiniú breise.

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go bhfuair sé glaoch ghutháin an lá roimhe ón Roinn ag cur in iúl go raibh an maoiniú breise sin faofa. Léirigh an Bord inní gur thóg sé chomh fada ar an dearbhú sin agus moladh litir a chur chuig an Roinn ina leith. Dhearbhaigh an Cathaoirleach gur luadh an mhoill leis an Aire Stáit áfach.

2. Go raibh an PF agus an Clár bhainisteoir sa Rannóg Cumarsáide i láthair ar chruinniú le feachtas feasachta in 2018 agus straitéis feasachta 3 bliana don Ghaeilge a phlé.

Dearbhaíodh gur bhain an cruinniú sin le ‘Bliain na Gaeilge 2018’ agus gurb é an Rialtas a shocródh an mbeadh Bliain na Gaeilge 2018 ann nó nach mbeadh. Sa chás nach gceadófaí Bliain na Gaeilge 2018, cuireadh in iúl go mbeadh feachtas feasachta trí bliana ag Conradh na Gaeilge ó tharla go raibh cúrsaí feasachta ar cheann de na feidhmeanna atá acu mar Ceanneagraíocht.

3. Gur ceapadh Lorg Media i ndiaidh próiseas tairisceana le straitéis ardaithe feasachta a fhorbairt i bpáirt le Foras an Gaeilge. Beidh an dréachtstraitéis réidh faoi dheireadh Mheán Fómhair 2017. Is é €10,000 méid an chonartha.

Míníodh go mbeadh Lorg Media i dteagmháil le foireann agus Bord Fhoras na Gaeilge, leis na Ceanneagraíochtaí agus leis na páirtithe leasmhara agus go mbeadh creatlach de straitéis á ullmhú acu dá réir.

4. Gur chuir an PF agus SSC aitheasc ag Buan-Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán ar *“Cheanncheathrú nua Fhoras na Gaeilge agus na costais atá leo”*.
5. Go raibh an PF agus an Clár bhainisteoir sa Rannóg Seirbhísí Forbartha i láthair ar sheimineár a d’eagraigh An Roinn Pobal ar an tionscadal taighde MEITS (Multilingualism: Empowering Individuals Transforming Societies) <http://www.meits.org/>
6. Go raibh cruinniú ag an PF agus an Eagarthóir Sinsearach i Rannóg na Foilsitheoireachta le hoifigigh shinsearacha sa Roinn Oideachais agus Scileanna faoi fhorbairt ar Shéideán Sí. Beidh an ROS sásta iarratas ó Fhoras na Gaeilge a mhaoiniú (uasmhéid de €500k as seo go ceann 3 bliana) chun forbairt a dhéanamh ar Shéideán Sí.
7. Go raibh an PF agus an Clár bhainisteoir i Rannóg na Pleanála Corparáidí i láthair ag cruinniú a d’eagraigh REOGR TG den Grúpa oibre faoin Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge.
8. Gur reáchtáladh feachtas poiblíochta le feachtas a ardú faoi champaí samhraidh 2017 a chuimsigh ailt i nuachtáin áitiúla, míreanna ar na meáin shóisialta, agallaimh raidió agus mír nuachta ar TG4 – Tá nasc do Nuacht TG4 thíos agus an mhír nuachta 8:32 nóiméad isteach sa chlár:
<http://www.tg4.ie/ga/player/baile/?pid=5505768695001&teideal=Nuacht%20TG4&series=Nuacht%20TG4&dlft=35>. Rinneadh comhoibriú le Conradh na Gaeilge le gach ceann den 82 champa a clárú ar eolaire PEIG.ie.
9. Go raibh an SSF i láthair ag cruinniú le Stiúrthóir na Gaeilge sa Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Chathair Átha Claith, Ard-Rúnaí

Chonradh na Gaeilge agus ionadaithe ó Fháilte Éireann ar an 27 Meitheamh le plé a dhéanamh ar fhorbairt Ceannáras Chonradh na Gaeilge ag 6 Sráid Fhearchair.

10. Gur fhreastail an PF agus an Clárhainisteoir Pleanáil Chorpáraideach ar an chéad chruinniú de Ghrúpa Oibre ar an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge faoi choimirce an RCOG.
11. Gur fhreastail an PF ar chruinniú le Comhlacht Forbartha Acla, i nGob a' Choire i gcuideachta le hoifigigh ó ÚnaG.
12. Go raibh cruinniú ag an PF le Cathaoirleach agus le hoifigeach forbartha SPG Thogra Mhaigh Eo.
13. Gur bhuail an Cathaoirleach agus an PF le Mícheál Ó Máirtín TD.

Bhí plé ar an ainm a bhí molta don fhoirgneamh nua ar Shráid Amiens. Cuireadh in iúl go raibh comhairliúchán leis an fhoireann ina leith agus cuireadh tuairimí na foirne i láthair an Bhoird. Mhínigh an PF go raibh sé ina thosaíocht aige ionchur a thabhairt don fhoireann i nithe a bhaineann leis na hoifigí nua sa dóigh go mothódh an fhoireann gur leosan an foirgneamh, go háirithe i bhfianaise go raibh buarthaí léirithe ag sciar suntasach de na baill foirne atá lonnaithe i gCearnóg Mhuirfean faoin aistriú go Sráid Amiens nuair a cuireadh an moladh faoina mbráid an chéaduair. Míníodh go raibh ainm an fhoirgnimh le cinntiú leis na hailtirí agus le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus mhol an Bord go gcuirfí '63-66 Sráid Amiens' ar aghaidh chucu mar ainm oifigiúil an fhoirgnimh faoi láthair. Aontaíodh go ndéanfadh an Bord tuilleadh machnaimh ar an cheist, agus go bhféadfaí cinneadh a dhéanamh ina leith ag an chruinniú gan feidhmeannas i mí Lúnasa dá mba ghá sin.

04.156 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE

Coiste na nDeontas

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná £73,000 a cheadú do Naíscoil na Caille thar na scoilbhlianta 2017/18 agus 2018/19.

Ainm an Iarratasóra	Uimhir Thagartha	Méid iarrtha	Méid molta
Naíscoil na Caille	1701021	£73,000	£73,000

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná €9,500 a cheadú do An Crann Óg faoi Scéim Cholmcille.

Ainm an Iarratasóra	Uimhir Thagartha	Méid iarrtha	Méid molta
An Crann Óg	CC16011	€10,200	€9,500

D'fhág M. Ní Neachtain an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.

Phléigh an Bord an phlécháipéis ar Scéim na bhFéilte agus Scéim na gComplachtaí Drámaíochta agus ghlac an Bord léi.

D'fhill M. Ní Neachtain ag an phointe seo.

Phléigh an Bord an measúnú ar iarratas ar mhaoiniú ó Raidió na Life le haghaidh trealamh úr. Cuireadh in iúl nach raibh moladh ó Choiste na nDeontas ina leith. Chuir Cathaoirleach Choiste na nDeontas i gcuimhne don Bhord nach bhfuil sé de chumhacht ag Coiste na nDeontas iarratais atá molta de réir phróiseas measúnaithe Fhoras na Gaeilge a dhiúltú; nach raibh de chumhacht acu ach eolas breise a iarraidh, rud a bhí déanta acu agus a bhí curtha ar fáil. Rinne an Bord plé

ar an iarratas. Cuireadh ceist an raibh an baol ann go mbeadh buntáiste á thabhairt do dheontáí trí mhaoiniú a chur ar fáil chun trealamh a cheannach. Mhínigh an Príomhfheidhmeannach go raibh fasaigh ann nuair a thug Foras na Gaeilge maoiniú breise do dheontaithe reatha nuair a measadh, tríd an ghnáthphróiseas measúnaithe ar iarratais, go raibh tábhacht straitéiseach don Ghaeilge leis an iarratas. Cuireadh ceist an raibh gá leis an chaiteachas, agus míníodh go raibh deis ann anois leis an bhogadh go dtí Sráid Amiens trealamh a chur ar fáil a mhairfeadh tamall fada de bhlianta. Cuireadh ceist faoi chostais an trealaimh agus moladh saineolaí neamhspleách a fháil le breathnú ar an liosta trealaimh agus na costais ar fad, agus go n-iarrfaí ar Raidió na Life tairiscintí breise a fháil don trealamh lena chinntiú go mbeadh an luach is fearr is féidir á fháil. Mhol an Bord go gceadófaí an t-iarratas ar an choinníoll go bhfaighfí tuairisc ó shaineolaí neamhspleách le luach ar airgead a chinntiú, agus go gcuirfí an tuairisc sin faoi bhráid Choiste na nDeontas ag cruinniú ar leith. Ghlac an Bord leis an mholadh sin.

Coiste Forbartha

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste ar an 10 Iúil. Cuireadh in iúl gur ghlac an Coiste leis an phlépháipéar ar Scéim na nOifigeach Gaeilge agus gur pléadh Bonn Óir Fhoras na Gaeilge freisin.

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Foilsitheoireachta, Foclóireachta, agus Téarmaíochta an moladh a d'fhaomh an Coiste Forbartha maidir leis an fhoclóir Béarla-Gaeilge i láthair an Bhoird, agus mhínigh sé go dtabharfadh Rogha 6 sa cháipéis a fuair na comhaltaí spás le haghaidh daoine a earcú agus oiliúint a chur orthu, agus nach raibh an oiread céanna rioscaí ag baint leis. Léirigh an Bord inní faoin easpa foirne ag an leibhéal is sinsearaí. Moladh go gcuirfí an leagan clóite den fhoclóir ar an chlár rioscaí mar riosca ard agus ghlac an Bord leis an mholadh sin. Cuireadh i gcuimhne don Bhord gur leagan clóite agus dlúthdhiosca (CD-ROM) a bhí i gceist le tionscadal an fhoclóra ag an tús, agus gur athraíodh an tionscadal as éadan nuair a tugadh tús áite don leagan ar líne; go raibh an leagan sin ann anois agus é críochnaithe agus foilsithe ar líne; agus go bhfuil 1.3 milliún úsáideoir, níos mó ná a samhlaíodh riamh leis an tionscadal. Cuireadh in iúl nach raibh ach ball foirne amháin ar fhoireann Fhoras na Gaeilge ag obair mar eagarthóir foclóireachta ar thionscadal an fhoclóra mar aon le bainisteoir tionscadail. Ghlac an Bord le Rogha 6 den mholadh agus aontaíodh go gcuirfí litir chuig an Aire Stáit McHugh ina leith ag iarraidh cruinniú práinneach leis an Aire Stáit leis an easpa foirne foclóireachta a chur ina láthair, go ndéanfaí tosaíocht náisiúnta den fhoclóir, agus go gcuirfí plean oiliúna ar fáil don Choiste Forbartha agus don Bhord ag cruinniú Mheán Fómhair.

Coiste Iniúchta

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an gCoiste ar 19 Iúil ag ar pléadh polasaí calaoise agus polasaí sceithireachta, tuairisc an Iniúcháir Inmheánaigh ar Áis agus nuashonrú ar chuntais 2016. Aontaíodh go scaipfí an clár rioscaí ar an Bhord mar eolas. Glacadh leis an Chlár Rioscaí nuashonraithe.

05.156 RÁITEAS CAITEACHAIS

Phléigh an Bord an ráiteas caiteachais go 30 Meitheamh agus an buiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2017. Scaipeadh cáipéis airgeadais maidir leis an chaiteachas agus bhí plé ina leith. Cuireadh in iúl go rabhthas ar sprioc ó thaobh caiteachais de. Ghlac an Bord leis an ráiteas caiteachais agus leis an bhuiséad athbhreithnithe.

06.156 COMHFHREAGRAS

Ní raibh aon chomhfhreagras le plé ag an Bhord.

07.156 BILLE NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA (LEASÚ) 2017

Chuir an Príomhfheidhmeannach an páipéar ar Bhille na dTeangacha Oifigiúla i láthair an Bhoird.

08.156 AN COISTE TEARMAÍOCHTA

Tháinig an Príomhthéarmeolaí i láthair agus thug sé cur i láthair ar obair an Rannóg Téarmaíochta. Bhí ceisteanna ina dhiaidh. Ghabh an Bord buíochas leis an Phríomhthéarmeolaí as an chur i láthair.

Tháinig E. Ní Chorráin, an Leas-Phríomhfheidhmeannach nua, i láthair an chruinnithe agus chuir an Bord fáilte roimpi ina ról úr.

10.154 AON GHNÓ EILE

Ní raibh aon ghnó eile le plé.

Pól Ó Gallchóir

Cathaoirleach

22 Meán Fómhair 2017

Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2017

		27/01/20 17	24/02/20 17	07/04/20 17	19/05/20 17	23/06/20 17	21/07/20 17	22/09/20 17	03/11/20 17	08/12/20 17
Pól Ó Gallchóir	6/6	✓	✓	✓	✓	✓	✓			
Seán Mícheál Ó Domhnaill	6/6	✓	✓	✓	✓	✓	✓			
Gráinne McElwain	5/6	✓	✓	✓	X	✓	✓			
Bláthnaid Ní Chofaigh	4/6	✓	X	✓	✓	X	✓			
Seán Ó hArgáin	3/6	✓	✓	X	X	✓	X			
Seán Ó Coistealbha	5/6	✓	✓	X	✓	✓	✓			
Conor McGuinness	3/6	✓	X	✓	✓	X	X			
Barra Ó Muirí	3/6	✓	✓	X	X	✓	X			
Maighréd Ní Chonghaile	6/6	✓	✓	✓	✓	✓	✓			
Mairéad Farrell	4/6	✓	✓	X	✓	X	✓			
Máire Ní Neachtain	6/6	✓	✓	✓	✓	✓	✓			
Sorcha Ní Chéide	5/6	✓	✓	✓	X	✓	✓			
Niall Ó Gallochobhair	6/6	✓	✓	✓	✓	✓	✓			

Miontuairiscí ón 157ú cruinniú Boird a tionóladh Dé Céadaoin 23 Lúnasa 2017 i gceannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath.

I láthair: P. Ó Gallchóir (Cathaoirleach), B. Ó Muirí (Leas-Chathaoirleach), S. M. Ó Domhnaill, B. Ní Chofaigh, G. McElwain, S. Ó Coistealbha, S. Ó hArgáin, C. McGuinness, M. Ní Neachtain, S. Ní Chéidigh agus N. Ó Gallochobhair.

Leithscéal: M. Ní Chonghaile agus M. Farrell.

Ag freastal: S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), S. Ó hEidhin agus S. Uí Choinne.

Mhínigh an Cathaoirleach ord an chláir agus chuir sé in iúl go raibh ríomhphost ó chomhalta Boird le plé ag tús an chruinnithe agus an feidhmeannas i láthair. Mhínigh an Príomhfheidhmeannach go raibh ceisteanna ardaithe sa ríomhphost arb éigean freagra a thabhairt orthu. Thug sé tuairisc ar na ceisteanna éagsúla a bhí ardaithe sa rphost.

Soiléiríodh gurb é a bhí i gceist sa rphost a chinntiú go raibh deis ag comhaltaí a gcuid dualgas mar chomhaltaí Boird a chomhlíonadh. Tugadh deis do na comhaltaí uile tuairim a léiriú ar na ceisteanna a ardaíodh sa ríomhphost.

Moladh córas cumarsáide i measc Comhaltaí Boird, agus idir an Bord agus an feidhmeannas a fhorbairt le bealach a chur ar fáil do chomhaltaí ceisteanna agus ábhair bhuartha a ardú.

Rinneadh tagairt don tábhacht a bhain le rúndacht an Bhoird agus na contúirtí a bhain le ríomhphost ag plé gnóthaí Boird a sheachadadh chuig líon mór seolaithe. Rinneadh tagairt d'ábhair a bhí sna meáin a pléadh ag an Bhord agus rinneadh tagairt do mhír nuachta ar an Satharn seo caite as cáipéis nach raibh feicthe ag an Bhord. Treisíodh a thábhachtaí a bhí sé a chur in iúl don Bhord nuair a bheadh scéalta sna meáin faoi Fhoras na Gaeilge.

Treisíodh a thábhachtaí a bhí sé go ndéanfaí gnóthaí uile an Bhoird a phlé taobh istigh de chruinnithe na gCoistí agus an Bhoird, agus dhearbhaigh comhaltaí ar a sheal gur sin an cleachtas a bhí i bhfeidhm acu, ach gur tharla cruinniú eisceachtúil amháin i gcás Choiste Cholmcille.

Ag eascairt as an phlé ar fad, ghlac an Bord leis na rúin seo a leanas:

- gur dea-chleachtas Boird é go gcuirtear fáilte roimh dhíospóireacht oscailte iomlán,
- gur dea-chleachtas Boird é nach ndéantar gnó an Bhoird trí ríomhphost idir Comhaltaí agus baill den fheidhmeannas, ná trí ríomhphost idir Chomhaltaí, ach gur trí ríomhphost chuig an Chathaoirleach amháin,
- nach mbeidh Comhaltaí ag teacht i gceann a chéile le gnó an Bhoird a phlé taobh amuigh de na cruinnithe oifigiúla de na coistí agus den Bhord; agus
- go bhfuil muinín iomlán ag an Bhord as an Phríomhfheidhmeannach agus as an fhoireann Ardbhainistíochta.

Moladh go gcuirfí miontuairiscí ó chruinnithe Boird ar fáil seachtain i ndiaidh an chruinnithe féin, nó achoimre de na cinntí, mar eolas don Bhord feasta.

CUR I LÁTHAIR AR PHLEAN STRAITÉISEACH d'FHORAS NA GAEILGE
Rinne an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha cur i láthair ar Phlean Straitéiseach d'Fhoras na Gaeilge. Ghabh an Bord buíochas leis an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha as an chur i láthair a dhéanamh.

D'fhág an feidhmeannas an cruinniú agus bhí seisiún gan feidhmeannas ag an Bhord.

Pól Ó Gallchóir
Cathaoirleach
22 Meán Fómhair 2017

Miontuairiscí ón 158ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 22 Meán Fómhair 2017 i gceannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath.

I láthair: P. Ó Gallchóir (Cathaoirleach), B. Ó Muirí (Leas-Chathaoirleach), S. M. Ó Domhnaill, B. Ní Chofaigh, G. McElwain, S. Ó Coistealbha, S. Ó hArgáin, C. McGuinness, M. Ní Chonghaile, M. Ní Neachtain, S. Ní Chéidigh agus N. Ó Gallochobhair.

Leithscéal: M. Farrell.

Ag freastal: S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), S. Ó hEidhin agus S. Uí Choinne.

Leithscéal: J. Ó Labhraí.

01.158 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 21 Iúil agus ón 23 Lúnasa 2017 agus shínigh an Cathaoirleach iad. Rinneadh tagairt do leathanach 4 de na miontuairiscí ó 22 Iúil agus an plé faoin fhoclóir agus iarradh go sonrúfaí sna miontuairiscí go raibh inní léirithe san am a chuaigh thart ag Aire ó thuaidh faoin mhoill a bhain leis an leagan clóite den fhoclóir. Ardaíodh ceist faoin chruinniú ar 23 Lúnasa agus iarradh go sonrúfaí sna miontuairiscí gur cruinniú breise a bhí ann seachas cruinniú Boird. Míníodh go bhféachfaí go gcuirfí na miontuairiscí Boird ar fáil don Bhord 10 lá i ndiaidh an chruinnithe feasta.

02.158 COIMHLINT LEASA

Chuir an Cathaoirleach ceist ar an Bhord an raibh aon choimhlint leasa le nochtadh ag aon duine agus gur cheart sin a dhéanamh ag tús an chruinnithe nó le linn an chruinnithe, de réir mar ba ghá. Ní raibh aon choimhlint leasa le nochtadh.

03.158 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl:

1. Go ndearna an PF freastal ar chruinniú den Ghrúpa Ardleibhéil Forbartha don Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge.
2. Gur thosaigh E. Ní Chorráin ina post mar Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais ar an 14 Lúnasa – beidh sí lonnaithe in oifig Bhéal Feirste.
3. Go raibh cead faighte ón RCOG (an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta) maidir leis an maoiniú breise do na hoifigí agus do roinnt tionscadal eile.

Iarradh go mbeadh sé ina choinníoll leis an tionscadal a bhain le comharthaí d'fhochumainn CLG, go gcuirfidh ceangal ar na fochumainn sa litir thairisceana go ndéanfadh siad na comharthaí a athnuachan as a n-acmhainní féin in am agus i dtrátha.

4. Go raibh cruinniú ag an Chathaoirleach agus an PF agus an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha le Dee Forbes, Ard-Stiúrthóir RTÉ.

5. Go raibh an PF i láthair ag an dara cruinniú den ghrúpa stiúrtha le straitéis feasachta 3 bliana a fhorbairt don Ghaeilge.

Iarradh soiléiriú ar an ghrúpa stiúrtha agus míníodh gur comhchoiste a bhí ann, le hionadaithe ó na Ceanneagraíochtaí, CLG, RTÉ, Údarás na Gaeltachta agus an Roinn ó dheas chun straitéis a fhorbairt d'ardú feasachta na Gaeilge. Míníodh go seolfáí 'Bliain na Gaeilge 2018' ag Oireachtas na Samhna agus go raibh Conradh na Gaeilge freagrach as sin. Iarradh go dtabharfaí cur i láthair don Bhord ó am go chéile maidir le conas atá ag éirí leis an fheachtas feasachta, agus tograí eile mar é.

6. Go raibh dréacht de Mheamram Airgeadais úr a bheidh á aontú do na Comhlachtaí Trasteorann faighte.
7. Gur thug na baill foirne atá lonnaithe i mBÁC cuairt ar na hoifigí úra.
8. Go mbeidh an t-aistriú chuig na hoifigí úra ag tarlú thar dheireadh seachtaine an 29 MF-1 DF.
9. Go raibh B. Ní Chofaigh, an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha agus an PF i láthair ar ócáid bhronnta teastas Gaelchultúr, nuair a bronnadh teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil ar an Taoiseach Leo Vradkar, T.D. Thug sé aitheantas d'Fhoras na Gaeilge as ár dtacaíocht do Gaelchultúr, agus chuir sé in iúl go mbeadh sé sásta na hoifigí úra a oscailt go hoifigiúil ach muid dáta a roghnú a bheidh fóirsteanach.
10. Go ndearna B. Ó Muirí freastal ar ócáid fógartha Uile-Réalta CLG Uladh ar ócáid in Ard Mhacha.
11. Go raibh cruinniú monatóireachta leis na Ranna ar an 20 Meán Fómhair.
12. Gur ceapadh F. Uíbh Eachach ina Oifigeach Cléireachais leis an SSF, ag líonadh folúntais a fágadh nuair d'fhág D. Digan i mí Iúil.
13. Go raibh trádstóras aimsithe i nDún Seachlainn, Co. na Mí, áit a mbeidh seirbhís dáileacháin leabhar Fhoras na Gaeilge lonnaithe – beidh 2-3 ball foirne lonnaithe ansin.
14. Go mbeidh léasanna úra le síniú roimh dheireadh mhí MF do na hoifigí úra ag 63-66 Sráid Amiens, don trádstóras i nDún Seachlainn, agus athnuachan léasa don Oifig i mBéal Feirste.
15. Go mbeidh cead foirmiúil le fáil againn le leas a bhaint as an Séala do na léasanna.

Thug an Bord an cead foirmiúil chun an Séala a úsáid do na léasanna. Iarradh go sonrúfaí sna miontuairiscí go raibh 30 bliain 'neamhghnách' le haghaidh téarmaí an léasa do Shráid Amiens.

16. Go raibh Mícheál Ó hÉanaigh ceaptha ina Phríomhfheidhmeannach ar Údarás na Gaeltachta i gcomharbacht ar S. Ó Cualáin.
17. Go raibh Leas-Chathaoirleach Ghaeloideachas A. Ní Chartúir ceaptha ina hUachtarán ar Ghaeloideachas i ndiaidh don Uachtarán Y. Ní Mhurchú éirí as an ról.
18. Gur fógraíodh Comórtas Beo 2017 a bheidh á réachtáil ag Oireachtas na Gaeilge ar an 1 Samhain. Is comórtas amhráin Ghaeilge é seo do dhaoine óga idir 11 agus 18 mbliana d'aois agus rachaidh na buaiteoirí ar aghaidh chuig babhta ceannais an chomórtais CEOL le bheith ar an albam CEOL 2018 i gcomhpháirt le RTÉ 2fm, Raidió Rí-Rá & Conradh na Gaeilge.

19. Go raibh Foras na Gaeilge páirteach i Seachtain na Gaeilge ag Fleadh Cheoil na hÉireann in Inis, Co. an Chláir.
20. Gur reáchtáladh próiseas comhairliúcháin leis an bhfoireann maidir le straitéis chumarsáide Fhoras na Gaeilge. Cuirfidh Lorg Media an straitéis i láthair na foirne ag an Lá Foirne ar an 5 Deireadh Fómhair.

Aontaíodh go gcuirfí cóip de straitéis Lorg Media ar fáil don Bhord mar eolas.

21. Go raibh cruinniú den Fhóram Forbartha Teanga ar an 15 Meán Fómhair.
22. Cuireadh in iúl go mbeadh cruinniú den Fhoras Teanga ann ar 8 Nollaig agus go mbeadh an cruinniú sin agus an cruinniú Boird ar siúl i mBaile Átha Cliath anois seachas Béal Feirste mar a bhí beartaithe.
23. Cuireadh in iúl go raibh M. Mhic Mhathúna á moladh mar ionadaí Fhoras na Gaeilge ar Bhord Luath-Óige agus Bunscolaíochta CNCM agus ghlac an Bord leis an ainmniúchán sin.

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná £2,750 a cheadú don Ghaeláras (Cultúrlann Uí Chanainn) i nDoire don tionscadal Acadamh Ceoil Exchange Programme faoi Scéim Cholmcille.

Ainm an Iarratasóra	Uimhir Thagartha	Méid iarrtha	Méid molta
An Gaeláras	CC17003	£6,000	£2,750

Thug an Bord suntas don nóta eolais ó Chlár na Leabhar Gaeilge maidir le Scríobh Leabhar 2017 (**Aguisín 1**).

04.158 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE

Coiste Forbartha

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste Forbartha ar 11 Meán Fómhair ag ar ghlac an Coiste leis an mholadh maidir le Scéim na nIonad Gaeilge. Ghlac an Bord leis an mholadh maidir le Scéim na nIonad Gaeilge (**Aguisín 2**).

Cuireadh in iúl go mbeadh na Ceardlanna Feasachta ar na scéimeanna á gcur ar siúl san fhómhar. Míníodh go raibh Ciarán Mac Fhearghusa agus Conchubhair Mac Lochlainn á moladh mar bhaill den Fhóram Forbartha Teanga agus ghlac an Bord leis an dá ainmniúchán sin.

Míníodh gur pléadh an cháipéis maidir leis an Fhoclóir Nua Béarla Gaeilge agus acmhainní na heagarthóireachta sinsearaí. Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl gur cuireadh an chéad-dréacht den cháipéis sin ar fáil don Choiste Forbartha de dhearmad agus don Bhord agus scaipeadh an leagan leasuithe mar eolas don Bhord (**Aguisín 3**). Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go gcaithfí fostú foireann bhreise don fhoclóir a chur i gcomhthéacs riachtanais fhostaíochta iomlána Fhoras na Gaeilge. Míníodh go mbeadh cead an CATT ag teastáil le haghaidh foirne breise, agus go mbeadh cúrsaí foclóireachta mar aon le riachtanais eile na heagraíochta san áireamh ansin. Bhí plé faoin mhéid airgid a caitheadh ar an leagan clóite go dáta agus cuireadh in iúl go mbíonn an foclóir mar chuid lárnach d'iniúchadh an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste gach bliain.

Coiste Iniúchta

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste Iniúchta an mhaidin sin ag ar pléadh tuairisc an Iniúcháir Inmheánaigh maidir le rialú inmheánach, an clár rioscaí agus an ráiteas dearbhúcháin. Scaipeadh cóip den chlár rioscaí ar an Bhord agus ghlac an Bord leis. Ghlac an Bord leis an ráiteas dearbhúcháin freisin.

Coiste Osradhairc

Thug Cathaoirleach an Bhoird uasdátú ar an seisiún gan feidhmeannas a bhí ag an Bhord ar 23 Lúnasa. Chuir sé in iúl go mbeadh sé féin ag bualadh le comhaltaí ina n-aonair chun éifeacht an Bhoird a phlé idir seo agus deireadh mhí na Samhna, go raibh athbhreithniú le déanamh ar na coistí éagsúla agus go mbeadh sé i dteagmháil leis na Cathaoirligh ina leith. Sa chás go bhfuil údar míshástachta ag comhalta Boird, mhínigh sé go bhfuil an cheist le plé leis an Chathaoirleach idir cruinnithe seachas ar lá an chruinnithe féin. Chuir sé in iúl go raibh ionadaithe le hainmniú ar na coistí éagsúla sa chás nach mbíonn córam ann le haghaidh cruinnithe. Scaipeadh leagan uasdátaithe de bhallraíocht na gcoistí éagsúla agus ghlac an Bord leis (**Aguisín 4**). Chuir sé in iúl gur thug sé cóip dá thuairisc ón chruinniú ar an 23 Lúnasa don fheidhmeannas. Aontaíodh go gcuirfí cóip den tuairisc ar fáil do M. Ní Chonghaile ó tharla nach raibh sí i láthair ag an chruinniú. Míníodh go gcuirfí an tuairisc ar fáil don Choiste Forbartha agus go gcuirfí faoi bhráid an Bhoird í dá réir.

Pléadh cruinnithe gan feidhmeannas agus míníodh go bhfuil sé sa dea-chleachtas ó dheas go mbíonn cruinnithe gan feidhmeannas ag Boird Stáit. Chuir an Cathaoirleach in iúl go mbeidh cruinniú gan feidhmeannas ag an Bhord dhá uair sa bhliain.

05.158 RÁITEAS CAITEACHAIS

Phléigh an Bord an ráiteas caiteachais agus an buiséad athbhreithnithe. Ghlac an Bord leis an ráiteas caiteachais go 31 Lúnasa agus leis an bhuiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2017. Rinneadh tagairt don athdháileadh agus iarradh go gcuirfí na tionscadail bhreise don athdháileadh deiridh in 2017 faoi bhráid an Bhoird ag an chéad chruinniú Boird eile. Ardaíodh ceist faoi impleachtaí an Bhreathimeachta agus míníodh go bhfuil anailís rialta á déanamh ar an ráta malairte agus cúrsaí airgeadais. Cuireadh in iúl go raibh an PF agus an SSC os comhair Chomhchoiste Oireachtais i leith impleachtaí an Bhreathimeachta agus aontaíodh go gcuirfí cóip de thuairisc an Chomhchoiste sin ar fáil don Bhord mar eolas. Cuireadh in iúl go raibh méadú tagtha ar dhíolacháin ÁIS. Ardaíodh ceist faoi fhigiúirí léitheoireachta agus míníodh go raibh straitéis léitheoireachta Fhoras na Gaeilge le cur i bhfeidhm, go raibh socrú ag CNLG leis na leabharlanna d'imeachtaí dírithe ar an léitheoireacht agus go raibh sraith chlár ar TG4 freisin.

Ardaíodh ceist faoi sheantrealamh Raidió na Life. Iarradh téarmaí na litreach tairisceana a sheiceáil maidir le trealamh a dhíol. Míníodh go mbeadh ceadúnas foirmiúil i bhfeidhm le Raidió na Life maidir leis an trealamh nua. Mhol B. Ní Chofaigh scéim oiliúna raidió a bhunú do lucht na hIdirbhliana le húsáid a bhaint as an seantrealamh, agus socraíodh go bpléifeadh sí an cheist leis an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha agus Chlár bhainisteoir Pobal agus Gnó.

06.158 COMHFHREAGRAS

Thug an Bord suntas don chomhfhreagras a bhí ann.

07.158 CUR I LÁTHAIR Ó CHLÁRBHAINISTEOR ÁIS

Tháinig Clárhainisteoir Seirbhísí Dáileacháin Leabhar Fhoras na Gaeilge (ÁIS) i láthair an chruinnithe agus thug sé cur i láthair ar an obair. Bhí ceisteanna ina dhiaidh. Ghabh an Bord buíochas leis as an chur i láthair a thabhairt. Bhí na moltaí a leanas ag an Bhord:

- a. Ceangal a dhéanamh idir deontais CNLG agus teagmháil le leabharlanna.
- b. Urraitheoir le hollduais liteartha a chur ar fáil.
- c. Forbairt ar aontaí leabhar scoile i gcomhar le siopaí áitiúla.
- d. Clubanna leabhar a fhorbairt i measc múinteoirí i nGaelscoileanna. (Scéim Grúpaí le Gaeilge)
- e. Córas le leabhair don pháistí a ghrádú – de réir mar atá déanta do léitheoireachta an Bhéarla ag *Accelerated Reading*.
- f. Mailchimp a úsáid le rphost a chur gach mí chuig gaelscoileanna/gaelcholáistí ag moladh leabhar do na múinteoirí agus do na páistí; agus imeachtaí.
- g. Club Leabhar ar RTÉ RnaG.
- h. Ról na gCeanneagraíochtaí i bhforbairt ciorcail léitheoireachta nó clubanna leabhar ar fud na tíre.
- i. Ceanneagraíochtaí, foilsitheoirí agus Cumann na Scríbhneoirí ag obair i bpáirt le chéile.
- j. Duais don leabhar am codlata is fearr.

08.158 AON GHNÓ EILE

Cuireadh rún os comhair an Bhoird i leith an sainorduithe bainc leis an Leas-Phríomhfheidhmeannach úr agus an Cathaoirleach a ainmniú ar an cuntais.

Scaipeadh sainordú bainc mar eolas don Bhord agus bhí plé ina leith. Ghlac an Bord leis an sainordú bainc agus shínigh Cathaoirleach agus Rúnaí an Bhoird é. Bailíodh na cóipeanna arís.

Chinn an Bord go mbeadh ‘Áras na Gaeilge’ mar ainm ar an cheannáras nua. Cuireadh in iúl go raibh Comhdháil seandálaíochta ar siúl ag Muintearas ar 29 Meán Fómhair – 1 Deireadh Fómhair i nGaillimh.

Pól Ó Gallchóir
Cathaoirleach
3 Samhain 2017

Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2017

		27/01/20 17	24/02/20 17	07/04/20 17	19/05/20 17	23/06/20 17	21/07/20 17	22/09/20 17	03/11/20 17	08/12/20 17
Pól Ó Gallchóir	7/7	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓		
Seán Mícheál Ó Domhnaill	7/7	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓		
Gráinne McElwain	6/7	✓	✓	✓	X	✓	✓	✓		
Bláthnaid Ní Chofaigh	5/7	✓	X	✓	✓	X	✓	✓		
Seán Ó hArgáin	4/7	✓	✓	X	X	✓	X	✓		
Seán Ó Coistealbha	6/7	✓	✓	X	✓	✓	✓	✓		
Conor McGuinness	4/7	✓	X	✓	✓	X	X	✓		
Barra Ó Muirí	4/7	✓	✓	X	X	✓	X	✓		
Maighréd Ní Chonghaile	7/7	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓		
Mairéad Farrell	4/7	✓	✓	X	✓	X	✓	X		
Máire Ní Neachtain	7/7	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓		
Sorcha Ní Chéide	6/7	✓	✓	✓	X	✓	✓	✓		
Niall Ó Gallochobhair	7/7	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓		

Scríobh Leabhar 2017/2018

Rannóg	Clár na Leabhar Gaeilge
Stiúrthóireacht	Seirbhísí Foilseachán, Foclóireachta agus Téarmaíochta
Uimhir thagartha	5502004

Achoimre

Cuirfear tús le Scríobh Leabhar 2017/2018 i mí Meán Fómhair agus tá na socruithe á chur in áit sna ceantracha éagsúla. Beidh na hIonaid Oideachais agus na heagrais seo a leanas páirteach ann sa scoilbhliain 2017/2018:

Ionad/Eagraíocht	Buiséad ar fáil dóibh €
Ionad Oideachais Luimnigh	2,500.00
Ionad Oideachais Tacaíochta Chorcaí	2,000.00
An tÁisaonad	1,000.00
Ionad Oideachais Iarthar Chorcaí	1,000.00
Ionad Oideachais Thrá Lí	1,000.00
Ionad Oideachais Laoise	1,000.00
Ionad Oideachais Mhaigh Eo	1,000.00
Ionad Oideachais Cora Droma Rúisc	1,000.00
Ionad Oideachais an Chláir	1,000.00
Ionad Oideachais Chill Chainnigh	1,000.00
Ionad Oideachais BÁC Thiar	1,000.00
Ionad na Múinteoirí Gort a' Choirce	1,000.00
Iomlán	14,500.00

Cuirtear €2,500 ar fáil do na hIonaid sa chéad bhliain acu faoin tionscadal mar aitheantas ar an obair bhreise a bhaineann leis an tionscadal a chur ar bhun don chéad uair. Laghdaítear an bhuiséad ansin €500 gach bliain go dtí go sroicheann sé €1,000. Is é €1,000 an bhunleibhéal maoinithe a chuirtear ar fáil do na hIonaid gach bliain chun cuidiú leo i dtreo na costais riaracháin agus ócáidí bhronnta.

Chomh maith leis an buiséad a chuirtear ar fáil do na hIonaid/heagrais, eagraítear cúrsaí i gcuid de na ceantracha gach bliain ag brath ar éilimh agus cuirtear teastas ar fáil do gach páiste agus ábhar poiblíochta eile. Cuirtear sampla de leabhair ó gach ceantar ar an suíomh

www.scriobhleabhar.ie chomh maith.

Buiséad measta Scríobh Leabhar 2017/2018

Mír	Buiséad measta 2017 €	Buiséad measta 2018 €	Iomlán
Buiséad do na hIonaid Oideachais	1,000.00	13,500.00	14,500.00
Ceardlanna/seisiúin eolais	1,700.00		1,700.00
Teastas/ábhar poiblíochta	13,800.00		13,800.00
Suíomh www.scriobhleabhar.ie	400.00	600.00	1,000.00
Iomlán	16,900.00	14,100.00	31,000.00

Athbhreithniú ar Mhaoiniú d'Ionaid Ghaeilge

Sheol Foras na Gaeilge doiciméad comhairliúcháin i mí Aibreáin 2017 ag lorg tuairimí an phobail ar an tslí is fearr tacaíocht a chur ar fáil d'ionaid Ghaeilge ar fud na tíre.

Tugadh cuireadh don phobal a dtuairimí a roinnt ar scéim úr mhaoinithe d'ionaid Ghaeilge ar fud na tíre trí chur síos ar cheithre rogha éagsúla a pléadh sa cháipéis. Ina theannta sin, lorgáodh freagraí ar cheithre cheist a bhaineann go díreach leis an bpróiseas.

Tá cóip den tuairisc ar thorthaí an chomhairliúcháin curtha ar fáil don Choiste Forbartha cheana.

Is léir ó na freagraí a fuarthas go bhfuil tromlach mór i bhfabhar Rogha II, “*scéim nua a reáchtáil a d’aimseodh buiséad ó fhoinsí inmheánacha an Fhorais*”, mar go gcosnódh an cur chuige seo leibhéal reatha an mhaoinithe bhliantúil don dá Chultúrlann agus chuirfeadh sé deiseanna ar fáil le hionaid eile a mhaoiniú anuas air sin.

Bhí béim láidir ar an stádas reatha a choinneáil sa tsiúl agus moladh dul ar thóir tuilleadh maoinithe chun scéim nua a reáchtáil (ní raibh an rogha seo san áireamh sna roghanna féidearthachta a moladh sa cháipéis chomhairliúcháin, áfach). Leis sin, is léir ó thorthaí an chomhairliúcháin nach bhfuil mórán tacaíochta ann chun an *status quo* maidir le socruithe maoinithe reatha don dá Chultúrlann a athrú mar sin.

Léirigh na tuairimí ón dá Chultúrlann go bhfuil eagla orthu go mbeidh deireadh leo má dhéantar ciorraithe mar a mholtar a chur i bhfeidhm.

Fuarthas san iomlán 1,661 fhreagairt de chineálacha éagsúla agus rinneadh iad a áireamh agus a rangú mar seo a leanas;

Achainíochta (feachtas bailithe sínithe ag an dá Chultúrlann)	1,613
Ríomhphoist & litreacha	14
Freagairtí a bhain úsáid as an cheistneoir sa doiciméad comhairliúcháin	33

As 26 cinn d’eagraíochtaí a sheol freagairtí b’ó eagraíochtaí atá lonnaithe ó thuaidh do 20 acu agus 6 cinn ó eagraíochtaí atá lonnaithe ó dheas. Ina measc, bhí dhá cheanneagraíocht a sheol isteach freagra.

Moladh:

Moltar scéim dhúnta trí bliana (2018-2020), bunaithe ar an bhuiséad reatha de €254,830 a chur ar bun don dá Chultúrlann atá á mhaoiniú faoi láthair i nDoire agus i mBéal Feirste. Tá an moladh seo bunaithe ar aischothú an phróisis chomhairliúcháin mar aon le cúinsí reatha an bhuiséid teoranta atá ag Foras na Gaeilge faoi láthair agus beifear ag súil le ceist an mhaoinithe bhreise d'fhorbairt Scéim oscailte ar Thacaíocht d'Ionaid Ghaeilge a thógáil leis an dá Roinn Urraíochta mar a moladh go láidir sna hachainíochta a fuarthas.

Maidir leis an scéim dhúnta trí bliana, moltar cur chuige nua iarratais i gcomhair le critéir faoi leith, agus lena mbeidh béim ar ghníomhaíochtaí, ar chomhpháirtíochtaí eile, agus pleanáil straitéiseach a chuirfidh leis an inmharthanacht fhadtéarmach airgeadais, a fhorbairt agus a chur faoi bhráid Choiste na nDeontas ar an 20 Deireadh Fómhair 2017 agus moladh uaidh sin a thabhairt chuig Bord Foras na Gaeilge ar an 3 Samhain.

Moltar fosta go ndéanfar athbhreithniú ar thodhchaí na scéime dúnta seo sa tríú bliain bunaithe go príomha ar (i) thosaíochtaí buiséid an Fhorais don tréimhse 2021 ar aghaidh agus (ii) ar an dul chun cinn le cás an mhaoinithe breise imfhálaithe a aimsiú ón dá Roinn Urraíochta ar son scéim nua oscailte a chur i bhfeidhm ar bhonn níos leithne.

**An Foclóir Nua Béarla-Gaeilge –
an leagan clóite agus acmhainní na heagarthóireachta sinsearaí (Lúnasa 2017, lgn 0.7)**

A. Cúlra

I mí Iúil 2017 d’fhaomh Bord Fhoras na Gaeilge plean leasaithe maidir leis an leagan clóite den Fhoclóir; tá an plean sin curtha faoi bhráid na Ranna anois, agus faomhadh uathu iarrtha ina leith.

Sa phlean leasaithe sin tá bliain sa bhreis á lorg chun an leagan clóite a chur i gcrích. Is géarghanntanas acmhainní ag leibhéal na n-eagarthóirí sinsearaicha is cúis leis an moill seo, saincheist atá ina riosca leanúnach don tionscadal le blianta beaga anuas. Sa pháipéar seo táthar ag caitheamh le roghanna maidir leis an riosca sin a mhaolú, sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma.

B. Ról na nEagarthóirí Sinsearaicha

Go dtí seo is iad na hEagarthóirí Sinsearaicha atá freagrach as an eagarthóireacht deiridh a dhéanamh ar aon iontráil. Is fúthusan atá sé clúdach agus cruinneas na hiontrála a dhearbhu, ceistanna a d’fhéadfadh a bheith ardaithe ag na Buneagarthóirí a réiteach, agus an iontráil féin a fhaomhadh.

Bhíodh triúr lánaimseartha móide beirt ar bhonn páirtaimseartha ag feidhmiú ag an leibhéal seo i dtionscadal FNBG, ach i mbliana tá sé sin laghdaithe go dtí triúr, iad uile ar bhonn páirtaimseartha, mar seo a leanas:

Duine	% ama ar fáil	Nóta tráchta
An tEagarthóir Foclóireachta	65%	Anuas ar thascanna eagarthóireachta, is gá don Eagarthóir Foclóireachta am suntasach a chaitheamh le tascanna eile – dearadh agus comhdhéanamh an leagan chlóite, an treoír stíle, faomhadh na téarmaíochta, an leagan ar líne, tionscadail foclóireachta eile srl.
Stiurthóir FFT	40%	
Eagarthóir Sinsearach an Ghúim	20%	
Iomlán	1.25 FTE	

C. Maolú an riosca sa ghearrtéarma

1. Daoine seachtracha

Faoi mar a bhí beartaithe ag tionscadal FNBG, reáchtáladh comórtas poiblí i mí Lúnasa chun eagarthóirí seachtracha a fháil, nó a dhearbhu, do chéim an leagain chlóite. Mar thoradh ar an bpróiseas seo tá cúigear cáilithe don phainéal eagarthóirí – triúr a bhí ag obair linn cheana féin, móide beirt eile a bhfuil na scileanna cuí acu ach nach raibh ag obair ar thionscadal FNBG le cúpla bliain anuas.

14 san iomlán a chuir isteach ar an gcomórtas, ach níor éirigh leis an naonúr eile na critéir riachtanacha ar fad a chomhlíonadh go sásúil.

2. Pearsanra an Fhorais

Agus aghaidh á thabhairt ar achmhainní eagarthóireachta eile san Fhoras, ní mór na scileanna riachtanacha agus an taithí chuí a choimeád i gcuimhne. Ar an mbonn sin, meastar gur sa Stiúrtóireacht FFT go príomha a bheadh daoine oiriúnacha ar fáil – daoine atá ag feidhmiú i ról eagarthóra nó níos airde faoi láthair.

Cheana féin tá oiliúint foclóireachta curtha ar fhorhmór na n-eagarthóirí sa Ghúm, agus tá beirt acu ag obair go leanúnach ar an tionscadal ar bhonn páirtaimseartha (duine acu mar chuid den 1.25 FTE thuasluaite). Moltar an oiliúint chéanna a chur ar Phríomhthéarmeolaí agus ar Théarmeolaí Cúnta an Choiste Téarmaíochta. Mhéadóidh sé seo an linn d’eagarthóirí a d’fhéadfadh a bheith ar fáil i gcás géarchéime sa tionscadal FNBG.

3. An próiseas oiliúna

Agus an leagan leictreonach curtha i gcrích anois, meastar gur féidir an tréimhse oiliúna a bhí i gceist le linn saolré an tionscadail a ghiorrú go mór, agus gur féidir tús a chur leis an oiliúint don cheathrar nua (beirt sheachtrach agus beirt fhostaithe) i bhFómhar 2017.

D. Maolú an riosca sa mheántearma

Sa Straitéis Foclóireachta a d’athfhaomh an Bord i bprionsabal i bhFómhar na bliana 2015, moltar beirt eagarthóirí foclóireachta buana a cheapadh. Cé go bhfuil cás gnó maidir le cur i bhfeidhm na Straitéise sin idir lámha faoi láthair, chun críche cúrsaí maoinithe a phlé leis na Ranna, agus go bhfuil sin le plé i gcomhthéacs níos leithne riachtanais foirne Fhoras na Gaeilge, aithnítear go bhféadfadh tréimhse shuntasach ama a bheith i gceist leis na poist a cheadú (go háirithe agus an Rialtas sa Tuaisceart ar fionraí faoi láthair).

Meastar gur fiú rogha eile a fhiosrú maidir le hacmhainní eagarthóireachta a mhéadú sa mheántearma: comhfhiontar a chur ar bun in éineacht le hinstiúid oideachais. D’fhéadfaí, mar shampla, scoláireachtaí i réimse na foclóireachta a mhaoiniú, a mbeadh modúil oibre phraiticiúla ag gabháil leo agus a mbeadh ionchur láidir ag Rannóg Foclóireachta an Fhorais iontu.

E. Achoimre

Feictear go bhfuil na roghanna seo a leanas i gceist maidir le riosca na heagarthóireachta sinsearaí a mhaolú sa ghearrthearma:

	Rogha	Buntáistí	Rioscaí
1.	An painéal d’eagarthóirí seachtracha a mhéadú (curtha i gcrích cheana féin)	(a) Foireann mhéadaithe d’eagarthóirí, agus de dhaoine a d’fhéadfadh a bheith ina n-ábhar Eagarthóra Shinsearaigh; (b) Raon níos leithne de	(a) Am na n-eagarthóirí sinsearacha reatha de dhíth maidir leis an bpróiseas oiliúna agus athbhreithniú ar iontrálacha; (b) Ní féidir talamh slán a dhéanamh de go mbeidh gach duine in ann ag an obair (féach mír F.2 thíos).

		chanúintí.	
2.	Oiliúint foclóireachta a chur ar bheirt fhostaithe eile de chuid an Fhorais	(a) Foireann mhéadaithe d'eagarthóirí, agus de dhaoine a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar Eagarthóra Shinsearaigh; (b) Raon níos leithne de chanúintí; (c) Breis solúbthachta maidir le saincheistanna amach anseo a láimhseáil go himmheánach;	(a) Am na n-eagarthóirí sinsearacha reatha de dhíth maidir leis an bpróiseas oiliúna agus athbheithniú ar iontrálacha; (b) Ní féidir talamh slán a dhéanamh de go mbeidh gach duine in ann ag an obair (féach mír F.2 thíos); (c) Impleachtaí d'obair an Choiste Téarmaíochta, go háirithe agus suas le 39,000 téarma sa bhreis le faomhadh ag an gCoiste sa dá bhliain amach romhainn, ag eascairt as FNBG.
3.	Stiúrthóir FFT – méid ama ar an tionscadal a mhéadú	(a) Laghdú ar an tréimhse ama chun an eagarthóireacht shinsearach a chur i gcrích ar an leagan clóite.	(a) Bheadh impleachtaí tromchúiseacha i gceist don Ardbhainistíocht; (b) Bheadh impleachtaí tromchúiseacha i gceist do rannóga uile na stiúrthóireachta FFT.
4.	Eagarthóir Sinsearach an Ghúim – méid ama ar an tionscadal a mhéadú	(a) Laghdú ar an tréimhse ama chun an eagarthóireacht shinsearach a chur i gcrích ar an leagan clóite.	(a) Bheadh impleachtaí tromchúiseacha i gceist don Ghúm – go háirithe agus duine den bheirt eagarthóirí sa Ghúm ar tí dul ar saoire mháithreachais – mar shampla i dtaca le stiúradh agus faomhadh an chláir oibre, bainistíocht ar an tionscadal <i>Séideán Sí</i> , srl.

Moltar roghanna 1 agus 2 thuas a chur i gcrích, mar go bhfuil níos lú rioscaí ag gabháil leo ná na roghanna eile.

Sa mheántréimhse feictear go bhfuil na roghanna seo a leanas i gceist maidir le riosca na heagarthóireachta sinsearaí a mhaolú:

	Rogha	Buntáistí	Rioscaí
1.	Beirt eagarthóirí foclóireachta buana a earcú, faoi réir na Straitéise Foclóireachta, i gcomhthéacs riachtanais foirne uile an Fhorais.	(a) Méadú buan ar líon na n-eagarthóirí foclóireachta san Fhoras, agus de dhaoine a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar Eagarthóra Shinsearaigh.	(a) An tréimhse ama a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil leis an bpróiseas seo; (b) Costas breise as buiséad na Ranna d'Fhoras na Gaeilge; (c) D'fhéadfadh seo a bheith conspóideach sa phobal.

2.	Comhfhiontar a chur ar bun in éineacht le hinstitiúid oideachais.	(a) Gan na lainsicí a bhaineann le ceadú na bpost buan; (b) Sruth leanúnach de chéimithe le cáilíochtaí foclóireachta.	(a) Am an Eagarthóra Foclóireachta de dhíth maidir leis seo a chur i gcrích agus a stiúradh.
----	---	---	--

Moltar an dá rogha thuas a fhiosrú ar bhonn comhthreomhar, ach an bhéim a leagan ar an dara rogha a fhiosrú agus a bheachtú.

F. Aguisín – oiliúint na foirne

Sna blianta tosaigh den tionscadal bhíodh tréimhse oiliúna os cionn bliana i gceist, mar a bhíodh gach eagarthóir ag feidhmiú mar aistritheoir sna céimeanna tosaigh de thiomsú an fhoclóra. Ní bheadh an próiseas oiliúna chomh fadálach ag an staid seo den tionscadail, ach fós féin bheadh tréimhse shuntasach ama i gceist. Sa phróiseas oiliúna is gá baisceanna trialacha a shannadh don eagarthóir nua, iad sin a mheas go cúramach, agus aiseolas cuimsitheach a thabhairt ina leith, ar bhonn leanúnach. Is próiseas é seo a d'éileodh neart ama ó na heagarthóirí sinsearachta reatha.

F.2 Teorainneacha leis an oiliúint

Agus oiliúint curtha ar bhreis is 50 duine le linn an tionscadail, ba léir dúinn go bhfuil roinnt gnéithe faoi leith den obair ar féidir leo bac a chur ar dhuine dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile – nó, go deimhin, leanúint leis an obair ag an gcéim reatha:

An teicneolaíocht	Is bunachar XML struchtúrtha atá san fhoclóir, atá sách casta, agus úsáideann na heagarthóirí comhéadan sainiúil chun é seo a leasú.
Polasaithe agus treoirlínte eagarthóireachta	Sna treoracha stíle éagsúla tá an cur chuige leagtha síos maidir le caitheamh le hiontrálacha de chineálacha éagsúla agus le réimsí éagsúla. Mar shampla, má mheastar gur ciall théarmúil atá i gceist, is gá cuardach a bheith déanta ar an soláthar atá i <i>tearma.ie</i> , <i>FGB</i> agus <i>EID</i> – san ord sin. Más frása samplach atá le cur isteach, is gá dúbailt ar iontráil eile a sheachaint (m.sh. ní féidir <i>dressing table</i> a chur mar shampla faoi <i>table</i> , nó tá sé ann mar cheannfhocal ann féin), srl. Is gá freisin na frásaí samplacha a choimeád chomh gonta agus is féidir.
Breithiúnas teanga	Sa Bhéarla agus sa Ghaeilge araon, ní mór go mbeadh buntuisicint an-mhaith ag an eagarthóir maidir le cad atá riachtanach/inmhianaithe/gan tábhacht. Thar aon ghné eile den obair, b'fhéidir, is é seo an ghné is mó a bhfuil teorainn leis an méid is féidir a mhúineadh don bhall foirne, de bharr gur breithiúnas a bhíonn i gceist – is gá go mbeadh tuiscint éigin ó nádúr ag an eagarthóir ina leith seo agus an-chur amach ar úsáid chomhaimseartha an Bhéarla agus na Gaeilge. Mar shampla, in amanna bhíodh deacrachtaí ag cainteoirí dúchais den scoth leis an taobh Béarla den ábhar, toisc nach raibh siad muiníneach go leor sa teanga sin.

Moltaí do Choistí Fhoras na Gaeilge 2017

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1 agus 6 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Gach duine seachas an Cathaoirleach ar 2 choiste; Comhaltaí ar an dara téarma ar gach coiste, agus ina gcathaoirligh seachas an Coiste Osradhairc. Beidh na baill sheachtracha ar an Choiste Forbartha agus Coiste na nDeontas le himeacht anois agus Bord beagnach iomlán againn.

Miontuairiscí ón 159ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 3 Samhain 2017 in Óstán an Brehon, Cill Airne, Co. Chiarraí.

I láthair: P. Ó Gallchóir (Cathaoirleach), B. Ó Muirí (Leas-Chathaoirleach), S. M. Ó Domhnaill, B. Ní Chofaigh, G. McElwain, S. Ó Coistealbha, S. Ó hArgáin, C. McGuinness, M. Ní Chonghaile, M. Ní Neachtain, S. Ní Chéidigh agus M. Farrell.

Leithscéal: N. Ó Gallochobhair.

Ag freastal: S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí agus S. Uí Choinne.

Leithscéal: S. Ó hEidhin.

01.159 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 22 Meán Fómhair 2017 agus shínigh an Cathaoirleach iad. Ardaíodh ceist faoi Scéim Ionad Gaeilge agus an tagairt a bhí sa phreasráiteas a eisíodh i mí Mheán an Fhómhair don chás a bhí le déanamh leis na ranna urraíochta. Míníodh go raibh cás na n-ionad déanta i gcuideachta leis an chás do réimse tosaíochtaí leis an RCOG agus go n-ardófaí an cheist ag an chruinniú leis an Roinn Pobal i mí na Samhna. Iarradh go mbeadh maoiniú na n-ionad Gaeilge mar thosaíocht go dtí go mbeadh an t-airgead ann. Ardaíodh ceist faoi Phlean Gnó 2018 agus míníodh nár tháinig an treoir ó na ranna faoin ráta malairte go fóill, ná faoi roinnt nithe eile a bhí riachtanach sula bhféadfaí tabhairt faoi na gnéithe airgeadais de PG 2018. Iarradh go scaipfí dréacht de spriocanna molta Phlean Gnó 2018 ar an Bhord mar eolas. Iarradh go leasófaí leathanach 1 de na miontuairiscí lena léiriú go raibh cruinniú den ‘Bhord’ ann ar an 23 Lúnasa. Bhí plé ar an chruinniú atá le bheith le Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta agus iarradh go gcoinneofaí an Bord ar an eolas faoi.

02.159 COIMHLINT LEASA

Chuir an Cathaoirleach ceist ar an Bhord an raibh aon choimhlint leasa le nochtadh ag aon duine agus gur cheart sin a dhéanamh ag tús an chruinnithe nó le linn an chruinnithe, de réir mar ba ghá. Chuir S. Ó hArgáin in iúl go raibh coimhlint leasa aige i leith cheann de na Ceanneagraíochtaí.

03.159 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl:

1. Go raibh cruinniú ag an Chathaoirleach, an PF agus an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha le J. McHugh TD, Aire Stáit, C. Ní Liacáin, Ard-Rúnaí na Roinne agus A. Mac Cormaic Stiúrthóir na Gaeilge sa RCOG ar an 3 DF 2017

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú lorgtha ag G. McElwain le H. Humphreys TD, Aire Cultúir, agus moladh plean a ullmhú don chruinniú sin. Moladh go socrófaí cruinnithe leis na hAiri ag tús na bliana seachas le linn na bliana. Moladh cruinniú a lorg leis an Roinn Forbartha Tuaithe chun féidearthachtaí a fhiosrú maidir leis na scéimeanna éagsúla.

2. Gur bhog an fhoireann isteach sna hoifigí úra ar Shráid Amiens ar an 2 DF 2017.
3. Go bhfuil stoc leabhar Sheirbhís Dáileacháin Leabhar Fhoras na Gaeilge - Áis, mar aon le beirt bhall foirne, aistrithe chuig trádstóras i nDún Seachlainn, Co. na Mí. Beidh stoc foilsitheoireachta Fhoras an Gaeilge atá i stóras á aistriú go dtí an trádstóras as seo go deireadh na bliana.
4. Gur thug Theirry Leferve, Ard-Stiúrthóir Aistriúcháin an Cúirte Eorpaí Breithiúnais cuairt ar an PF ar an 4 DF 2017.
5. Go raibh cruinniú foirne ann ar an 05 DF 2017.
6. Go raibh cruinniú ag an PF agus an Clár bhainisteoir Seirbhísí Oideachais le hoifigh shinsearach sa Roinn Oideachais agus Scileanna faoi thuairisc chomhairle ó Fhoras na Gaeilge ar Oiliúint Tosaigh Múinteoirí.

Iarradh go scaipfí cóip den tuairisc ar an Bhord mar eolas.

7. Go raibh an PF agus an Clár bhainisteoir Seirbhísí Foclóireachta i láthair ar chomhdháil ar stádas na Gaeilge mar theanga iomlán oibre san Aontas Eorpach (AE), agus ar chomhdháil de chuid Comhordú Acmhainní Teanga Eorpacha.
8. Go raibh an LPF i láthair ar Aonach na nEalaíon Gaeilge ar an Charn, a d'eagraigh Oireachtas na Gaeilge, agus an Chomhairle Ealaíon ó Thuaidh ar an 12 Deireadh Fómhair.
9. Gur ghlac Foras na Gaeilge páirt in Aonach Gairmeacha Grad Ireland san RDS ar an 4 Deireadh Fómhair agus gur chuir Bláthnaid Ní Chofaigh seimineár i láthair ag an ócáid chéanna.
10. Gur sheol Acadamh Ríoga na hÉireann leagan ar líne de Chorpas Stairiúil na Gaeilge 1600-1926 (c.19 milliún focal de théacsanna stairiúla Gaeilge, ón tréimhse 1600-1926) ar an 24 Deireadh Fómhair.
11. Gur thug an PF agus an LPF cuairt ar áitreabh úr Raidió Fáilte.
12. Gur labhair an PF mar chuid d'oscailt oifigiúil Oireachtas na Samhna.
13. Gur fhreastail an LPF ar dhá chruinniú do phríomhoidí bunscoileanna agus iarbhunscoileanna na Gaeltachta maidir leis an Pholasáí Oideachas Gaeltachta a d'eagraigh COGG.
14. Go raibh foireann thionscadal an fhoclóra páirteach in Zeminar, comhdháil san RDS 10-12 Deireadh Fómhair.
15. Gur bhronn Cumann Litearthachta na hÉireann gradam feabhais ar Fhoras na Gaeilge ag ócáid bhronnta ag Comhdháil Bhliantúil an Chumainn, ar an tsraith leabhar *An Seisear Salach* a d'fhoilsigh an Gúm in 2016.
16. Gur réachtáladh próiseas tairisceana agus roghnaíodh tairgeoir le Scrúdú le haghaidh Séala an Aistriúcháin a réachtáil. Bhí beirt tairgeoirí istigh ar an chomórtas. Is é an tAonad Aistriúcháin agus Ateangaireachta in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh a tháinig sa chéad áit. Beidh an scrúdú ar siúl ar an Satharn, 2 Nollaig 2017.
17. Go raibh cruinniú den Fhóram Comhpháirtíochta ann ar an 27 Méan Fómhair in Oifigí Ghaeloideachais.

18. Gur sheol an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha an tionscnamh ‘Gaeilge le Chéile’-tionscnaimh labhairt na Gaeilge sa Chultúrlann i mBaile na Manach ar an 29 Meán Fómhair.
19. Go raibh cruinniú eolais faoin Bhaile Seirbhíse Gaeltachta i dTrá Lí ar an 25 Deireadh Fómhair.
20. Gur fógraíodh an scéim *Grúpaí le Gaeilge* ar an 24 Deireadh Fómhair a thacaíonn le deiseanna úsáide Gaeilge. Tá foirm iarratais á cur ar fáil ar líne den chéad uair tríd an scéim seo.
21. Gur fógraíodh Camchuairt Fhoras na Gaeilge agus go réachtálfar ceardlanna maidir le scéimeanna 2018 in ionaid éagsúla ó thuaidh agus ó dheas le linn mhí na Samhna.
22. Go bhfuil teastas NSAI faighte ag Foras na Gaeilge do *Q-Mharc Gnó le Gaeilge* agus go mbeidh ócáid seolta ann amach anseo.
23. Go bhfuil físeán nua poiblíochta curtha le chéile do na cúig Líonra Gaeilge.
24. Gur éirigh leis an scríbhneoir Colm Ó Ceallacháin sa Ghlaoch Oscailte faoin scéim *‘Focail Eile’* agus gur imigh sé go Tír na mBascach ar an 16 Deireadh Fómhair. Beidh sé ag scríobh gearrscéalta do dhaoine óga agus ag glacadh páirt in imeachtaí liteartha agus a bhaineann le mionteangacha a chur chun cinn go lár mhí na Nollag, agus tháinig scríbhneoir ón Mhacadóin, Alek Michevski, go hÉirinn ar an 5 Deireadh Fómhair.

04.159 BUISÉAD FHORAS NA GAEIGLE 2018

Míníodh go raibh méadú luaite san cháinainéis do 2018 do bhuiséad an Fhorais Teanga, ach míníodh nach raibh i gceist leis ach soláthar an Rialtais ó dheas don Fhoras Teanga agus go gcaithfeadh an Roinn Pobal ó thuaidh soláthar a dhéanamh de réir an chóimheasa thuaidh theas. Míníodh go raibh €450,000 ceadaithe ag an Roinn ó dheas d’Fhoras na Gaeilge do Bhliain na Gaeilge 2018, agus go mbeadh fochoiste le bunú ar a mbeidh Príomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge, ionadaithe ón Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, agus ionadaithe ó réimse de rannpháirtithe eile, Údarás na Gaeltachta san áireamh. Míníodh go mbeadh an maoiniú le ceadú tríd an fhochoiste agus go dtiocfadh moltaí an fhochoiste faoi bhráid an Bhoird lena bhfaomhadh. Léiríodh inní go raibh sé an-mhall sa bhliain le bheith ag iarraidh tabhairt faoi na hullmhúcháin do 2018.

05.159 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE

Coiste na nDeontas

D’fhág S. Ó hArgáin an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le maoiniú na gCeanneagraíochtaí don tréimhse 01 Eanáir go 31 Nollaig 2018.

Ainm Eagrais	Uimhir thagartha	Méid lorgtha	Méid molta
Glór na nGael	1701030	€1,078,733	€1,078,615
Conradh na Gaeilge	1701029	€832,457	€832,457
Oireachtas na Gaeilge	1701032	€622,594	€622,594
Gael Linn	1701034	€650,183	€650,183
Cumann na bhFiann	1701035	€745,136	€745,136
Gaeloideachas	1701033	€708,562	€708,562

Ardaíodh ceist faoi líon na stiúrthóirí ar Bhoird stiúrtha na gCeanneagraíochtaí, faoi chothromaíocht inscne ar na Boird, agus faoi bhaill foirne bheith mar bhaill de Bhoird stiúrtha.

Ardaíodh ceist faoin chóimheas céatadán idir gníomhaíochtaí i gcomparáid le tuarastal, agus iarradh go gcuirfí sin san áireamh san athbhreithniú atá le déanamh ar an chur chuige comhpháirtíochta. Rinneadh tagairt do chostais oifige arda atá ag ceann amháin de na Ceanneagraíochtaí agus moladh a bheith airdeallach ina leith.

Thug an Bord suntas don nóta eolais ó Ghaeloideachas (**Aguisín 1**).

D’fhill S. Ó hArgáin ag an pointe seo.

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná €120,000 a cheadú do Ghael Linn don tréimhse 01 Eanáir go 31 Nollaig 2018 don scéim Gaelbhratach.

Ainm Eagrais	Uimhir thagartha	Méid lorgtha	Méid molta
Gael Linn	1701036	€120,000	€120,000

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná £272,486 a cheadú don Áisaonad don tréimhse 01 Eanáir go 31 Nollaig 2018.

Ainm Eagrais	Uimhir thagartha	Méid lorgtha	Méid molta
An tÁisaonad	1701037	£272,486	£272,486

Ghlac an Bord leis an mholadh maoiniú sealadach a chur ar fáil don dá Chultúrlann ar feadh tréimhse dhá mhí in 2018 le gur féidir an próiseas úr iarratais a reáchtáil leo agus go dtabharfaí £16,550 (€19,000) do Chultúrlann McAdam Ó Fiaich agus £20,400 (€23,500) do Chultúrlann Uí Chanáin chuige sin.

Ghlac an Bord leis na treoirlínte don Scéim don dá Chultúrlann ó thuaidh (2018-2020) (**Aguisín 2**).

Ghlac an Bord leis an mholadh go gceadófaí (i) síneadh conartha 12 mí go 31 Nollaig 2018 de luach £68,700 do Rua Media le NÓS.ie a fhoilsiú, (ii) síneadh conartha de 12 mí go 31 Nollaig 2018 de luach €120,000 do Chomhar Teo le Comhar a fhoilsiú agus (iii) síneadh conartha de 5 mí go 31 Nollaig 2018 de luach €126,285 le Tuairisc.ie a fhoilsiú.

Moladh go gcuirfí lá iomlán ar leataobh do Choiste na nDeontas feasta le plé a dhéanamh ar iarratais na gCeanneagraíochtaí. Ghabh Cathaoirleach Choiste na nDeontas buíochas le baill an Choiste agus leis an fheidhmeannas.

Coiste Forbartha

Chuir Cathaoirleach an Choiste Forbartha in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste ar 9 Deireadh Fómhair ag ar pléadh uasdátú ar Phlean Gnó 2017 agus Bonn Óir Fhoras na Gaeilge. Pléadh an cheardlann lae atá le bheith ag an Bhord agus míníodh go raibh dáta le fógairt ag Cathaoirleach an Bhoird ina leith inniu. Ghabh an Cathaoirleach buíochas le baill an Choiste as freastal ar an chruinniú.

Coiste Osradhairc

Chuir Cathaoirleach an Choiste Osradhairc in iúl go mbeadh ceardlann lae ag an Bhord Dé Sathairn 25 Samhain le plé a dhéanamh ar thosaíochtaí do phlean straitéiseach, go mbeadh baill

foirne i láthair i dtús an tseisiúin leis an chomhthéacs a thabhairt, agus nach mbeadh i láthair ach Comhaltaí Boird don dara cuid.

Chuir sé in iúl gurb iad seo a leanas na táscairí ardleibhéil don Bhord in 2018:

- Meanma agus meon na foirne
- Cúrsaí feasachta
- Tionchar ag scéimeanna ar an phobal
- Ceanneagraíochtaí

Chuir sé in iúl go raibh sé i ndiaidh bualadh leis na comhaltaí ar bhonn aonair chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Bhoird agus go ndéanfaí sin ar bhonn leanúnach. Mhínigh sé go raibh athbhreithniú ar siúl ar fheidhmíocht na gCoistí éagsúla faoi láthair freisin. Ghabh an Bord buíochas leis an Chathaoirleach as an am a ghlacadh bualadh le comhaltaí ar bhonn aonair.

Chuir sé in iúl go ndearna an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha cur i láthair don Choiste ar a stiúrthóireacht, ar na struchtúir bhainistíochta atá i bhfeidhm agus ar thosaíochtaí na stiúrthóireachta do 2018. Scaipeadh cóip den chur i láthair ar an Bhord.

Coiste Iniúchta

Rinneadh plé ar an clár rioscaí agus an riosca breise, riosca 9, a cuireadh leis an chlár rioscaí. Moladh go bpléifeadh an Coiste Iniúchta leasú ar an fhoclaíocht lena léiriú go raibh riosca ann ‘do cháil Fhoras na Gaeilge ar an ábhar nach raibh leagan clóite den fhoclóir ann go fóill’. Cuireadh in iúl go bhfuil os cionn 1.5 milliún úsáideoir sa bhliain ag an suíomh focloir.ie anois. Rinneadh tagairt d’aip úr *teanglann.ie* agus do líon na gcóipeanna atá íoslódáilte cheana féin, breis agus 2,000. Bhí plé ar líon cóipeanna den fhoclóir nua Béarla-Gaeilge a díoladh go dáta: cuireadh in iúl nár díoladh ach thart ar 1,000 cóip go fóill. Moladh go gcuirfí an aip sin ar fáil saor in aisce chomh maith do Bhliain na Gaeilge 2018 ach sin a phlé leis na saineolaithe ar dtús.

06.159 RÁITEAS CAITEACHAIS

Phléigh an Bord an ráiteas caiteachais agus an buiséad athbhreithnithe. Iarradh eolas a chur ar fáil faoin mhéid a iarradh den €750,000 breise aon-uair a cheadaigh an Roinn ó dheas, faoin mhéid de a éilíodh agus a caitheadh. Ghlac an Bord leis an ráiteas caiteachais go 30 Meán Fómhair agus leis an bhuiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2017.

07.159 COMHFHREAGRAS

Cuireadh in iúl go raibh comhfhreagras faighte ag Rúnaí an Bhoird ón Chomhlachas Náisiúnta Drámaíochta ag iarraidh bualadh leis an fheidhmeannas.

08.159 MOLADH MAIDIR LE CRUINNITHE BOIRD IN 2018

Pléadh an moladh maidir le cruinnithe Boird in 2018. Ghlac an Bord leis an mholadh ach moladh cruinniú mhí na Bealtaine a réachtáil in áit eile seachas Béal Feirste ó tharla go mbeadh trí chruinniú eile ansin.

09.159 CUR I LÁTHAIR Ó CHLÁRBHAINISTEOIR OIDEACHAIS

Tháinig Clár bhainisteoir Seirbhísí Oideachais Fhoras na Gaeilge i láthair an chruinnithe agus rinne sé cur i láthair ar phróiseas iarratais agus measúnaithe Fhoras na Gaeilge. Ghabh an Bord

buíochas leis as an chur i láthair a dhéanamh agus d'fhág sé an cruinniú. Aontaíodh go scaipfí cóip den chur i láthair ar an Bhord mar eolas.

Bhí plé ag an Bhord ar an phróiseas iarratais agus measúnaithe. Rinneadh tagairt do na scéimeanna éagsúla. Fiafraíodh an dtiocfadh bunachar sonraí a chur le chéile de dhaoine a bheadh ábalta oiliúint a chur ar fáil do pháistí. Fiafraíodh an bhféadfaí foirmeacha iarratais na scéimeanna a leasú le go mbeadh siad níos gairide, nó foirm réamhiarratais a bheith ann. Fiafraíodh an bhféadfaí leagan den fhoirm a chur ar fáil gan ach Gaeilge amháin air, dóibh siúd nach bhfuil ag iarraidh leagan dátheangach a chomhlánú. Rinneadh tagairt don deacracht a bhí ann d'iarratasóirí úra agus don mholadh a bhí ag Coiste na nDeontas go gcuirfí ciste ar leataobh le haghaidh iarratasóirí úra.

10.159 STRAITÉIS CHUMARSÁIDE FHORAS NA GAEILGE

Tháinig Clár bhainisteoir Cumarsáide agus Margaíochta Fhoras na Gaeilge i láthair an chruinnithe agus rinne sí cur i láthair ar Straitéis Chumarsáide Fhoras na Gaeilge. Ghabh an Bord buíochas léi as an chur i láthair a dhéanamh agus d'fhág sí an cruinniú. Aontaíodh go scaipfí cóip den chur i láthair ar an Bhord mar eolas.

Fiafraíodh an dtiocfadh leas a bhaint as comhaltaí Boird agus a gcuid scileanna/taithí le bheith ag obair i gcuideachta leis an mheitheal chumarsáide.

11.159 AON GHNÓ EILE

Ardaíodh ceist faoi 'Aontas na Drámaíochta Gaeilge' a bhí le bheith ann tráthnóna. Iarradh soiléiriú i leith aidhm an chruinnithe sin agus iarradh go gcuirfí eolas chuig an Bhord ina leith.

Rinneadh tagairt do Ghradaim Chumarsáide an Oireachtais agus fiafraíodh an dtiocfadh le hOireachtas na Gaeilge urraíocht neamhspleách a aimsiú dóibh.

Fiafraíodh ar chóir tuairisc iarthionscadail a thiomsú do Thionscadal an Fhoclóra sula mbeadh an leagan clóite ar fáil. Míníodh gurbh é an gnáthchleachtas fanacht go bhfógrófaí an CATT/na Ranna críoch a bheith leis an tionscadal sula gcuirfí tuairisc iarthionscadail ar fáil.

Cuireadh in iúl go mbeadh cruinniú den Fhoras Teanga ar siúl Dé hAoine 8 Nollaig ar 10.30r.n. agus cruinniú Boird go díreach ina dhiaidh sin.

Pól Ó Gallchóir
Cathaoirleach
8 Nollaig 2017

Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2017

		27/01/20 17	24/02/20 17	07/04/20 17	19/05/20 17	23/06/20 17	21/07/20 17	22/09/20 17	03/11/20 17	08/12/20 17
Pól Ó Gallchóir	8/8	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	
Seán Mícheál Ó Domhnaill	8/8	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	
Gráinne McElwain	7/8	✓	✓	✓	X	✓	✓	✓	✓	
Bláthnaid Ní Chofaigh	6/8	✓	X	✓	✓	X	✓	✓	✓	
Seán Ó hArgáin	5/8	✓	✓	X	X	✓	X	✓	✓	
Seán Ó Coistealbha	7/8	✓	✓	X	✓	✓	✓	✓	✓	
Conor McGuinness	5/8	✓	X	✓	✓	X	X	✓	✓	
Barra Ó Muirí	5/8	✓	✓	X	X	✓	X	✓	✓	
Maighréad Ní Chonghaile	8/8	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	
Mairéad Farrell	5/8	✓	✓	X	✓	X	✓	X	✓	
Máire Ní Neachtain	8/8	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	
Sorcha Ní Chéide	7/8	✓	✓	✓	X	✓	✓	✓	✓	
Niall Ó Gallochobhair	7/8	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	X	

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1, Mír 4 agus faoi Chuid 2, Mír 6 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Nóta Eolais

Eagraíocht: Gaeloideachas
Uimhir thagartha: 1601062

	Méid Ceadaithe € (01 Eanáir 2017 go 31 Nollaig 2017 bunaithe ar leasú buiséid ceadaithe ag an PF 26/01/17)	Leasú Buiséid Ceadaithe Dáta: 05/04/17	Leasú Buiséid Iarrtha Dáta: 25/07/17
Tuarastail			
Ardfheidhmeannach, Príomhoifigeach Cúnta, 28/2009, 7+8			
Leas-Ardfheidhmeannach, Ard Oifigeach Feidhmiúcháin, 28/2009, 9			
Oifigeach Sinsearach Polasaí & Forbartha, Ard Oifigeach Feidhmiúcháin, 28/2009, 3+4			
Oifigeach Eolais & Airgeadais, Oifigeach Feidhmiúcháin, 28/2009, 7+8			
Oifigeach Forbartha, Oifigeach Feidhmiúcháin, 17/2015, 6+7 (scála 1 go MF 2017)			
Oifigeach Forbartha, Oifigeach Feidhmiúcháin, 18/2010, 6+7			
Oifigeach Forbartha, Oifigeach Feidhmiúcháin, 2/2014, 2+3			
Oifigeach Forbartha, Oifigeach Feidhmiúcháin, 2/2014, 9+10			
Riarthóir Oifige, Oifigeach Cléireachais, 2/2014, 3+4			
Fo-iomlán	€448,242	€408,940	€421,176
Riarthóir Oifige (OC) ag feidhmiú mar Oifigeach Eolais agus Airgeadais (OF) ar feadh 4 mhí – fócaíocht breise don tuarastal			
Riarthóir NUA Oifige (OC, 2/2014, 1) ar bhonn sealadach – 5 mhí			

Iarratas le folúntais a líonadh go sealadach chun tionscadail agus spriocanna éagsúla a bhaint amach le linn an tréimhse seo			
Fo-iomlán	0	€39,302	€448,242
Costais reatha			
Taisteal agus cothabháil	€ 40,000	€ 40,000	€ 40,000
Gnáthchostais reatha	€ 104,321	€ 104,321	€ 104,321
Fo-iomlán	€ 144,321	€ 144,321	€ 144,321
Seirbhísí / Gníomhaíochtaí			
FEIDHM I			
Gníomhaíocht 1 (Feachtas Feasachta agus seimineár faoin tumoideachas i gcomhthéacs an Polasaí Oideachais Gaeltachta)	€5,000	€5,000	€5,000
FEIDHM V			
Gníomhaíocht 2 (Comhairliúcháin le scoileanna agus naíonraí)	€5,000	€5,000	€5,000
FEIDHM VII			
Gníomhaíocht 4 (Forbairt phleanáilte ar fhorais tumoideachais nua)	€10,000	€10,000	€13,000
Gníomhaíocht 6 (comhairliúchán agus oiliúint do na boird bainistíochta/coiste na dtuismitheoirí faoin tumoideachas)	€5,000	€5,000	€2,000
FEIDHM VII			
Gníomhaíocht 12 (Cruinnithe ardaithe feasachta faoin leanúnachas))	€5,000	€5,000	€5,000
FEIDHM VIII			
Gníomhaíocht 11 (Clár Gaeilge do thuismitheoirí)	€10,000	€10,000	€10,000
FEIDHM IX			
Gníomhaíocht 5 (deontas le chéile trí Ghaeilge)	€27,000	€27,000	€27,000
Gníomhaíocht 9 (Forbairt agus seachadadh nuachtlitir)	€3,000	€3,000	€3,000
FEIDHM XI			
Gníomhaíocht 7 (Cúrsa Gaeilge a fhorbairt do stiúrthóirí naíonra)	€10,000	€10,000	€10,000
FEIDHM XIV			
Gníomhaíocht 3 (RSO agus an tumoideachas – oiliúint tríd na réigiúin)	€6,000	€6,000	€6,000
Gníomhaíocht 8 (Comhroinnt an deachleachtais a éascú trí Chomhdháil Oideachais 32 contae)	€15,000	€15,000	€15,000

FEIDHM XV			
Gníomhaíocht 10 (Forbairt agus oiriúnú ábhar bolscaireachta ar an tumoideachas)	€10,000	€10,000	€10,000
Gníomhaíocht 13 (Feachtas ardaithe feasachta You Tube)	€5,000	€5,000	€5,000
Fo-iomlán	€116,000	€116,000	€116,000
MÓR-IOMLÁN	€708,562	€708,562	€708,562

Cúis leis an leasú:

Eascaíonn an leasú buiséid seo as athruithe i gcás na foirne – daoine ar shaoire máithreachais (agus duine anois ag pilleadh ar bhonn 4 lá sa tseachtain agus duine ag pilleadh ar a bunról dá bharr), daoine ag feidhmiú ag leibhéal níos airde, duine imithe ar fad (a bhí le bliain amuigh a thógáil) agus duine nua ceaptha ina áit. Tá athbreithniú agus leasaithe déanta ar chostais a bhaineann le roinnt tionscadail chomh maith agus tá sé sin rianaithe agus le feiceáil thuas.

Is mian leis an eagraíocht cuidiú seachtrach a fháil le plé leis na míreanna seo a leanas (Ón 01.01.17 go dtí an 22.09.17):

- 1) Margaíochta/cumarsáide;
- 2) Acmhainní Daonna chun críche moltaí chun feabhais ar chleachtais na heagraíochta;
- 3) Forbairt agus oiliúint foirne agus riachtanais eile foirne a thagann chun cinn ar bhonn sealadach.

Feidhm VII

Gníomhaíocht 4

Tacaíocht leanúnach a chur ar fáil do ghrúpaí pobail ar mian leo soláthar nua a bhunú – grúpaí nua tagtha chun cinn i 2017 i mBaile Munna, Baile Dhún na nGall agus Leitir Ceanainn.

Gníomhaíocht 6

Tacaíocht a chur ar fáil do 3 scoil (Scoil Santain, GS Chnoc Liamhna, Scoil Uí Dhálaigh) a bhfuil a mboird bainistíochta ag fiosrú féidearthacht an Luath-Thumoideachais Iomlán (LTI) a chur i bhfeidhm sa scoil. Costais ionadaíochta a chlúdach agus múinteoirí na naíonáin a chur amach ag scoileanna ina bhfuil LTI ar bun ar feadh lá. Cinneadh a bheith níos coimeádaí i dtaobh líon na scoileanna ar féidir linn freastal orthu de bharr brúnna eile.

Cead:

Cheadaigh an Príomhfheidhmeannach an leasú seo ar an 14 Lúnasa 2017

Scéim Eatramhach don dá Chultúrlann ó Thuaidh (2018-2020)

Treoiríníte d'Iarratasóirí

Sula dtabharfaidh tú faoi iarratas léigh na treoiríníte seo ina n-iomláine.

Mar gheall ar Fhoras na Gaeilge

Is comhlacht forfheidhmithe Thuaidh/Theas é Foras na Gaeilge agus baineann a ról le húsáid na Gaeilge a éascú agus a spreagadh sa saol poiblí agus sa saol príobháideach i bPoblacht na hÉireann, agus i dTuaisceart Éireann mar a mbíonn éileamh cuí ann.

Reáchtálann Foras na Gaeilge scéimeanna éagsúla deontais. Bíonn spriocanna, cuspóirí agus critéir éagsúla ag na scéimeanna seo. Tá tosaíochtaí maoinithe chomh maith le spriocanna agus targaidí socraithe ag bord Fhoras na Gaeilge.

Mar gheall ar an scéim seo

Is é an aidhm atá leis an scéim seo maoiniú a chur ar fáil don dá chultúrlann ó thuaidh le spás sábháilte a chur ar fáil do lucht labhartha agus foghlamtha na Gaeilge agus leis an nGaeilge a chur chun cinn, a chothú agus a bhuanú ar bhonn pobail.

Tríd an scéim seo maoinoidh Foras na Gaeilge an dá chultúrlann chun plean oibre Gaeilge a chuimsíonn clár gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm sa phobal, le comhpháirtíochtaí a chur chun cinn le páirtithe leasmhara eile sa tsochaí a dhéanfaidh an Ghaeilge a chur chun cinn, a chothú agus a bhuanú. Cuimseoidh an maoiniú soláthar do phoist ábhartha a cheanglaítear go dlúth leis an bplean oibre Gaeilge.

Tá suas le **£672,000** de bhuiséad iomlán ar fáil mar chiste don scéim thar thréimhse thrí bliana (ó **Eanáir 2018 go dtí Nollaig 2020**). Ciallaíonn sé seo go bhfuil suas le **£224,000** i mbuiséad bliantúil na scéime. Is é uasmhéid an deontais is féidir le gach iarratasóir a fháil gach bliain **£112,000**.

Is é an spriocdháta le haghaidh iarratas 12 meán lae an 17 Samhain 2017 agus ní ghlacfar le haon iarratas a gheofar tar éis an spriocdháta seo.

Critéir incháilitheachta?

Le bheith incháilithe cur isteach ar an scéim seo ní mór d'eagraíocht na critéir cháilitheacha seo a leanas a chomhlíonadh;

- a. A bheith ina ghrúpa pobail seachas údarás áitiúil, scoil, coláiste nó institiúid eile, naíonra, grúpa iarscoile nó eagraíocht bhrabúsach.
- b. A bheith in ann a léiriú go bhfuil cur chun cinn, cothú agus buanú na Gaeilge mar phríomhaidhm leis an ngné den tionscadal a bhfuil deontas á lorg ina leith.
- c. A bheith in ann a léiriú go bhfuil gá leis an tionscadal agus go bhfuil luach airgid le fáil ag Foras na Gaeilge.
- d. An tionscadal a bheith ag teacht le tosaíochtaí agus le straitéis Fhoras na Gaeilge.
- e. A bheith lonnaithe lasmuigh den Ghaeltacht.
- f. Gan a bheith ag fáil bunmhaoiniú ó Fhoras na Gaeilge.
- g. Struchtúr ceart bainistíochta a bheith ag an eagraíocht agus a bheith in ann cumas bainistíochta a léiriú.
- h. Cuntas bainc a bheith ann in ainm na heagraíochta, atá faoi stiúir choiste nó bhord na heagraíochta, agus é a bheith riachtanach de réir nósanna imeachta na heagraíochta gur gá beirt nach bhfuil gaol acu le chéile seiceanna a shíneadh.
- i. Cóip shínithe agus dhátaithe de cháipéisí rialaithe na heagraíochta (mar shampla, bunreacht, Meabhrán agus Airteagail Chomhlachais mar is cuí) a bheith leis an iarratas.
- j. A bheith cobhsaí maidir le cúrsaí airgid. Ní mór cuntais bhliantúla agus ráitis bhainc a chur leis an iarratas. Má bhíonn na cuntais níos sine ná 12 mhí, ní mór cuntais

bhainistíochta a sholáthar agus iad sínithe ag cathaoirleach na heagraíochta agus miontuairiscí den chruinniú inar glacadh leo.

- k. Gan a ndóthain acmhainne a bheith acu leis an tionscadal a reáchtáil iad féin, i.e. go bhfuil gá le deontas.
- l. Gach cáipéisíocht a bhaineann le haon mhaoiniú a fuair an eagraíocht roimhe seo ó Fhoras na Gaeilge a bheith in ord chun shástacht Fhoras na Gaeilge.
- m. Gach ní atá ar sheicliosta na foirme iarratais a bheith leis an iarratas chomh maith leis an bplean oibre Gaeilge

Cad é an saghas tionscadail a mhaoineofar?

Faoin scéim seo níl ach saghas amháin tionscadail atá i dteideal maoiniú a fháil, uasmhéid 4 fhostaí thar thrí bliana le plean oibre a chuimsíonn clár gníomhaíochtaí le cur i bhfeidhm sa phobal. **Dícháileofar aon iarratas a lorgaíonn maoiniú le haghaidh níos mó ná 4 fhostaí.**

Ní mór don chultúrlann plean oibre Gaeilge a bheith acu a dhíríonn go sonrath ar na cuspóirí seo a leanas:

- **Cuspóir 1 – úsáid na Gaeilge a mhéadú sa phobal**

Spás sábháilte a chur ar fáil do lucht labhartha agus foghlamtha na Gaeilge. Mar chuid de sin: tacú le soláthar agus forbairt deiseanna úsáide Gaeilge; forbairt agus neartú gréasán do phobal na Gaeilge; sóisialú na Gaeilge do gach aoisghrúpa sa phobal trí chlár leathan gníomhaíochtaí a chomhordú agus a sheachadadh i.e. imeachtaí sóisialta rialta, mór-imeachtaí, ócáidí bliantúla, imeachtaí oideachasúla, imeachtaí feasachta etc.

- **Cuspóir 2 – comhpháirtíochtaí a thógáil sa phobal**

A bheith gníomhach i measc an phobail chun comhpháirtíochtaí, idir reatha agus úrbhunaithe, a chur chun cinn le páirtithe leasmhara eile sa tsochaí i.e. na ceanneagraíochtaí, eagraíochtaí eile Gaeilge, scoileanna, institiúidí oideachais eile,

eagrais óige, eagrais chultúrtha, eagrais spóirt, eagrais forbartha pobail, mionlaigh eitneacha, lucht gnó etc.

- **Cuspóir 3 – pleanáil straitéiseach d’inmharthanacht fhadtéarmach airgeadais**

A bheith gníomhach chun féidearthachtaí úra a aimsiú a chuirfidh leis an inmharthanacht fhadtéarmach airgeadais d’fheidhmiú na cultúrlainne. Ní mór don iarratasóir a léiriú taobh istigh den phlean oibre Gaeilge na deiseanna eile a bheadh ar fáil chun cur leis an gclár gníomhaíochtaí, seirbhísí agus foinsí eile ioncaim a thacóidh le forbairt agus buanú na cultúrlainne

- **Cuspóir 4 – tacú le feasacht na Gaeilge**

Tacú le feasacht na Gaeilge agus beartais Ghaeilge an rialtais ar leibhéal logánta (i.e. **Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge** agus **Straitéis le Forbairt na Gaeilge a Chosaint agus a Fheabhsú (Roinn na bPobal TÉ)**, Líofoa etc.

Cé mhéad maoiniú is féidir linn a fháil?

Is féidir maoiniú trí bliana a fháil ag tosú i **mí Eanáir 2018**. Má éiríonn le hiarratas, déanfar tairiscint deontais. Beidh an maoiniú i mbliain a dó agus i mbliain a trí ar choinníoll, ag brath ar dhul chun cinn agus ar thorthaí na chéad bhliana a bheith sásúil, agus beidh maoiniú bhliain a trí ag brath, dá réir, ar dhul chun cinn agus ar thorthaí an dara bliain a bheith sásúil.

Is é uasmhéid an deontais is féidir a fháil gach bliain £112,000.

Is féidir cur isteach ar na trí chineál costais seo a leanas:

- costais tuarastail: uasmhéid 4 fhostaí agus costais ghaolmhara fostaíochta;
- an costas a bhaineann leis an gclár gníomhaíochtaí a sholáthar agus a sheachadadh (ní áirítear ranganna Gaeilge mar chuid de chaiteachas measta an deontais);
- ranníocaíocht costas oifige.

Cad é mar a mheasfar na hiarratais?

Úsáideann Foras na Gaeilge critéir mheasúnaithe le cuidiú leo iarratais a mheas. Tá critéir mheasúnaithe na scéime leagtha amach thíos. Measfar agus scórálfar iarratais de réir na gcritéar seo.

Critéir mheasúnaithe

- An gá leis an bplean oibre Gaeilge
- Comhlíonann an Plean Oibre Gaeilge tosaíochtaí Fhoras na Gaeilge
- Comhlíonann an Plean Oibre Gaeilge cuspóirí na scéime;
 - Úsáid na Gaeilge a mhéadú sa phobal
 - Comhpháirtíochtaí a thógáil sa phobal
 - Pleanáil straitéiseach d’innharthanacht fhadtéarmach airgeadais
 - Tacú le feasacht na Gaeilge
- Cumas bainistíochta na heagraíochta agus cumas na heagraíochtaí leis an bplean oibre a chur i gcrích agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn.
- Luach ar airgead: bronnfar marcanna níos airde má léirítear costais bheachta agus réasúnta agus má bhaintear tairbhe as foinsí eile ioncaim (e.g. maoiniú ó fhoinsí eile, tógáil airgid).

Cad é mar a chuirfimid isteach air?

Sula dtabharfaidh tú faoi iarratas léigh na treoirí seo ina n-iomláine. Má bhíonn aon cheist agat ag céim ar bith den phróiseas iarratais is féidir dul i dteagmháil le hoifigeach na scéime, **Máirtín Mac Cathmhaoil**, ar 028 908 909 70.

Ní mór an fhoirm iarratais comhlánaithe agus gach doiciméad tacaíochta a bheith faighte ag an seoladh thíos roimh **12 meán lae, an 17 Samhain 2017**. Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh an spriocdháta seo. **Ní ghlacfar le hiarratas trí ríomhphost.**

An Rannóg Pobal agus Gnó

Foras na Gaeilge

Teach an Gheata Thiar

2 Sráid na Banríona

Béal Feirste BT1 6ED

Ní mór gach ceist a fhreagairt. Ní mór an fhoirm iarratais a chomhlánú i clóscríbhinn agus cóip chrua shínithe amháin mar aon leis an gcáipéisíocht ar fad ón seicliosta a chur chuig an seoladh thuasluaite. Is í an Ghaeilge teanga oibre Fhoras na Gaeilge agus ní mór an fhoirm iarratais a chomhlánú i nGaeilge.

Ní mór aon leathanaigh bhreise nó cáipéisí breise a chuirfidh iarratasóir leis an iarratas a mharcáil go soiléir le hainm na heagraíochta. Ní mór an seicliosta ag deireadh na foirme iarratais a chomhlánú le cinntiú go bhfuil an fhoirm iarratais comhlánaithe ina hiomláine.

Féadfaidh Foras na Gaeilge teagmháil a dhéanamh le ranna rialtais agus maoinitheoirí eile, sa dá dhlínse, le hiarratais a phlé.

Cad é a tharlóidh dár n-iarratas?

Tar éis d'Fhoras na Gaeilge iarratas a fháil deimhneoidimid ar dtús, ón eolas a thugtar dúinn, go bhfuil an fhoirm iarratais comhlánaithe go hiomlán agus go bhfuil an t-eolas uile atá ag teastáil san áireamh inti. Mura bhfuil is féidir go ndiúltófar an t-iarratas. Ní mór a chinntiú go bhfuil gach rud iarrtha sa seicliosta san áireamh le

d'iarratas. Má tá aon rud sa seicliosta in easnamh is gá míniúchán i scríbhinn a thabhairt.

Má tá iarratas incháilithe déanfar mionmheasúnú air de réir na gcritéar maoinithe. Féadfaidh Foras na Gaeilge dul i dteagmháil leat ar an teileafón agus/nó dul ar cuairt le d'iarratas a phlé go mion nó le tuilleadh eolais a fháil. Féadfaidh Foras na Gaeilge dul i dteagmháil leis an bhfinné neamhspleách atá luaite san iarratas nó le haon mhaoinitheoirí eile.

Scórálfar iarratais de réir na gcritéar maoinithe atá sna treoirlínte agus déanfaidh Coiste na nDeontas moladh do bhord Fhoras na Gaeilge maidir le cinneadh a dhéanamh.

Cuirfear eagraíochtaí ar an eolas i scríbhinn maidir le cinneadh Fhoras na Gaeilge ar a n-iarratas i **mí Eanáir 2018**.

Cad é a tharlóidh má éiríonn lenár n-iarratas?

Má éiríonn le hiarratas cuirfimid litir thairisceana chuig an eagraíocht a thabharfaidh mionsonraí an deontais atá á thairiscint agus na téarmaí agus na coinníollacha a théann leis an tairiscint. Beidh **14 lá** ag eagraíocht le glacadh leis an tairiscint nó tarraingeofar an tairiscint siar.

Déanfar an deontas a íoc i dtráthchodanna (gach ráithe i riaráistí de ghnáth) mar a leagfar amach sa litir thairisceana. Má fheictear d'Fhoras na Gaeilge go bhfuil gá leis, is féidir go ndéanfar íocaíochtaí roimh ré.

Monatóireacht

Beidh ar Fhoras na Gaeilge aontú leis an eagraíocht i dtaobh an phlean oibre Gaeilge. Bunófar spriocanna an phlean Oibre Gaeilge ar an bhfaisnéis san iarratas agus ar an mbuiséad comhaontaithe. Úsáidfear an phlean oibre Gaeilge le:

- monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an tionscadail le linn na bliana, agus
- rath an tionscadail a mheas.

Faoin bplean oibre Gaeilge beidh tuairiscí rialta le soláthar ag an eagraíocht d’Fhoras na Gaeilge i rith agus ag deireadh gach bliana maidir leis an dul chun cinn atá déanta de réir na spriocanna a leagtar síos sa phlean oibre Gaeilge. Féachfaidh Foras na Gaeilge lena chinntiú go bhfuil na riachtanais mhonatóireachta réasúnta agus i gcomhréir leis an maoiniú atá á thairiscint, agus nach ualach rómhór riaracháin iad.

Beidh maoiniú i mbliain 2 ag brath ar fheidhmíocht shásúil i mbliain 1 agus dá réir sin ar feadh thréimhse na scéime.

Ag deireadh bhliain a haon ní mór don eagraíocht athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean oibre Gaeilge do bhliain a dó agus aon athruithe ábhartha ar bhuiséad an deontais a phlé agus a aontú le Foras na Gaeilge. Beidh an rud céanna le déanamh ag deireadh gach bliana ar feadh shaolré an deontais.

Aguisín 1

Cuspóirí straitéiseacha agus tosaíochtaí maoinithe Foras na Gaeilge

Tá critéir agus cuspóirí na scéime seo ag teacht le cuspóirí straitéiseacha agus tosaíochtaí maoinithe Foras na Gaeilge:

- > **Stádas/Dearcadh dearfach** i leith na Gaeilge a chothú agus a chur chun cinn.
- > **Cumas** Gaeilge an duine aonair/an phobail a chothú agus a bhuanú.
- > **Úsáid na Gaeilge** a chur chun cinn, a chothú agus a neartú.
- > **Pobal labhartha Gaeilge** a chothú, a neartú agus a bhuanú.
- > **An t-aistriú teanga ó ghlúin go glúin trí mheán an teaghlaigh** a éascú,

a chothú agus a neartú.

Chuirge sin, díríonn Foras na Gaeilge, go príomha, ar na réimsí seo a leanas:

- > **Oideachas**
- > **Scoilphobail**
- > **Bunú agus buanú Gréasán**
- > **Obair óige**
- > **Taighde le bonnlínte ó thaobh na Gaeilge a leagan síos**

An plean oibre Gaeilge

Déanfaidh Foras na Gaeilge iarratais a mheas de réir chritéir na scéime.

Is cuid **riachtanach** d'iarratas é an plean oibre Gaeilge. Déanfar athbhreithniú agus measúnú air le linn an phróisis measúnaithe.

Beidh d'iarratas dícháilithe mura soláthróidh tú plean oibre Gaeilge mionsonrach atá leagtha amach de réir na dtreoracha agus na samplaí thíos.

Is cóir don phlean oibre Gaeilge osradharc a thabhairt ar chlár gníomhaíochtaí, seirbhísí agus forbairtí úra a mbeidh an chultúrlann ag dréim lena chur i gcrích thar thréimhse iomlán na trí bliana ach is gá béim agus cuntas níos mionsonraithe a thabhairt maidir le bliain 1. Beidh teorainn focal 2,500 leis an bplean oibre Gaeilge.

Ní mór na ceisteanna seo a leanas a thógáil san áireamh agus a fhreagairt mar chuid den Phlean Oibre Gaeilge.

1. Cén fhianaise atá ann go bhfuil gá le plean oibre Gaeilge a chur i bhfeidhm tríd an gcultúrlann? Tabhair eolas ar úsáid reatha na Gaeilge i measc an phobail, staitisticí nó samplaí ionadaíocha faoi leith.

2. Cén dóigh a dtacóidh do phlean oibre Gaeilge le tosaíochtaí Fhoras na Gaeilge, cad é atá ag tarlú sa phobal cheana féin i dtaobh na Gaeilge – an bhfeabhsóidh nó an gcuirfidh do phlean oibre Gaeilge leis seo agus an dtabharfaidh sé gníomhaíochtaí nua isteach?
3. Cad iad na gníomhaíochtaí atá sa phlean oibre Gaeilge? Tabhair achoimre ghearr ar na gníomhaíochtaí, cé air a bhfuil an ghníomhaíocht dírithe, na seirbhísí nó na táirgí a chuirfear ar fáil, na daoine a bheas páirteach. Bíodh uimhreacha san áireamh san áit a mbaineann sin le hábhar. **Ní gá go mairfeadh gach gníomhaíocht trí bliana. D'fhéadfadh gníomhaíocht tosú i mbliain 2 nó bliain 3.**
4. Cé a bheidh páirteach? Luaigh institiúidí agus ghréasáin a bheidh bainteach le feidhmiú an Phlean Oibre Gaeilge. Tabhair achoimre ar na príomhghníomhaíochtaí ábhartha lena mbainfidh siad, cé air a bhfuil an ghníomhaíocht dírithe, na seirbhísí nó na táirgí a chuirfear ar fáil, an áit nó na háiteanna a dtarlóidh siad, na daoine/pobail a bheidh páirteach.
5. Sonraigh, le do thoil, na príomh-spriocghrúpaí ar a mbeidh an chultúrlann ag freastal go príomha sa phlean oibre Gaeilge. Is gá tagairt a dhéanamh do na comhpháirtíochtaí lena mbainfear spriocanna amach.
6. Sonraigh, le do thoil, na féidearthachtaí agus an phleanáil straitéiseach a chuirfidh leis an inmharthanacht fhadtéarmach airgeadais don tionscadal.

Miontuairiscí ón 160ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 8 Nollaig 2017 i gceannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath.

I láthair: P. Ó Gallchóir (Cathaoirleach), B. Ó Muirí (Leas-Chathaoirleach), S. M. Ó Domhnaill, B. Ní Chofaigh, G. McElwain, S. Ó Coistealbha, S. Ó hArgáin, C. McGuinness, M. Ní Chonghaile, M. Ní Neachtain, S. Ní Chéidigh agus N. Ó Gallochobhair.

Leithscéal: M. Farrell.

Ag freastal: S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), S. Ó hEidhin agus S. Uí Choinne.

Leithscéal: J. Ó Labhraí.

01.160 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 3 Samhain 2017 agus shínigh an Cathaoirleach iad. Ardaíodh ceist faoin airgead a cheadaigh an Roinn ó dheas d’Fhoras na Gaeilge do Bhliain na Gaeilge, agus faoi na socruithe imeacht ón ghnáthchleachtas ceadaithe maoinithe trí Choiste na nDeontas. Ceartaíodh na miontuairiscí leis an fhocal “fochoiste” a chealú agus “comhchoiste” a chur ina áit. Ardaíodh ceist faoin leasú ar an chlár rioscaí maidir leis an fhoclóir agus iarradh go leasófaí é lena léiriú gur riosca do cháil Fhoras na Gaeilge gur aontaigh na Ranna Urraíochta agus an CATT leasuithe ar na spriocanna a bhain leis an leagan chlóite.

02.160 COIMHLINT LEASA

Chuir an Cathaoirleach ceist ar an Bhord an raibh aon choimhlint leasa le nochtadh ag aon duine agus gur cheart sin a dhéanamh ag tús an chruinnithe nó le linn an chruinnithe, de réir mar ba ghá. Ní raibh aon choimhlint leasa le nochtadh ag aon duine.

03.160 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl:

- Go raibh ceardlanna feasachta ar siúl i 14 baile ar fud an oileáin le linn mhí na Samhna.

Ardaíodh ceist an raibh na Ceanneagraíochtaí páirteach sna ceardlanna feasachta agus cuireadh in iúl go raibh Glór na Gael páirteach. Míníodh go mbeadh tuairisc ar fáil faoi na ceardlanna go luath. Gabhadh buíochas le hoifigigh Fhoras na Gaeilge a d’fhreastail ar chomhdháil bhliantúil Ghaeloideachais ar 24/25 Samhain.

- Go raibh an LPF i láthair ag cruinniú le PF Chomhairle na Gaelscolaíochta ar an 6 Samhain.
- Go raibh an LPF i láthair ag Comhdháil de chuid an Network for Linguistic Diversity sa Bhruiséil – 8-10 Samhain
- Go raibh cruinniú ag an Chathaoirleach agus an PF le Rúnaí Buan na Roinne, Leo O’Reilly ar an 14 Samhain.

- Go raibh 4 chruinniú de Choiste Bhliain na Gaeilge, a bhunaigh RCOG i gCill Airne ar an 3 Samhain. Tá an PF ina Chathaoirleach ar an Choiste agus tá an Clár bhainisteoir Cumarsáide ina ball den Choiste.
- Gur sheol an PF sraith de phortráidí nua/ochtar scríbhneoirí ag ócáid speisialta i gCeannáras Fhoras na Gaeilge - Cnuasach beo portráidí de scríbhneoirí comhaimseartha na Gaeilge bunaithe ar shaothar Mháire Uí Mhaicín, á mhaoiniú ag Foras na Gaeilge i gcomhar le *Comhar*.
- Go raibh cruinniú ag an LPF le Comhairle Cathrach Bhéal Feirste.
- Go raibh cruinniú ag an LPF le Ceannasaí Ghaeloideachais.
- Go raibh cruinniú monatóireachta ráithe againn le hoifigigh ón dá roinn.
- Go raibh cruinniú ag an PF le PF Údarás na Gaeltachta agus le Leas-Cheannasaí Raidió na Gaeltachta.
- Go raibh an PF, an LPF agus roinnt ball foirne eile i láthair ag Comhdháil COGG/Gaeloideachais i Muileann gCearr ar an 24 Samhain.
- Gur labhair an PF ag dinnéar bronnta gradam na Gaeil Óga i mBÁC ar an 25 Samhain.
- Gur bhuail an PF agus an LPF le hoifigeach sinsearach de chuid na Comhairle Ealaíon ó thuaidh faoi Bhliain na Gaeilge.
- Go ndearna an PF cur i láthair i dTithe an Oireachtais eagraithe ag an Seanadóir Pádraig Ó Céidigh.
- Go raibh an PF i láthair ar ócáid fógraithe maoinithe don Pholasaí don Oideachas Gaeltachta i Ráth Chairn ar an 30 Samhain.
- Go raibh an PF i láthair ag ócáid eolais eagraithe ag leas-Rúnaí an CATT, Mary Madden in Ard Mhacha ar an 30 Samhain.
- Go ndearnadh nuashonrú ar shuíomh an fhoclóra Béarla-Gaeilge Déardaoin 29 Samhain. Cuireadh líon beag iontrálacha nua agus abairtí samplacha leis an fhoclóir. Leasaíodh 12,000 ceannfhocal (33,000 aonad céille) bunaithe ar an obair atá ar bun chun an leagan clóite a réiteach agus i bhfianaise aiseolas ón phobal.
- Go raibh scrúdú do Shéala an Aistriúcháin ann ar an Satharn 2 Nollaig. Bhí 70 iarrthóir cláraithe le tabhairt faoin scrúdú i nGaillimh agus 11 eile i nGaoth Dobhair.
- Gur fhreastail an Príomhfheidhmeannach agus an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha ar ócáid bhronnta an NSAI (National Standards Authority of Ireland) ar an 5 Nollaig. Bhronn an tAire Gnó, Fiontair agus Nuálachais, Pat Breen T.D., teastas cáilithe den NSAI ar son sheála an Q-Mhairc nuafhorbartha a sholáthar do comhlachtaí gnó a chuirfidh scoth an dátheangachais chun cinn trína gcuid seirbhísí. Beidh Scéim an Q-Mhairc le seoladh go hoifigiúil in 2018.
- Gur réachtáladh Comórtas Beo ag Oireachtas na Samhna ar an 1 Samhain. Rachaidh buaiteoirí an chomórtais, Jade Buttle agus Nóra Ní Mharáin, ar aghaidh le páirt a ghlacadh i gcomórtas amhráin le háit a bhaint amach ar dhlúthdhiosca Ceol 2018 i gcomhar le 2FM agus Raidió RíRá.
- Gur sheol Bláthnaid Ní Chofaigh an scéim Grúpaí le Gaeilge ar an 2 Samhain ag Oireachtas na Samhna agus cuireadh an fhoireann in aithne don phobal ag an gcéad sheisiún eolais mar chuid de chamchuairt Fhoras na Gaeilge.
- Gur mar chuid den tionscadal, *Do Ghairm le Gaeilge*, chuir Sinéad Ní Uallacháin (Raidió na Gaeltachta) painéal plé i láthair ag Oireachtas na Samhna ar an 4 Samhain.

Phléigh na rannpháirtithe, Micheál Ó Ciaraidh, Ursula Ní Shabhaois agus Cian Mac Carthaigh an buntáiste breise a thug an Ghaeilge dóibh ina saol oibre agus pearsanta.

04.160 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE

Tuairisc an Chathaoirligh

Thug an Cathaoirleach uasdátú ar na cruinnithe aonair a bhí aige leis na comhaltaí Boird. Chuir sé in iúl go raibh na comhaltaí sásta leis na cruinnithe Boird ar an Aoine, go raibh gá le clár ama bliantúil do na coistí ar fad, go raibh gá le níos mó eolais faoi struchtúir Fhoras na Gaeilge, an obair ar fad a dhéantar agus na scéimeanna ar fad a mhaoinítear. Mhínigh sé go raibh daoine sásta go raibh cáipéisí curtha ar fáil in am réasúnta, ach iarradh leathanach clúdaigh a chur le cáipéisí feasta a léiríonn údar, foinse agus stádas na cáipéise. Ardaíodh ceist faoi tháillí boird agus an difear idir an táille do chomhaltaí a ainmníonn an Rialtas ó thuaidh agus an Rialtas ó dheas. Iarradh an cheist a ardú leis na Ranna agus an CATT chun cothrom na Féinne a iarraidh. Pléadh ceist faoi chomhaltaí a mbíonn orthu saoire a thógáil le freastal ar chruinnithe Boird agus coistí. Iarradh ar an fheidhmeannas breathnú ar cheist sin agus ar cheist ‘Aon Duine, Aon Tuarastal’ freisin.

Coiste na nDeontas

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le hiarratais ar mhaoiniú Cholmcille.

Ainm eagrais	Uimhir thagartha	Méid lorgtha	Méid molta
An Clár as Gaeilge	CC17008	€12,000	€12,000
Cairde Teo	CC17013	£2,980	£2,980
Pobal ar an Iúl	CC17023	£3,696	£3,696
Raidió Fáilte	CC17024	£8,190	£8,190

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le hiarratais ar Scéim na bhFoilsitheoirí 2018.

Ainm eagrais	Uimhir thagartha	Méid lorgtha	Méid molta
Cois Life	CLG17151.01	€112,374	€101,962
Cló Iar-Chonnacht	CLG17151.03	€253,334	€165,600
Futa Fata	CLG17151.07	€133,227	€81,773
Leabhar Breac	CLG17151.05	€103,588	€63,000
Foilseacháin Ábhair Spioradálta	CLG17151.02	€27,927	€19,650
Arlen House	CLG17151.08	€52,500	€7,000
LeabhairCOMHAR	CLG17151.06	€101,350	€31,500
An Sagart	CLG17151.09	€66,100	€28,500
An tSnáthaid Mhór	CLG17151.11	€78,507	€16,000
Éabhlóid	CLG17151.04	€40,383	€19,900
Coiscéim	CLG17151.10	€153,865	€110,000

Ardaíodh ceisteanna faoi mhír ar iarratas ceann de na foilsitheoirí, agus moladh plé leis sin agus athbhreithniú á dhéanamh ar pholasaí Fhoras an Gaeilge ar aistriúcháin go luath in 2018.

Ardaíodh ceist faoi na hiarratais ar diúltaíodh dóibh agus míníodh go dtugtar tacaíocht chuí d'iarrthóirí le linn an phróisis iarratais agus go dtugtar aiseolas. Iarradh go ndéanfaí moltóir agus cuiditheoir d'iarratais ar dheontais a nótáil sna miontuairiscí ó na Coistí feasta.

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le hiarratais ar Scéim na dTionscadal Litríochta 2018.

Ainm eagrais	Uimhir thagartha	Méid lorgtha	Méid molta
IMRAM	CLG17152.11	€44,515	€40,000
Gaelchultúr / Clubleabhar.com	CLG17152.10	€41,692.42	€25,000
Móinín	CLG17152.06	€9,000	€9,000
Ionad an Léinn Éireannaigh OÉG	CLG17152.09	€11,900	€5,000
Éigse Éireann	CLG17152.07	€19,450	€9,000
Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge	CLG17152.08	€9,366	€9,000

Coiste Forbartha

Chuir Cathaoirleach an Choiste Forbartha in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste ar 4 Nollaig ag ar pléadh an t-aiseolas ón chruinniú a bhí ag an Bhord ar 25 Samhain. Tugadh ardmholadh don Phríomhfheidhmeannach agus do S. Ó Cearnaigh as an chruinniú a reáchtáil agus an cur i láthair a dhéanamh. Míníodh gur lorgaíodh ionchur ó na comhaltaí Boird nach raibh i láthair ag an cheardlann agus gur tugadh deis do na comhaltaí a bhí i láthair ionchur breise a thabhairt. Míníodh go raibh an sceideal do chruinnithe an Choiste Forbartha in 2018 á dhréachtú agus go scaipfí sin go luath.

Coiste Iniúchta

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ann ar 22 Samhain ag ar pléadh tuairisc an Iniúcháir Inmheánaigh ar phinsean, tuairisc ghlan a bhí i gceist agus rinneadh comhghairdeas leis an fhoireann airgeadais. Cuireadh in iúl gur pléadh an ráiteas dearbhúcháin agus litir an Iniúcháir Inmheánaigh maidir le bunachar sonraí an Rialtais ó thuaidh. Míníodh go raibh ceistneoir faoi 'Eifeachtúlacht an Choiste Iniúchta' le comhlánú ag an Choiste agus go mbeadh an tIniúcháir Inmheánach ag cabhrú leis an Choiste ina leith.

Coiste Cholmcille

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste ar 1 Nollaig ag ar pléadh dréacht-mheamram tuisceana agus iarradh moltaí ina leith a chur ar fáil don Stiúrthóirí Seirbhísí Forbartha. Míníodh go raibh sé i gceist ag an Choiste bualadh le hionadaithe ó Bhòrd na Gàidhlig. Míníodh gur thug An Dr. Brian Lacey cur i láthair don Choiste maidir le comóradh Cholmcille in 2020. Míníodh go raibh litir faighte ó ghrúpa i Nova Scotia a bhí ag iarraidh bualadh leis an Choiste. Cuireadh in iúl go raibh formhór bhuiséad Cholmcille caite. Rinneadh comhghairdeas le Muintearas as an chomhdháil seandálaíochta a reáchtáil siad i Meán Fómhair. Míníodh go ndearnadh athbhreithniú ar fheidhmíocht Choiste Cholmcille.

Coiste Osradhairc

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste ar 1 Nollaig ag ar pléadh feidhmíocht na gcoistí éagsúla Boird. Míníodh go mbeadh ballraíocht na gcoistí le hathrú agus go ndéanadh an Coiste moltaí don Bhord i leith na gCathaoirleach ag Cruinniú Boird mhí Eanáir, agus go gcuirfí moltaí i leith na mball faoi bhráid an Bhoird ag Cruinniú Boird mhí Feabhra. D'iarr an Cathaoirleach ar chomhaltaí a rogha féin a chur chuige maidir le ballraíocht na gcoistí, sa tuiscint go mbeadh an bhallraíocht le hathrú. Cuireadh in iúl gur thug an Leas-Phríomhfheidhmeannach cur i láthair don Choiste freisin agus gur aontaíodh táscairí feidhmíochta an Phríomhfheidhmeannaigh. Phléigh an Coiste na nósanna imeachta le haghaidh plé nuair a bhí baill den fheidhmeannas, seachas na stiúrthóirí, i láthair ar chruinnithe de na Coistí agus an Bord. Moladh gur ceisteanna a bhain le heolas agus míniú amháin a phléifí agus baill den fheidhmeannas i láthair, agus gur le stiúrthóirí amháin a dhéanfaí plé maidir le polasaí agus ar shubstaint an ábhair idir lámha.

05.160 TUAIRISC Ó CHOISTE BHLIAIN NA GAELIGE

D'fhág B. Ní Chofaigh an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.

Míníodh go raibh sraith cruinnithe ag Comhchoiste Bhliain na Gaeilge 2018 ag ar pléadh na nithe éagsúla a bhí le tarlú roimh dheireadh na bliana. Cuireadh in iúl go raibh Bláthnaid Ní Chofaigh, Eoghan McDermott agus Lynette Fay ainmnithe mar ambasadóirí do Bhliain na Gaeilge. Míníodh go raibh ceist an bhranda á plé ó tharla go raibh ábhar bolscaireachta déanta cheana féin leis an lógó a bhí cruthaithe ag Conradh na Gaeilge, ach go raibh lógó úr le forbairt bunaithe ar mholtaí dhearthóir Fhoras na Gaeilge a bheadh níos tarraingtí, agus nach mbeadh chomh casta leis an lógó reatha. Táthar ag súil go n-aontófar an lógó leis na rannpháirtithe ar an Chomhchoiste. D'aontaigh an Bord gur cheart branda neodrach neamhspleách tarraingteach a bheith ann. Iarradh a chinntiú go gclóifí go hiomlán le próiseas cú rialachais chorparáidigh agus maoiniú Bhliain na Gaeilge á dháileadh, agus moladh an maoiniú a chlárú mar riosca de bharr gur suim mhór maoinithe a bhí an Roinn a chur ar fáil go mall sa bhliain agus ar an ábhar nach mbeadh an maoiniú á chur trí ghnáthphróisis Fhoras na Gaeilge (Coiste na nDeontas). Tugadh soiléiriú gurb iad an Roinn ó dheas a bhunaigh Comhchoiste Bhliain na Gaeilge, agus go raibh an Príomhfheidhmeannach mar Chathaoirleach ar an Chomhchoiste. Cuireadh in iúl go mbeadh an Taoiseach ag fógairt Bhliain na Gaeilge ar an 20 Nollaig, agus go ndéanfaí Bliain na Gaeilge a sheoladh ar chlár oíche chinn bhliana TG4. D'iarr an Bord go dtabharfaí aitheantas cú d'Fhoras na Gaeilge as an urraíocht mhór a bhí déanta ar an chlár.

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná €389,209 a cheadú do Chonradh na Gaeilge do Bhliain na Gaeilge 2018.

Ainm eagrais	Uimhir thagartha	Méid lorgtha	Méid molta
Conradh na Gaeilge	1701049	€409,209	€389,209

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas d'uasmhéid €40,000 a cheadú d'Ealaín na Gaeltachta Teo. don tionscadal Aisling?

Ainm eagrais	Uimhir thagartha	Méid lorgtha	Méid molta
Ealaín na Gaeltachta Teo.	1701053	€40,000	€40,000

D’fhill B. Ní Chofaigh ag an pointe seo.

06.160 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 30 SAMHAIN AGUS BUISEAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2017

Scaipeadh cóip de cháipéis a léirigh an staid reatha ó thaobh airgeadais de agus bhí plé ina leith. Phléigh an Bord an ráiteas caiteachais agus an buiséad athbhreithnithe. Rinneadh tagairt do na costais chíosá agus dearbhaíodh go bhféadfaí iad a chumhdach taobh istigh de bhuiséad Seirbhísí Corparáideacha, agus nach mbainfí de na buiséid le haghaidh deontas. Ghlac an Bord leis an ráiteas caiteachais go 30 Samhain agus leis an bhuiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2017. Thug an Bord cead don Chathaoirleach, i gcomhair leis an Phríomhfheidhmeannach, deontais a cheadú agus athruithe a cheadú ar an bhuiséad athbhreithnithe san idirthréimhse go dtí an chéad chruinniú Boird eile. Cuireadh in iúl go raibh cuntais 2016 don Fhoras Teanga réidh le síniú agus thug an Bord cead don Chathaoirleach agus don Phríomhfheidhmeannach iad a shíniú.

07.160 RÁITEAS DEARBHÚCHÁIN

Pléadh an ráiteas dearbhúcháin. Moladh go gclárófaí an riosca a bhain le láimhseáil mhaoiniú Bhliain na Gaeilge 2018 ar an chéad ráiteas dearbhúcháin do 2018, i ndiaidh é a bheith pléite leis an Choiste Iniúchta. Ghlac an Bord leis an ráiteas dearbhúcháin.

08.160 COMHFHREAGRAS

Ní raibh aon ní le plé faoin mhír seo.

09.160 AON GHNÓ EILE

Cuireadh in iúl go mbeadh fógairt oifigiúil Bhliain na Gaeilge ann Dé Céadaoin an 20 Nollaig 2017 ar 12.00pm i Roinn an Taoisigh.

Pól Ó Gallchóir
Cathaoirleach
19 Eanáir 2018

Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2017

		27/01/20 17	24/02/20 17	07/04/20 17	19/05/20 17	23/06/20 17	21/07/20 17	22/09/20 17	03/11/20 17	08/12/20 17
Pól Ó Gallchóir	9/9	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Seán Mícheál Ó Domhnaill	9/9	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Gráinne McElwain	8/9	✓	✓	✓	X	✓	✓	✓	✓	✓
Bláthnaid Ní Chofaigh	7/9	✓	X	✓	✓	X	✓	✓	✓	✓
Seán Ó hArgáin	6/9	✓	✓	X	X	✓	X	✓	✓	✓
Seán Ó Coistealbha	8/9	✓	✓	X	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Conor McGuinness	6/9	✓	X	✓	✓	X	X	✓	✓	✓
Barra Ó Muirí	6/9	✓	✓	X	X	✓	X	✓	✓	✓
Maighréad Ní Chonghaile	9/9	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Mairéad Farrell	5/9	✓	✓	X	✓	X	✓	X	✓	X
Máire Ní Neachtain	9/9	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Sorcha Ní Chéide	8/9	✓	✓	✓	X	✓	✓	✓	✓	✓
Niall Ó Gallochobhair	8/9	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	X	✓